




An Ghníomhaireacht um
Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

Plean Gnó 2016





CLÁR NA NÁBHAR

Príomhthosaíochtaí	2
Brollach	5
Achoimre Feidhmiúcháin	6
1. Réamhrá	12
Forbhreathnú	
Fís, Misean, Luachanna, Iompraíocht	
Creat Plean Gnó 2016	
Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile	
Dúshláin agus Rioscaí	
2. Príomh-mhéadrachtaí agus Príomh-dhéimeagrafaíocht	16
3. Creat Airgeadais	
4. Pleanáil agus Forbairt an Lucht Oibre	
5. Athchóiriú um Chosaint agus Leas Leanaí	34
6. Ag Dul i dTreo na Coimhdeachta	37
7. Obair Ilgníomhaireachta	39
8. An Plean Corparáideach a Sheachadadh - Bliain a Dó	41
Aschur Gearrthéarmach A: Próisis um Chosaint Leanaí	42
Aschur Gearrthéarmach B: Próisis agus Córais Bunaithe ar Fhianaise	49
Aschur Gearrthéarmach C: Tacaíochtaí Teaghlaigh agus Tuismitheoireachta	54
Aschur Gearrthéarmach D: Oideachas Lánaimseartha i Seachadadh Seirbhíse	62
Aschur Gearrthéarmach E: Eagraíocht Oiriúnach don Fheidhm	64
9.0 Cáilíocht, Feidhmíocht agus Rialachas	71
Aguisín I - Rianaire Plean Gnó Samplach	76



PRÍOMHTHOSAÍOCHTAÍ IN 2016

Aschur A: Tá próisis agus córais um chosaint leanaí Tulsa ag freagairt do leanaí i mbaol ar mhodh tráthúil.

Cosaint agus Leas Leanaí	- Cur chuige a chinntiú maidir le freagairt d'atreoruithe lena soláthraítear freagairt éifeachtach, éifeachtúil agus chomhréireach ar bhonn comhsheasmhach. - Laghdú náisiúnta spriocdhírithe 60% ar chásanna ag feitheamh ar leithdháileadh.
Seirbhísí Cúram Altrama	- Líon na gcúramóirí altrama reachtúla faofa a mhéadú. - Feabhas a chur ar chéatadán na gcúramóirí altrama ag a bhfuil oibrí naisc leithdháilte agus socruithe tacaíochta eile. - A chinntiú go bhfuil oibrí sóisialta leithdháilte ag 100% de leanaí.
Seirbhísí Cónaithe	- Spleáchas ar chúram cónaithe a laghdú trí dhiantacaíochtaí pobalbhunaithe a fhorbairt. - Comhlíonadh na rialachán úr do chúram speisialta a chinntiú agus riachtanais chlárúcháin a chomhlíonadh. - Athbhreithniú a dhéanamh ar oiriúnacht na seirbhísí cónaithe reatha do leanaí níos sine a bhfuil a n-íompraíocht dúshlánach agus feabhas a chur ar an gcumas seirbhíse freastal ar a riachtanais.
Uchtú	- Lámhleabhar maidir le Leanaí faoi Chúram go hUchtú a fhoilsiú. - Cartlann eatramhach shlán, inrochtana agus láraithe a bhunú do thaifid um uchtú. - An liosta feithimh maidir le seirbhísí faisnéise agus rianaithe a laghdú.

Aschur B: Tá gach próiseas agus gach córas lena gcuirtear bonn taca faoi bheartas agus faoi sheirbhísí teaghlaigh bunaithe ar fhianaise.

Beartas agus Straitéis	- Creat rialachais a bhunú chun forbairt chomhsheasmhach beartas, nósanna imeachta, prótacal agus doiciméid treorach a chinntiú. - Tús Áite do Leanaí a chur i bhfeidhm ar aon dul le dátaí tosaithe reachtacha. - Straitéis um Chúram Malartach a fhorbairt.
Dearbhú Cáilíochta	- An Creat um Dhearbhu Cáilíochta a chur i bhfeidhm agus an tsaolré fhéinmheasúnaithe i ngach seirbhís Tulsa a chur i gcrích. - Athbhreithniú a dhéanamh ar chosaint agus leas leanaí agus ar sheirbhísí leanaí faoi chúram chun measúnú a dhéanamh ar thionchar agus ar thorthaí arna seachadadh do leanaí. - Córas gearán agus aiseolais Tulsa - 'Tell Us' a chur i bhfeidhm. - Cleachtais agus córais um bainistíocht rioscaí agus teagmhas a chur i bhfeidhm. - Córais chomhtháite tuairiscithe agus mhaoirsithe um fheidhmíocht a fheabhsú.

Ashcur C: Raon spriocdhírthe tacaíochtaí teaghlaigh agus tuismitheoireachta

Tacaíocht Teaghlaigh	- Leanúint le Meitheal a chur i bhfeidhm laistigh den Ghníomhaireacht agus le heagraíochtaí comhpháirtíochta. - Straitéis Náisiúnta maidir le Rannpháirtíocht do Leanaí agus do Dhaoine Óga a fhorbairt. - Ionaid Acmhainní Teaghlaigh agus cláir chomhairleoireachta a chomhtháthú i gCreat um Sheachadadh Seirbhísí Tulsa. - Ullmhacht Ionaid Acmhainní Teaghlaigh chun cur leis an gclár athlonnaithe do dhídeanaithe a chinntiú.
ACTS	- Feabhas a chur ar chumas Fhoireann ACTS chun freastal ar riachtanais na leanaí faoi chúram a bhfuil a n-iompraíocht dúshlánach. - Seirbhísí a chur ar fáil do leanaí a léiríonn iompraíocht dhíobhálach ghnéis.
Foréigean Baile, Gnéis agus Inscne	- Foireann Seirbhísí Náisiúnta DSGBV iomlán a bhunú. - Creat caighdeánach um monatóireacht agus um thuairisciú a chur i bhfeidhm do DSGBV. - Cur le cur i bhfeidhm Choinbhinsiún Iostanbúl.
Coimisiúnú seirbhísí	- An cur chuige um choimisiúnú a chur i bhfeidhm le gach eagraíocht atá maoinithe go seachtrach. - Socrúithe rialachais le heagraíochtaí atá maoinithe go seachtrach a fheabhsú.
An Rialachán maidir le Seirbhísí na Luathbhlianta	- Próisis agus córais úra chigireachta bunaithe ar na rialacháin úra a chur i bhfeidhm. - Lár-Oifig Chlárúcháin a bhunú.

Aschur D: Tá freastal, rannpháirtíocht agus coinneáil in oideachas lánaimseartha leabaithe i seachadadh seirbhíse do gach leanbh

Seirbhísí Leasa Oideachais	- Cur chuige comhtháite maidir le bainistíocht seirbhíse a chur i bhfeidhm. - Córas Bainistíochta Líon Cásanna a bhunú. - A bheith rannpháirteach le hathbhreithniú DEIS de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le ról an SCP agus an HSCL amach anseo. - Plean a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm bunaithe ar mholtaí athbhreithniú ITES ar an SCP. - Leanúint le hailíniú a dhéanamh ar EWS le Creat um Sheachadadh Seirbhísí Tulsa. - Córais a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar rannpháirtíocht oideachais na leanaí uile faoi chúram. - Beartas a tháirgeadh chun tacú le rannpháirtíocht leanaí leochaileacha san oideachas.
Scoileanna neamh-aitheanta agus Oideachas Baile	Aistriú Alt 14 chuig an Stiúrthóireacht um Dhearbhú Cáilíochta agus na próisis agus na córais ghaolmhara a athchóiriú.

Aschur E: Eagraíocht oiriúnach don fheidhm chun rún straitéiseach na Gníomhaireachta a sheachadadh

Acmhainní Daonna	- Baill foirne bhreise a earcú chun dul i ngleic le rioscaí seirbhíse agus bearnaí sa chumas eagraíochtúil. - Feabhas a chur ar mhaoirsiú agus ar bhainistíocht feidhmíochta don fhoireann ar fad. - Amlínte a laghdú d'earcú baill foirne d'fholúntais ó 6 mhí go 4 mhí. - Plean straitéiseach lucht oibre a fhorbairt. - An Plean um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach a chur i bhfeidhm.
Bainistíocht Airgeadais	- Bainistíocht éifeachtúil airgeadais a chur i bhfeidhm lena chinntiú go bhfanann an Ghníomhaireacht laistigh dá leithdháileadh do 2016. - Samhail Leithdháilte Acmhainní a fhorbairt.
TFC	- Straitéis TFC a fhorbairt do Tulsa agus feabhas a chur ar an mbonneagar TFC. - Rochtain chothrom a chinntiú ar bhonneagar TFC FSS chun líonrú, óstáil agus tacaíocht d'fheidhmchláir Tulsa a éascú.
Eastáit	- An plean caipitil a sheachadadh chun dul i ngleic leis na príomhthosaíochtaí do 2016. - Straitéis na nEastát a chur i bhfeidhm.
Dearadh agus Rialachas Eagraíochtúil	- An dearadh eagraíochta úr a chur i bhfeidhm faoin Oifig Bainistíochta Tionscadal. - Measúnú a dhéanamh ar riachtanais soláthair foirne maidir leis an dearadh úr ar gach leibhéal. - Socruithe a dhéanamh d'atheagrú an lín foirne ar aon dul leis na riachtanais um measúnú, an dearadh eagraíochta agus bonneagar. - Bonneagar logánta a bhunú chun tacú le seachadadh seirbhíse e.g. acmhainní daonna, airgeadas, tacaíocht ghnó.
Sláinte agus Sábháilteacht	- Anailís a dhéanamh ar bhearnaí ar fud na Gníomhaireachta i ndáil le comhlíonadh na reachtaíochta sláinte agus sábháilteachta. - Clár oibre a fhorbairt chun dul i ngleic leis an rioscaí a aithneofar san anailís ar bhearnaí.
Dlíthiúil	- Seirbhísí dlí a fhoinsiú go himmheánach chun caiteachas dlí a laghdú. - Córas inmheánach a bhunú chun athbhreithniú agus anailís a dhéanamh ar fhaisnéis feidhmíochta i ndáil le seirbhís dlíthiúla. - Córas inmheánach a bhunú chun maoirseacht a dhéanamh ar ghnóthais bhaill.
Cumarsáid	- Feabhas a chur ar an gcumarsáid inmheánach. - Feabhas a chur ar fheasacht poiblí fheidhmeanna agus chuspóir Tulsa.



BROLLACH

Bunaíodh an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach ag tráth ina raibh géarchéim agus neamhchinnteacht. Le linn na chéad dá bhliain, rinneadh bearta tosaigh tábhachtacha chun muinín a fáil ar ais, cumas a mhéadú agus feabhas a chur ar chleachtas. Bhí an dul chun cinn dúshlánach i gcoinne cúlra ina raibh srianta airgeadais ann ach tugadh athchóirithe isteach, cuireadh feabhas ar sheirbhísí agus táthar á fheiceáil go bhfuil Tulsa ag freagairt do riachtanais leanaí trí leas a bhaint as láidreachtaí teaghlach agus pobal.

Cé go bhfuil a lán de chreidiúint don rath ag dul do thiomantas, obair chrua agus gairmiúlacht fhoireann agus chomhpháirtithe Tulsa, ní mór todhchaí inbhuanaithe a bhunú anois. Le linn 2015, forbraíodh cás gnó ar a dtugtar *From Survival to Sustainability*, chun breac-chuntas a dhéanamh ar na hacmhainní is gá chun na Ghníomhaireacht a chur ar sheasamh inbhuanaithe thar thréimhse trí bliana.

Mar fhreagairt ar an gcás a leagadh amach, leithdháil an tAire Gnóthaí Leanaí agus Óige maoiniú €676.042 milliún do Tulsa in 2016 - méadú sa bhreis ar 5% ar an soláthar in 2015. Bhí fáilte roimh an mbeart seo agus cuirtear an Ghníomhaireacht ar an mbealach chuig an inbhuanaitheacht leis. Leis an ngeilleagar feabhsaithe agus an tsocraíocht airgeadais fheabhsaithe do Tulsa beifear ábalta dul i ngleic le príomhcheisteanna leagáide; dá bhrí sin, cinnteofar go mbeidh Tulsa fós ina sholáthraí seirbhíse agus ina thacadóir saorbhreathach, cuimsitheach agus freagrúil do leanaí agus do theaghlaigh.

Áirítear leis na tionscnaimh phríomha sa Phlean Gnó:

- Samhail um leithdháileadh oibiachtúil acmhainní a thabhairt isteach le bonn eolais a chur faoi dháileadh acmhainní úra.
- Pleananna chun dul i ngleic le riaráistí míshásúla na gcásanna nár leithdháileadh.
- Cur chuige ildisciplíneach a thabhairt isteach ag Tulsa a thagann le riachtanais leasa shíceolaíocha leanaí agus a dteaghlach.
- An bonneagar eagraíochtúil a neartú chun tacaíocht uasta a chinntiú maidir le seachadadh seirbhíse agus rialachas láidir.
- Cur chuige um choimisiúnú a thabhairt isteach do gach eagraíocht atá maoinithe go seachtrach.
- Rannpháirtíocht san oideachas a chur chun cinn.
- Taighde a dhéanamh ar chuir chuige luath-idirghabhála níos córasaí chun tacú le sainghrúpaí leochaileacha.
- Tionscnaimh um Dhearbhuí Cáilíochta a chur chun cinn lena n-áirítear an Córas Fógartha um Chosaint Leanaí.
- Imscrúduithe Alt 3 a chur i bhfeidhm ar modh tráthúil agus cóir.

Tá Tulsa tiomanta dá fhís a chinntiú go bhfuil gach leanbh sábháilte agus go bhfuil a n-acmhainneacht iomlán á baint amach acu. Dá bhrí sin, is é príomhthionscnamh in 2016 cur chuige leanaí uile maidir le seachadadh seirbhísí leanaí a chur chun cinn. Ní féidir le Tulsa é sin a bhaint amach leis féin. Agus ról uathúil na Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach i seachadadh seirbhísí leanaí á mheabhú, cuirtear béim sa Phlean Gnó seo ar oibriú comhoibríoch agus comhordaithe leis an earnáil ENR, gníomhaireachtaí stáit eile agus Ranna Rialtais.

Cuireann Plean Gnó 2016 beart tábhachtach i láthair i dtreo an misean a bhaint amach atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach um sheirbhísí páistelárnacha, tacúla, comhordaithe agus fianaise-bhunaithe a dhearadh agus a sheachadadh lena ndéantar dícheall torthaí dearfacha a chinntiú do leanaí.

Clár oibre corraitheach is ea é seo agus tá mé an-sásta é a chur ar aghaidh.

Gordon Jeyes

Príomhfheidhmeannach



Tusla — an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Réamhrá

Is é Tulsa an ghníomhaireacht stáit thiomanta atá freagrach as feabhas a chur ar fholláine agus ar thorthaí do leanaí. Ag baint leas as láidreachtaí na dtrí shraith ónar forbraíodh é, leanann an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach le raon seirbhísí ó luath-idirghabháil agus cosc go seirbhísí géarchéime a sheachadadh.

Plean Gnó 2016 agus Ráiteas maidir le Feidhmíocht

Gach bliain ullmhaítear Plean Gnó de réir cheanglais Alt 46 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013. Is é Plean Gnó 2016 an dara ceann de thimthriall trí bliana agus cuirtear taca faoi le Plean Corparáideach 2015 - 17, faisnéis feidhmíochta na Gníomhaireachta (Caibidil 2) agus cuirtear san áireamh ann chomh maith an treoir atá tugtha sa Ráiteas maidir le Feidhmíochta a d'eisigh an tAire. Anuas air sin, cuimsítear gníomhartha i bPlean Gnó 2016 nár cuireadh i gcrích i bPlean Gnó 2015 nó atá á leanúint uaidh.

Éachtaí

Áirítear ar na héachtaí go dtí seo:

- Samhail Chreata um Sheachadadh Seirbhísí curtha i bhfeidhm.
- Feabhas ar sheachadadh seirbhíse e.g. laghdú 26% i gcásanna a bhí ag feitheamh ar leithdháileadh in 2015.
- Cuntasacht neartaithe le freagracht shoiléir bainistíochta líne.
- Dearbhú cáilíochta inmheánach agus tuarascálacha feidhmíochta comhtháite le bonn eolais a chur faoi thionscnaimh fheabhsaithe seirbhíse.
- Cumarsáid oscailte agus thrédhearcach maidir le freagrachtaí agus gníomhaíochtaí.
- Leithdháileadh buiséid bunaithe ar anailís ar riachtanais.
- Foilsiú Phlean Corparáideach 2015 - 17 agus Plean Gnó bliantúil in 2014 agus 2015.
- Cur Chuige Bunaithe Fhianaise - Catalóg Náisiúnta Beartas, Tionscnaimh chun Cleachtóirí agus Cleachtas a Chumhachta, clár um Luath-Idirghabháil.

Príomhthosaíochtaí 2016

- Leagtar amach sa doiciméad seo plean oibre uailmhianach do 2016 ina bhféachtar le seirbhísí freagrúla bunaithe ar fhianaise a chuireann an leanbh i dtús i gcónaí a sholáthar.
- Cinnteofar le raon leathan tacaíochtaí a sheachadfar do theaghlaigh go bhfuil na freagairtí seirbhíse tráthúil, bunaithe ar fhianaise agus comhréireach.
- Tabharfar aghaidh le gníomhartha faoi leith ar chásanna ag feitheamh ar leithdháileadh a laghdú.
- Soláthróidh Meitheal creat le haghaidh oibriú idirghníomhaireachta éifeachtúil, agus soláthróidh an CPNS faisnéis rithabhachtach i ndáil le leanaí i mbaol.
- Cinnteoidh Grúpa Náisiúnta um Maoirseacht Bheartas go ndéanfar beartais agus nósanna imeachta a bhaineann le Tulsa a chomhordú agus a chur in iúl go héifeachtúil don fhoireann

ionas go mbeidh gach duine a oibríonn do leanaí agus dá dteaghlaigh agus a oibríonn leo ar an eolas faoin gcomhthéacs ina seachadtar na seirbhísí sin.

- Déanfar tuilleadh forbartha ar Chigireacht na Luathbhlianta chomh maith leis na seirbhísí chun tacú le híospartaigh an fhoréigin bhaile, ghnéis agus inscne, agus seirbhísí teiripeacha.
- Cinnteoidh chuige comhtháite maidir le Seirbhísí Leasa Oideachais tacaíocht leanúnach na rannpháirtíochta oideachais do gach leanbh.
- Forbrófar samhail leithdháilte acmhainní chun leithdháileadh cothrom na n-acmhainní agus na hinfheistíochta atá ar fáil a chinntiú.
- Déanfar earcaíocht agus coinneáil baill foirne a athbhunú.
- Leanfar le hiarrachtaí leanúnach chun córas éifeachtúil TFC a bhunú.
- Cuirfear modhanna níos costéifeachtúla lena gcinnteofar go bhfuil cearta leanaí á gcosaint chun cinn le seirbhísí dlíthiúla.
- Tabharfar faoi phríomhchlár um mór-oibreacha agus mion-oibreacha caipitil.

Príomhrioscaí

Áirítear ar na rioscaí a bhaineann leis na tosaíochtaí thuas a bhaint amach:

- Tionchar féideartha an éilimh mhéadaithe ar sheirbhísí mar thoradh ar reachtaíocht Thús Áite do Leanaí.
- An cumas agus inniúlacht riachtanais aitheanta foirne a earcú in 2016.
- Easpa leithdháilte caipitil d'infheistíocht i mbonneagar TFC.
- Cumas agus inniúlacht TFC maidir le gníomhartha a sheachadadh.
- Comhspleáchas leanúnach ar FSS le haghaidh seirbhísí riachtanacha.
- Leithdháileadh buiséid ar bith chun tacú le híoscaíochtaí dámhachtainí faoin nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát.

Tá gníomhartha maolaithe in éadan na rioscaí sin sainaitheanta i gCuid 1.

Méadrachtaí agus Déimeagrafaíocht

Leagtar amach i gCuid 2 na príomh-mhéadrachtaí lenar cuireadh bonn eolais faoi Phlean Gnó 2016.

- méadú 5% ar iomlán na n-atreoruithe chuig na seirbhísí sóisialta ó bhí 2012 ann ó 40,187 go 43,630.
- Laghdú 4% sna hatreoruithe mí-úsáid leanaí/faillí agus méadú 12% ar atreoruithe leas leanaí don tréimhse chéanna.
- Laghdú 2,460 ar líon na gcásanna ag feitheamh ar leithdháileadh ó ráithe a haon in 2014 go dtí ráithe a trí in 2015.

Tá sonraí leagtha amach chomh maith i ndáil le hiarchúram, Cigireacht na Luathbhlianta agus na Seirbhísí um Thacaíocht Teaghlaigh agus Leas Oideachais.

Creat Airgeadais

Cé go bhfuil dúshlán fós ann, cuireann an Ghníomhaireacht fáilte roimh an gcinneadh maoiniú €676.042 milliún a chur ar fáil do Tulsa in 2016 - méadú sa bhreis ar 5% ar an soláthar in 2015 agus leagtar amach i gCuid 3 an creat airgeadais i ndáil leis an acmhainn seo. Cuirfidh Daonchairdeas an Atlantaigh maoiniú breise €2.0 milliún ar fáil.

Is é seo a leanas déanamh an leithdháilte airgeadais:

Catagóir	Foinse	Leithdháileadh (€m)
Pá		245.494
Liúntas Cúram Altrama agus Liúntas Eile		120.766
Cúram Príobháideach agus Cónaithe agus Altrama		92.589
Dlíthiúil (lena n-áirítear costais GAL)		29.000
Socruithe deontais faoi alt 56		141.754
Neamhphá eile		34.879
Leithdháileadh Comhlán	RGLÓ - 662.482 Daonchairdeas an Atlantaigh - 2.000	664.482
Leithreasaí i gCabhair		(19.069)
Leithdháileadh Glan		645.413
Leithdháileadh Caipitil		13.560

Tábla A: Leithdháileadh Airgeadais do 2016

Níor áiríodh maoiniú breise molta €1.1 milliún do na Luathbhlianta sa mhaoiniú sa tábla thuas.

Leis an leithdháileadh maoiniúcháin in 2016 beidh Tulsa ábalta baill foirne bhreise a earcú agus acmhainní breise a fháil. Cuirfidh sé ar chumas na Gníomhaireachta chomh maith aghaidh a thabhairt ar líon rioscaí agus aghaidh a thabhairt ar réimsí eile ar a dteastaíonn feabhas in 2016:

Laghdú suntasach a dhéanamh ar líon na gcásanna ag feitheamh ar leithdháileadh ar oibrí sóisialta.

- Straitéis TFC a fhorbairt chun cuidiú le hobair thúslíne agus bainistíocht sonraí agus leanúint le forbairt an NCCIS.
- Socruithe bainistíochta agus rialachais a neartú ar gach leibhéal laistigh den eagraíocht.
- Feabhas a chur ar shaoráidí cúraim chónaithe, go háirithe saoráidí cúraim speisialta.
- Straitéis um chúram malartach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Pleanáil agus Forbairt an Lucht Oibre

Leagtar amach i gCuid 4 socruithe um Pleanáil agus Forbairt an Lucht Oibre do Tulsa, agus is iad seo a leanas na príomhghnéithe:

- Líon foirne coibhéiseach lánaimseartha 4,167 do 2016 agus buiséad pá lena mbaineann de €245.494 milliún.
- Caiteachas próifíle pá mhíosúil €192.909 milliún suas go dtí deireadh ráithe a trí in 2015
- Oifig Bainistíochta Tionscadal a bhunú chun plean tionscadal a dhearadh chun an dearadh eagraíochta úr a chur i bhfeidhm.
- Na príomhghníomhartha a theastaíonn le feabhas a chur ar chumas na stiúrthóireachta um acmhainní daonna baill foirne bhreise a earcú i gcoinne an ardaithe ar an mbuiséad.
- Príomheilimintí na straitéise earcaíochta agus coinneála do 2016 lena n-áirítear Earcú Tulsa, laghdú ar amlínte earcaíochta, anailís ar sholáthar agus éileamh, meascán acmhainne agus scileanna foirne, bainistíocht choinneála agus freastail agus forbairt an lucht oibre.

Athchóiriú um Chosaint agus Leas Leanaí

Beidh líon tionscnamh ar bun in 2016 lena spreagfar athchóiriú na seirbhísí um chosaint agus leas leanaí. Déanfar an t-athchóiriú seo a chuimsiú i bhforbairt na Straitéise um Chosaint agus Leas Leanaí. Déantar breac-chuntas i gCuid 5 ar dhá cheann de na príomhthionscnaimh maidir leis an athchóiriú seo lena gcuirfear bonn eolais faoin rún straitéiseach faoi mar a leanas:-

- Líon na gcásanna ag feitheamh ar leithdháileadh ar oibrithe sóisialta a laghdú.
- Ullmhú agus forbairtí do Thús Áite do Leanaí

Coimhdeacht

Tionóladh comhairliúchán fairsing in 2015 le foireann Tulsa maidir leis an tsamhail eagraíochtúil agus an struchtúr eagraíochtúil a theastaíonn chun an Ghníomhaireacht a chur ar sheasamh inbhuanaithe. Díríodh sa chomhairliúchán ar iniúchadh a dhéanamh ar na córais agus próisis seachadta seirbhíse is éifeachtúla laistigh de Tulsa. Moltar in athbhreithniú na heagraíochta seo, i gcomhar le tuarascáil an Tascfhórsa ar an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh agus Leanaí (2012), go n-aistreodh an Ghníomhaireacht ón dearadh eagraíochta trí shraith go dearadh dhá shraith agus go mbeadh an choimhdeacht ag croílár na samhla. Cuimsítear seachadadh seirbhíse sa tsamhail dhá shraith, go príomha Réimsí na seirbhíse, agus an Oifig Náisiúnta. Tá an t-aistriú go dtí an tsamhail choimhdeachta leagtha amach i gCuid 6.

Obair Ilníomhaireachta

Bhí toilteanas agus cumas oibriú ar bhealach comhoibríoch leis na páirtithe leasmhara uile rithabhachtach do rath obair Tulsa go dtí seo. Déantar obair na Gníomhaireachta i ndlúth-chomhoibriú leis na heagraíochtaí comhpháirtíochta sa earnáil ENR, gníomhaireachtaí Stáit eile agus Ranna Rialtais ar fud na seirbhísí lena n-áirítear meabhairshláinte, an Garda Síochána, ceartas na hóige, oideachas agus iad siúd a oibríonn le grúpaí leochaileacha. Tá cur síos déanta i gCuid 7 ar an obair atá beartaithe sna réimsí sin.

Go sonrach oibríonn an Ghníomhaireacht go dlúth leis an Roinn Gnóthaí Leanaí agus Óige atá freagrach as ‘*Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: An Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga, 2014 - 2020*’ ina leagtar amach clár oibre agus tosaíochtaí an Rialtais i ndáil le leanaí agus daoine óga thar an gcéad seacht mbliana eile. Cuirfidh Tulsa le seachadadh an chearta náisiúnta agus leis an gclár reachtaíochta a bhaineann le hiarchúram, uchtú, agus Tús Áite do Leanaí, lena n-áirítear socruithe i leith tuairisciú éigeantach agus clár um neamhchomhlíonadh d’eagraíochtaí nach gcloíonn lena n-oibleagáidí um chosaint.

An Plean Corparáideach a Sheachadadh Bliain 2

Sainítear líon réimsí agus gníomhartha tosaíochta i bPlean Gnó 2016 atá eagraithe faoin gcúig Aschur Ghearrthéarmacha sa Phlean Corparáideach atá leagtha amach go mion i gCaibidil 8 agus a bhfuil achoimre déanta orthu thíos:

Aschur: Tá próisis agus córais um chosaint leanaí Tulsa ag freagairt do leanaí i mbaol ar mhodh tráthúil.

- Le hullmhú do thosú reachtaíocht Thús Áite do Leanaí díreoidh Foireann Náisiúnta um Chur i bhFeidhm ar fhorbairt na bpríomhriachtanas lena n-áirítear córais tuairiscithe agus freagairtí faoi shainordú, faisnéis agus treoir maidir le cúnamh faoi shainordú, oiliúint agus ríomhfhoghlaim, agus faisnéis agus comhairle maidir le forbairt ráiteas um chosaint. Áireofar air sin clár um neamhchomhlíonadh a bhunú.
- Tacaíocht chomhsheasmhach a dhearbhu do gach duine óg a fhágann cúram chun páirt a ghlacadh in oideachas agus oiliúint agus comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil do gach fágálaí cúraim. Áireofar air sin athbhreithniú a dhéanamh ar an mBeartas Náisiúnta larchúraim agus ullmhú do reachtaíocht úr lena gcinnteofar go mbeidh ceart reachtúil ag gach duine óg incháilithe ar phlean iarchúraim.
- Cur i bhfeidhm na leasuithe atá molta faoin mBille Uchtála (Faisnéis agus Rianú) 2015.
- Tabharfar aghaidh i bplean mionsonraithe ar na heasnamh acmhainní i réimsí áirithe chun laghdú suntasach a dhéanamh ar líon na gcásanna ag feitheamh ar leithdháileadh ar oibrí sóisialta.
- Déanfar foirne ildisciplíneacha na Leanaí faoi Chúram a leathnú chun ceithre fhoireann réigiúnacha a sholáthar mar aon le cumas feabhsaithe chun tacú le leanaí faoi chúram a bhfuil a n-iompraíocht dúshlánach.

Aschur B: Tá gach próiseas agus gach córas lena gcuirtear bonn taca faoi bheartas agus faoi sheirbhísí teaghlaigh bunaithe ar fhianaise.

- Déanfar athbhreithniú cáilíochta ar na torthaí maidir le Cosaint agus Leas Leanaí agus Seirbhísí Leanaí faoi Chúram chomh maith le hathbhreithnithe agus iniúchtaí cáilíochta téamúla.
- Cur i bhfeidhm Bheartas Bainistíochta Teagmhas Tulsa agus cur i bhfeidhm iomlán an Chórais Náisiúnta um Bainistíocht Teagmhas (CNBT).

- Cur i bhfeidhm bheartas agus nós imeachta aiseolais agus gearán Tulsa - *Tell Us* agus modúl gearán CNBT. Déanfar modheolaíochtaí nuálacha d'úsáideoirí seirbhíse chun aiseolas a chur ar fáil a fhorbairt agus déanfar suirbhé náisiúnta um úsáideoirí seirbhíse. Comhlánóidh cur i bhfeidhm bheartais shainiúla um Nochtadh faoi Chosaint agus Meon Macánta Tulsa an obair seo.
- Déanfar Beartas Bainistíochta Riosca Tulsa a chur i bhfeidhm mar aon le hoiliúint in 2016 agus déanfar athbhreithniú náisiúnta ar an gClár Rioscaí.
- Déanfar forbairt bheartas a chaighdeánú trí Ghrúpa Náisiúnta um Maoirseacht Bheartas a bhunú. Tabharfar an Lámhleabhar um Chosaint agus Leas Leanaí cothrom le dáta.
- Cuirfear Creat um Dhearbhu Cáilíochta Tulsa i bhfeidhm, lena n-áireofar saolré fhéinmheasúnaithe iomlán do gach seirbhís.
- Forbrófar an Straitéis um Chúram Malartach. Forbrófar Lámhleabhar maidir le Leanaí faoi Chúram go hUchtú.

Aschur C: Raon spriocdhírithe tacaíochtaí teaghlaigh agus tuismitheoireachta.

- Tuileadh forbartha ar Sheirbhísí um Thacaíocht Tacaíocht Teaghlaigh trí earcaíocht post breise i gCosc, Comhpháirtíocht agus Tacaíocht Teaghlaigh agus soláthar oiliúna breise i Meitheal.
- Forbrófar Aonad Tacaíochta Coimisiúnaithe agus saolré choimisiúnaithe bhliantúil.
- Déanfaidh Cigireacht na Luathbhlianta próisis agus córais úra a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir leis an rialacháin úra. Bunófar lár-oifig chlárúcháin agus forbrófar córas TFC chun tacú le cigireacht arna spreagadh ag faisnéis.
- Áirítear ar na tosaíochtaí do sheirbhísí Foréigean Baile, Gnéis agus Inscne (DSGBV): cur i bhfeidhm córais rialachais agus mhaoirseachta; cur i bhfeidhm Choinbhinsiún Iostanbúl; creat tuairiscithe le haghaidh seirbhísí maoinithe (DSGBV); córais TFC a fhorbairt chun tacú le seachadadh seirbhísí; agus treoir náisiúnta cleachtais agus paca oiliúna.
- Cuirfear plé maidir le seirbhísí a bhaineann le leas síceolaíoch leanaí agus teaghlach le RGLÓ agus FSS i gcrích.

Aschur D: Tá freastal, rannpháirtíocht agus coinneáil in oideachas lánaimseartha leabaithe i seachadadh seirbhíse do gach leanbh.

- Cuirfear na torthaí as an athbhreithniú ar an gClár Críochnú Scoile i bhfeidhm agus glacfar cur chuige comhtháite maidir le bainistíocht seirbhíse.
- Leanfar le hobair ar ailíniú Seirbhísí Leasa Oideachais le Creat um Sheachadadh Seirbhíse Tulsa.
- Cuirfear an t-athbhreithniú ar threoir um measúnú Alt 14 do leanaí a oiltear i scoileanna neamhaitheanta i gcrích.
- Déanfar gnóthachtálacha agus rannpháirtíocht oideachais na leanaí uile faoi chúram a thomhas. Forbrófar beartas chun tacú le rannpháirtíocht leanaí leochaileacha san oideachas.

Aschur E: Eagraíocht oiriúnach don fheidhm chun ár rún straitéiseach a sheachadadh


- Socruithe bainistíochta agus rialachais a neartú ar gach leibhéal laistigh den eagraíocht. Déanfar an bonneagar corparáideach a neartú lena chinntiú gur eagraíocht éifeachtach, éifeachtúil agus fhreagrúil a bheith i Tulsa.
- Straitéis TFC a fhorbairt chun cuidiú le hobair thúslíne agus bainistíocht sonraí agus leanúint le forbairt an NCCIS.
- Seirbhís éifeachtach agus éifeachtúil a earcaíochta a fhorbairt chun tacú le hearcaíocht post úr in 2016.
- Seirbhís dhlíthiúil Tulsa a fhorbairt tuilleadh chun obair níos cost-éifeachtúla a chur chun cinn ar mhaithe le leanaí.
- Leanfar le Straitéis Eastát Tulsa a chur i bhfeidhm agus tabharfar faoi phríomhchlár um mór-oibreacha agus mion-oibreacha caipitil.
- Forbrófar Straitéis Luach ar Airgead.
- Forbrófar Samhail Leithdháilte Acmhainní.
- Tabharfar isteach socruithe feabhsaithe rialachais le faighteoirí deontais.
- Forbrófar straitéis chun luachanna agus iompar Tulsa a leabú isteach sa Phlean Corparáideach.

Feidhmíocht agus Rialachas

Tá cur síos déanta ar shocruithe 2016 maidir le feidhmíocht agus rialachas i gCuid 9 agus áirítear orthu:

- Maoirseacht ar Fheidhmíocht agus Grúpa Náisiúnta um Dhearbhu Feidhmíochta a chur ar bun.
- Rialachas a neartú tríd an tsamhail eagraíochtúil úr
- Tabhairt isteach Chreat um Dhearbhu Cáilíochta na Gníomhaireachta chun féinmheasúnú a chur chun cinn agus a fheabhsú tuilleadh.
- Féinmheasúnú a thabhairt isteach ionas go mbeifear ábalta seirbhísí a thomhas i gcoinne na dtí phrionsabal cáilíochta atá ina sainghné de sheirbhísí cáilíochta i.e. duinelárnach, stiúrtha go maith agus sábháilte.

Déanfar seachadadh na dtosaíochtaí agus na ngníomhartha seirbhíse atá leagtha amach i bPlean Gnó 2016 a rianú, a athbhreithniú agus a mhonatóirí ar bhonn ráithiúil. Úsáidfear an teimpléad sin chun Plean Gnó 2016 atá soláthartha in Aguisín 1 a rianú agus a mhonatóirí. Cuirfear tuarascáil bunaithe ar an dul chun cinn i gcoinne an phlean gnó isteach chuig an mBord agus chuig an RGLÓ ar bhonn ráithiúil.



1.0 RÉAMHRÁ

1.1 Forbhreathnú

An 1 Eanáir 2014 rinneadh aonán dlíthiúil neamhspleách de Tulsa, ag cuimsiú:

- Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- An Gníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh.
- An Bord Náisiúnta um Leas Oideachais.

Ina theannta sin, rinneadh roinnt seirbhísí síceolaíocha agus raon seirbhísí a bhaineann le foréigean baile, gnéis agus inscne a chomhtháthú faoi shainchúram na Gníomhaireachta úir chomh maith.

Bhí comhtháthú trí eagraíocht ar leith isteach i ngníomhaireacht chomhtháite dúshlánach ach rinneadh a lán dul chun cinn maidir le haonán singil a fhorbairt ina soláthraítear seirbhísí do leanaí agus do theaghlaigh.

I dtráth déine, seachadadh raon suntasach feabhsuithe uileghabhálacha le tiomantas agus díograis chun seachadadh rialachais agus seirbhíse a neartú:

- Samhail Chreata um Sheachadadh Seirbhísí curtha i bhfeidhm.
- Feabhas ar sheachadadh seirbhíse e.g. laghdú 26% i gcásanna a bhí ag feitheamh ar leithdháileadh in 2015.
- Rinneadh cuntasacht a neartú le freagracht bainistíochta líne shoiléir.
- Cuireann dearbhú cáilíochta inmheánach agus tuarascálacha feidhmíochta comhtháite bonn eolais faoi thionscnaimh fheabhsaithe seirbhíse anois.
- Cumarsáid oscailte agus thrédhearcach maidir le freagrachtaí agus gníomhaíochtaí.
- Leithdháileadh buiséid bunaithe ar anailís ar riachtanais.
- Foilsiú Phlean Corparáideach 2015 - 17 agus Plean Gnó bliantúil in 2014 agus 2015.
- Cur Chuige Bunaithe ar Fhianaise - Catalóg Náisiúnta Beartas, Tionscnaimh chun Cleachtóirí agus Cleachtas a Chumhachtú, clár um Luath-Idirghabháil.

1.2 Fís, Misean, Luachanna, Iompraíocht

D'fhonn a thorthaí fadtéarmacha a bhaint amach d'fhorbair Tulsa fís uileghabhálach mar chuid dá Phlean Corparáideach 2015 - 17.

“Tá gach leanbh sábháilte agus tá a n-acmhainneacht iomlán á baint amach acu”

Is é seo fís uailmhianach, ceann a bhfuil Tulsa tiomanta dá sheachadadh agus cuireann sé bonn taca faoin bplean gnó seo agus faoi ghnáthobair laethúil na Gníomhaireachta.

I ráiteas misin na Gníomhaireachta déantar breac-chuntas ar phríomhchuspóir Tulsa agus a

chúis lena bheith:

“Agus an leanbh ag an gcroílár, is é ár misean seirbhísí tacúla, comhordaithe agus fianaise-bhunaithe a dhearadh agus a sheachadadh lena ndéantar dícheall torthaí dearfacha a chinntiú do leanaí, do theaghlaigh agus do phobail”

Thiomnaigh Tulsa le sraith luachanna agus iompraíocht ghaolmhar chun treoirt a thabhairt do chur chuige na Gníomhaireachta maidir le seirbhísí a sheachadadh chuig leanaí agus chuig teaghlaigh. Cuireann na luachanna agus an iompraíocht sin bonn taca faoi chultúr na Gníomhaireachta agus ba chóir iad a fheiceáil go soiléir i gcinnteoireacht agus i mbainteacht inmheánach agus sheachtrach. Is iad seo a leanas iad sin:

- **Misneach agus Muinín**

- Iontaofa, tiomanta agus cuntasach
- Gairmiúil, eiticiúil agus freagrach
- Toilteanach seasamh ar son ár luachanna

- **Meas agus Comhbhá**

- Ag cur an duine aonair ag croílár ár seirbhísí
- Ag cosaint na ndaoine is leochailí
- Measúil agus tuisceanach do gach duine

- **Bá agus Cuimsiú**

- Cóir, freagrúil agus trédhearcach
- Ag cur comhoibriú agus smaointeoireacht nasctha chun cinn
- Ag glacadh dearcadh fadtéarmach, lánchórais

Tá sé beartaithe in 2016 tionscnaimh a chur i bhfeidhm chun na luachanna agus an iompraíocht sin a chur chun cinn agus a leabú.

1.3 Creat Plean Gnó 2016

Gach bliain ullmhaítear Plean Gnó Tulsa de réir cheanglais Alt 46 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013. Ba é Plean Gnó 2015 an chéad phlean gnó de shaolré trí bliana bunaithe ar Phlean Corparáideach 2015 - 17 na Gníomhaireachta.

Sa chuid seo soláthraítear an comhthéacs ina bhfuil Plean Gnó 2016 cruthaithe agus struchtúraithe. Cuireann Plean Corparáideach 2015 - 17, faisnéis feidhmíochta na Gníomhaireachta (Caibidil 1.4) taca faoi agus cuirtear san áireamh ann chomh maith an treoir atá tugtha sa Ráiteas maidir le Feidhmíochta a d'eisigh an tAire. Anuas air sin, cuimsítear gníomhartha i bPlean Gnó 2016 nár cuireadh i gcrích i bPlean Gnó 2015 nó atá á leanúint uaidh. Sa chuid eile den chuid seo soláthraítear tuilleadh sonraí maidir leis an dóigh a mbaineann Plean Gnó 2016 le Plean Corparáideach na Gníomhaireachta 2015 - 17.

Plean Corparáideach 2015-2017

De réir Alt 41 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013 tá plean Corparáideach ullmhaithe ag Tulsa. Bhí bonn eolais curtha faoin bplean trí bliana le treoir bheartais agus creat feidhmíochta a sholáthair an Aire ina gclúdaítear an tréimhse 2015-2017 agus bunaithe ar an ngá le feabhas a chur ar thorthaí do leanaí a aithint. Cuirtear síos go soiléir ar chúig aschur Ghearrthéarmacha sa phlean ina sainithnítear na príomhréimsí fócais don Gníomhaireacht ina céad trí bliana. Lena chois sin soláthraíonn siad an bonn lena mbeifear ábalta na haschuir Fhadtéarmacha breise arna sainithint sa Phlean Corparáideach a bhaint amach.

Is iad na cúig Aschur Ghearrthéarmacha:

- Aschur A:** Tá próisis agus córais um chosaint leanaí Tulsa ag freagairt do leanaí i mbaol ar mhodh tráthúil.
- Aschur B:** Tá gach próiseas agus gach córas lena gcuirtear bonn taca faoi bheartas agus faoi sheirbhísí teaghlaigh bunaithe ar fhianaise.
- Aschur C:** Raon spriocdhírthe tacaíochtaí teaghlaigh agus tuismíochta.
- Aschur D:** Tá freastal, rannpháirtíocht agus coinneáil in oideachas lánaimseartha leabaithe i seachadadh seirbhíse do gach leanbh.
- Aschur E:** Eagraíocht oiriúnach don fheidhm chun ár rún straitéiseach a sheachadadh

Ionas go mbeifear ábalta na haschuir Ghearrthéarmacha a bhaint amach, sainithníodh ocht gcuspóir straitéiseacha faoi mar a leanas:

1. Feabhas a chur ar cháilíocht agus ar fhócas sheachadadh na seirbhísí do leanaí agus do theaghlaigh.
2. Na struchtúir, próisis agus bonneagar tacaíochta rialachais a fhorbairt lena chinntiú go bhfuil Tulsa ábalta a fheidhmeanna a dhéanamh ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach.

3. Luachanna úra agus sainiúla a bhunú atá bunaithe ar chultúr, lena gcumhachtaítear leanaí agus teaghlaigh trí sheirbhísí ardcháilíochta.
4. Eagraíocht a fhorbairt a fheidhmíonn laistigh dá hacmhainne agus a bhaineann leas as a cuid acmhainní ar bhealach éifeachtach agus cost-éifeachtúil.
5. Lucht oibre a fhorbairt a bhfuil meas air agus lena dtacaítear leis laistigh d'eagraíocht foghlama.
6. Comhlacht freagrúil, iontaofa agus measúil lena aitheantas féin a dhéanamh den Ghníomhaireacht.
7. Leas a bhaint as ár straitéis taighde chun beartas a fhorbairt agus cinnteoireacht bunaithe ar fhianaise agus seachadadh seirbhíse ardcháilíochta a chumasú.
8. Cur chuige straitéiseach maidir le dearbhú cáilíochta, bainistíocht faisnéise agus bainistíocht riosca lena dtacaítear le feabhas leanúnach agus dea-rialachas a chinntiú.

Trasnaíonn na hocht gcuspóir straitéiseacha seo gach ceann de na cúig aschur Ghearrthéarmacha, agus léirítear sa léarscáil straitéiseach atá leagtha amach i Léaráid 7 an dóigh a gcuireann an dá ghé le baint amach Phlean Corparáideach 2015-17 agus pleananna gnó gaolmhara.

1.4 Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile

Tá Tulsa tiomanta go hiomlán do Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile a chur i bhfeidhm (BOBF). Baineadh roinnt nithe amach in 2015 maidir le gníomhartha cur chun cinn faoi chreat BOBF, lena n-áirítear; bunú na gCoistí um Leanaí agus Daoine Óga i ngach Réimse; an Straitéis um Choimisiúnú a chur chun cinn; EPIC a leathnú ar bhonn náisiúnta; cur i bhfeidhm Meitheal; obair ilghníomhaireachta fheabhsaithe agus bunú na seirbhísí do dhaoine óga a léiríonn iompraíocht dhíobhálach ghnéasach.

Leanfaidh Tulsa leis na gníomhartha atá leagtha amach i gcreat BOBF a bhaint amach trí ghníomhartha an Phlean Chorporáidigh agus tuairisceoidh siad don RGLÓ maidir leis an méid a bhainfear amach ar bhonn ráithiúil de réir mar is gá.

1.5 Dúshlán agus Rioscaí

Baineann líon dúshlán agus rioscaí le cur i bhfeidhm Phlean Gnó 2016. Tá siad sin mionsonraithe i dtábla 1.1 thíos mar aon le gníomhartha um maolú. Tá cur síos déanta ar rioscaí airgeadais i gCaibidil 3.

Cuspóirí Straitéiseacha (giorraithe)	Aschur Gearrthéarmach A Freagairt do Leanaí i mBaol	Aschur Gearrthéarmach B Seirbhísí a gcuireann fianaise tacaíocht fúthu	Aschur Gearrthéarmach C Raon spriocdhírthe tacaíocht teaghlaigh	Aschur Gearrthéarmach D Oideachas leabaithe i seachadadh seirbhíse	Aschur Gearrthéarmach E Eagraíocht oiriúnach don fheidhm
Feabhas a chur ar cháilíocht agus ar fhócas sheachadadh na seirbhísí do leanaí agus do theaghlaigh.	✓	✓	✓	✓	✓
Na struchtúir, próisis agus bonneagar tacaíochta rialachais a fhorbairt.	✓	✓	✓	✓	✓
Cultúr úr bunaithe ar luachanna sainiúla ina gcumhachtaítear leanaí a bhunú.	✓	✓	✓	✓	✓
Eagraíocht a fhorbairt a fheidhmíonn laistigh dá hacmhainne agus a bhaineann leas as a cuid acmhainní go héifeachtúil.	✓	✓	✓	✓	✓
Lucht oibre a fhorbairt a bhfuil meas air agus lena dtacaítear leis laistigh d'eagraíocht foghlama.	✓	✓	✓	✓	✓
Comhlacht freagrúil, iontaofa agus measúil a dhéanamh den Ghníomhaireacht.	✓	✓	✓	✓	✓
Leas a bhaint as ár straitéis taighde chun beartas a fhorbairt agus cinnteoireacht bunaithe ar fhianaise a chumasú.	✓	✓	✓	✓	✓
Cur chuige straitéiseach maidir le dearbhú cáilíochta, bainistíocht faisnéise agus bainistíocht riosca.	✓	✓	✓	✓	✓

Príomhríosaí	Gníomhartha um Maolú
Tionchar féideartha an éilimh mhéadaithe ar sheirbhísí mar thoradh ar reachtaíocht Thús Áite do Leanaí maidir le gealltanais um sheachadadh seirbhíse i bPlean Gnó 2016, go sonrach cásanna ag feitheamh ar leithdháileadh.	- Plean maidir le Tús Áite do Leanaí a chur i bhfeidhm. - Cás gnó a fhorbairt le haghaidh acmhainní breise chun freastal ar éileamh breise. - Anailís rialta ar mhéadrachtaí i ndáil le éileamh seirbhíse chun monatóireacht a dhéanamh ar bhrúnna seirbhíse agus freagairt dóibh.

An cumas agus inniúlacht riachtanais aitheanta foirne a earcú i bPlean Gnó 2016 chun freastal ar éilimh seirbhíse agus spriocanna caiteachais aitheanta a bhaint amach.	• Earcaíocht Tulsa i bhfeidhm. • Plean lucht oibre forbartha. • Anailís rialta ar mhéadrachtaí acmhainní daonna chun monatóireacht a dhéanamh ar bhrúnna seirbhíse agus freagairt dóibh.
Cumas agus inniúlacht TFC maidir le gníomhartha a sheachadadh a sainathnódh laistigh de Phlean Gnó 2016 i ngeall ar easpa maoiniú caipitil TFC. Go sonrach, forbairt NCCIS, riachtanas méadaithe do thacaíocht TFC i ngeall ar earcaíocht agus seachadadh méadrachtaí úra a theastaíonn sa phlean gnó.	• Idirchaidreamh le FSS maidir leis an gComhaontú Seirbhíse i gcomhair tacaíocht TFC a neartú. • Earcaíocht baill foirne bhreise TFC. • Tacaíocht straitéiseach TFC a sholáthar.
Comhspleáchas leanúnach ar FSS le haghaidh seirbhísí riachtanacha amhail soláthar, TFC, gnóthaí tomhaltóirí, Acmhainní Daonna, Airgeadas agus Eastáit.	• Idirchaidreamh le FSS maidir leis an gComhaontú Seirbhíse i gcomhair seirbhísí sainiúla a theastaíonn a neartú. • Forbairt cumais inmheánaigh do sheirbhísí riachtanacha.

Tábla 1.1 Rioscaí Phlean Gnó 2016

2.0 PRÍOMH-MHÉADRACHTAÍ AGUS PRÍOMH-DHÉIMEAGRAÍOCHT

Baineadh leas as anailís ar phríomh-mhéadrachtaí agus ar phríomh-dhéimeagraíochta chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt Phlean Gnó 2016. Sa chuid seo soláthraítear achoimre ar chuid de na príomh-mhéadrachtaí a mbeidh tionchar acu ar na príomhthosaíochtaí in 2016.

Atreoruithe chuig Seirbhísí Oibre Sóisialta

Fuair na seirbhísí oibre sóisialta 43,630 atreorú in 2014, thart ar 5% níos mó ná 2013 agus 9% níos mó ná 2012 (Tábla 2.1). Is ionann é sin agus 380 atreorú in aghaidh 10,000 duine 0-17 bliana d'aois agus níos sine, méadú ó 350/10,000 in 2013. Fuarthas 21,892 atreorú san iomlán don chéad sé mhí den bhliain seo agus bunaithe ar dhúbailt an fhigiúir sin thar an gcéad sé mhí eile, tá sé tuartha go mbeidh an hatreoruithe do 2015 chomh ard céanna le 2014, nó fiú níos airde ná sin.

Atreoruithe	2012	2013	2014	△ ó 2013	% △ ó 2013
Iomlán na nAtreoruithe	40,187	41,599	43,630	+2,031	+5%
Ráta/10,000 daonra 0-17 bl*	350	362	380	+18	+5%

Tábla 2.1: Atreoruithe agus ráta in aghaidh 10,000 duine 0-17 mbliana, 2012 - 2014

*Daonra 0-17 mbliana: Daonáireamh POS 2011

In 2014, bhí rátaí na n-atreoruithe in aghaidh na 10,000 duine 0-17 mbliana d'aois idir 229/10,000 i mBaile Átha Cliath Thoir Theas/Cill Mhantáin go 552/10,000 i bPort Láirge/Loch Garman. Tuairiscíodh an líon b'airde atreoruithe i gCorcaigh ag 4,983 agus tuairiscíodh an líon ba lú i Maigh Eo ag 960 (Tábla 2.2).

Limistéar	Líon na n-atreoruithe 2014	Ráta/10,000 daonra 0-17 bl
Port Láirge/Loch Garman	3,954	552
Baile Átha Cliath Thuaidh	3,310	523
Lár na Tíre	3,825	492
Ceatharlach/Cill Chainnigh/Tiobraid Árann Theas	2,774	480
Sligeach/Liatrom/an Cabhán Thiar	1,104	479
An Cabhán/Muineachán	1,565	446
An Meán-Iarthar	4,032	424
Lú/an Mhí	3,508	401
Gaillimh/Ros Comáin	3,063	396
Corcaigh	4,982	388

Cathair Bhaile Átha Cliath	2,184	301
Maigh Eo	960	295
Ciarraí	1,019	292
Baile Átha Cliath Theas/Cill Dara/Cill Mhantáin Thiar	2,857	278
Dún na nGall	1,144	257
Baile Átha Cliath Theas-Lár	1,469	235
Baile Átha Cliath Thoir Theas/Cill Mhantáin	1,880	229
Náisiúnta	43,630	380

Tábla 2.2 Líon na n-atreoruithe agus ráta in aghaidh 10,000 duine 0-17 mbliana, de réir limistéir 2014

Baineann an cion is airde de na hatreoruithe le buarthaí faoi leas leanaí de ghnáth. In 2014, shonraigh 57% de na hatreoruithe buaireadh leas leanaí i gcomparáid le 43% do mhí-úsáid nó faillí leanaí (Tábla 2.3). Léirítear le figiúirí do 2014 méadú 12% in atreoruithe leas leanaí ó 2013. Bhí níos ba lú atreoruithe maidir le mí-úsáid/faillí leanaí in 2014 ná ceachtar den dá bhliain roimhe sin.

Atreoruithe	2012	2013	2014	△ +/- 2013	% △ 2013
Atreoruithe maidir le Mí-úsáid/Faillí Leanaí	19,044 (47%)	19,407 (47%)	18,676 (43%)	-731	-4%
Atreoruithe maidir le Leas Leanaí	21,143 (53%)	22,192 (53%)	24,954 (57%)	2,762	12%
Iomlán na nAtreoruithe	40,187	41,599	43,630	2,031	5%

Tábla 2.3: Atreoruithe de réir cineáil, 2012 - 2014

Tá sé deacair tionchar tuartha an tuairiscithe éigeantaigh a thuar, ach bunaithe ar phatrúin atreoraithe go dtí seo agus ar an taithí idirnáisiúnta, beidh méadú suntasach ann agus táthar á mheas go mbeidh sé sin idir 50-75%. Tarlóidh formhór an tionchair seo trí ghlacadh nó seirbhísí atreoruithe tosaigh. Beidh líon ard atreoruithe mar thoradh air sin a mbeidh scagadh dian agus measúnú tosaigh ag teastáil ina leith chun an leibhéal idirghabhála a theastaíonn lena chinntiú go mbeidh leanaí sábháilte ó dhochar a chinneadh. Thar an measúnú beidh éileamh méadaithe ar fhoireann um chosaint agus leas leanaí le haghaidh pleananna cosanta leanaí agus tacaíocht teaghlaigh. Tá tosú an tuairiscithe éigeantaigh le tabhairt i gcrích fós agus dá bhrí sin tá a tionchar in 2016 fós le dearbhú.

Cásanna atá Oscailte do Sheirbhísí Oibre Sóisialta

Bíonn meánlíon 27,000 cás oscailte do sheirbhísí oibre sóisialta ann ag tráth amháin ar bith, agus déantar ar a laghad 70% (n = 19,500) de na cásanna sin a leithdháileadh ar oibrí sóisialta (Tábla 2.4). Cé go bhfuil líon sóisialta cásanna oscailte ag feitheamh ar leithdháileadh oibrí shóisialta fós, léirítear treocht síos mall ach seasta i bhfigiúirí le gairid. Rinneadh córais chun

monatóireacht a dhéanamh ar chásanna ar feitheamh leithdháilte agus lena gcinntítear tús áite na leanaí is mó i mbaol a neartú ar fud na réimsí chomh maith. Táthar ag súil go ndéanfar tuilleadh feabhais thar an mbliain seo romhainn le faomhadh earcaíocht na n-acmhainní breise faoi mar atá leagtha amach i bPlean Gnó 2016.


	R1 2014	R2 2014	R3 2014	R4 2014	R1 2015	R2 2015	R3 2015
Cásanna oscailte	29,463	29,314	27,723	27,967	27,293	27,575	26,129
Líon (%) a Leithdháileadh	19,990 (67.9%)	19,766 (67.4%)	19,442 (70.1%)	19,425 (69.5%)	19,926 (73%)	20,444 (74.1%)	19,116 (73.2%)
Líon (%) ag Feitheamh ar Leithdháileadh	9,473 (32.1%)	9,548 (32.6%)	8,281 (29.9%)	8,542 (30.5%)	7,367 (27%)	7,131 (25.9%)	7,013 (26.8%)

Tábla 2.4: Cásanna atá oscailte d'obair shóisialta, R1 2014 - R3 2015

Leanaí faoi Chúram


Tá meánlíon 6,400 leanbh faoi chúram Tulsa, agus tá os cionn 90% díobh i socrú cúram altrama (Léaráid 2.1). Bíonn oibrí sóisialta leithdháilte agus plean cúram i scríbhinn ag os cionn 90% de leanaí faoi chúram ag tráth amháin ar bith, de réir na gceanglas reachtúil.

Léirítear sna sonraí is déanaí (Meán Fómhair 2015) go bhfuil 98% de na leanaí faoi chúram ó 6 go 15 bliana d'aois (agus 15 bliana d'aois san áireamh) agus 94% de leanaí faoi chúram atá 16 agus 17 mbliana d'aois in oideachas lánaimseartha.



Léaráid 2.1: Leanaí faoi chúram, Eanáir - Meán Fómhair 2015

Le bliain anuas, tá méadú tagtha ar úsáid na socrúcháin príobháideach altrama agus cónaithe (Léaráid 2.3). Tá an t-éileamh méadaithe inchurtha i leith deacrachtaí i roinnt réimsí maidir le leanaí a chur faoi chúram daoine muinteartha, easpa ghinearálta socrúcháin oiriúnach i roinnt réimsí, deacracht leanúnach maidir le cúramóirí altrama úra a earcú chun coinneáil suas leis an éileamh agus an éileamh méadaithe ar shainseirbhísí. Tuairiscítear 4,746 cúramóir altrama sa chuntas is déanaí (Meán Fomh. 2015) ar fud na tíre dá bhfuil 91% dóibh faofa agus ar phainéal na gcúramóirí altrama faofa. Áirítear ar an bhfigiúr sin cúramóirí ginearálta, gaolta nó príobháideacha. Mar thoradh ar an méadú ar na seirbhísí príobháideacha tá méadú tagtha ar an gcaiteachas agus cuireadh é sin san áireamh i bPlean Gnó 2016.



Léaráid 2.2 Leanaí i socrúcháin phríobháideacha, Eanáir - Meán Fómhair 2015

Iarchúram

Taispeántar sna sonraí is déanaí go bhfuil seirbhísí iarchúraim á bhfáil ag 1,796 aosach óg, a bhí faoi chúram. Tá níos mó ná leath (58%) de na haosaigh óga (18-22 bliain d'aois) a bhfuil seirbhísí iarchúraim á bhfáil acu in oideachas lánaimseartha. Scaoileadh thart ar 392 aosach óg ó chúram de bhua gur shlánaigh siad 18 mbliana d'aois le linn na chéad naoi mhí in 2015 agus as na 374 díobh a bhí i dteideal seirbhíse bhí oibrí iarchúraim leithdháile ag 85% díobh (n=318). Le tosach feidhme an Achta um Chúram Leanaí (Leasú) 2015, cuirfear dualgas reachtúil ar an nGníomhaireacht plean iarchúraim a ullmhú do gach leanbh incháilithe. Tugtar an deis leis sin an t-éileamh ar sheirbhísí iarchúraim iomláin agus na costais ina leith a bhunú.

An Rialachán maidir le Seirbhísí na Luathbhlianta

Bhí 116 clárú/fógra úr um Sheirbhísí na Luathbhlianta (SLB) thar an naoi mbliana den bhliain, a fhágann gurb é 4,523 an líon iomlán SLB. Le leathnú an chlár réamhscolaíochta saor in aisce arna fhógairt ag an Aire, táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar na luathsheirbhísí in 2016. Ceanglaítear le reachtaíocht bhunaidh nach mór gach seirbhís a measadh cláraithe an 1 Eanáir

2014, a athchlárú faoin 1 Eanáir 2017. Cuirfear dúshlán suntasach leis an gceanglas seo os comhair na Cigireachta agus braitheann sé ar earcaíocht foirne.

Seirbhísí um Thacaíocht Teaghlaigh

Rinneadh 10,330 leanbh agus 7,489 teaghlach ar a laghad a atreorú chuig seirbhísí um thacaíocht teaghlaigh le linn na chéad sé mhí den bhliain. Fágann sin go raibh seirbhísí um thacaíocht teaghlaigh á bhfáil ag 15,516 leanbh agus 11,572 teaghlach ag deireadh mhí an Mheithimh 2015. Táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar na líonta sin an bhliain seo chugainn agus amach romhainn le cur i bhfeidhm samhail Meitheal agus méadú ar an gcomhpháirtíocht a bheidh ag oibriú le seirbhísí pobalbhunaithe mar chuid den phróiseas coimisiúnaithe.

Seirbhís Leasa Oideachais

D'oibrigh an tSeirbhís Leasa Oideachas le 2,951 leanbh ar fud na tíre thar na ní mí ó Eanáir go Meán Fómhair 2015. Eisíodh 407 Fógra Tinreamh Scoile (an chéad chéim in imeachtaí dlíthiúla) agus 116 toghairm thar an tréimhse chéanna (Tábla 5). Bhain na Fógraí Tinreamh Scoile le 265 leanbh aonair agus bhain na toghairmeacha le 76 leanbh aonair.

	Ean	Feab	Már	Aib	Bealt	Meith	Iúil	Lún	Meán F	Iomlán
	-15	-15	-15	-15	-15	-15	-15	-15	-15	
FTSanna	76	37	51	45	42	11	0	45	100	407
Toghairmeacha	14	11	13	23	15	10	18	1	11	116

Tábla 2.5: Fógraí tinreamh scoile (FTS) agus toghairmeacha a eisíodh, Ean - Meán F. 2015

Thacaigh an Clár Críochnú Scoile le 33,000 leanbh agus duine óg trí 139 tionscadal ar bhonn náisiúnta. Soláthraíodh tacaíocht duine le duine sa scéim um Idirchaidreamh Pobail na Scolaíochta Baile (IPSB) do 25,856 tuismitheoir lena leanaí a spreagadh chun fanacht agus déanamh go maith san oideachas, agus bhain níos mó ná 46,000 tuismitheoir leas as na tionscnaimh, an oiliúint agus na gníomhaíochtaí arna soláthar leis an IPSB.

3.0 CREAT AIRGEADAIS

3.1 Maoiniú Foriomlán do 2016

Glancinntiúchán Neamhchaipitil

Is é €664.482 milliún cinntiúchán comhlán neamhchaipitil na Gníomhaireachta do 2016. Déanfar é sin a mhaoiniú, i bpáirt le thart ar €19.069 milliún in ioncam ó fhoinsí aoisliúntais, asbhaintí pinsin agus ó fhoinsí eile. Dá bhrí sin, is é €645.413 milliún glanchinntiúchán neamhchaipitil na Gníomhaireachta do 2016 (áirítear leis sin leithdháileadh €2 milliún ó Dhaonchairdeas an Atlantaigh). Is ionann an glanchinntiúchán neamhchaipitil agus an t-uasteorainn caiteachais fhaofa. Ní mór dianbhainistiú a dhéanamh ar an gcaiteachas laistigh den teorainn sin.

Tá déanamh an leithdháilte airgeadais i ndáil leis an gcaiteachas Neamhchaipitil Comhlán léirithe i dtábla 3.1:

Catagóir	Foinse	Leithdháileadh (€m)
Pá		245.494
Liúntas Cúram Altrama agus Liúntas Eile		120.766
Cúram Príobháideach agus Cónaithe agus Altrama		92.589
Dlíthiúil (lena n-áirítear costais GAL)		29.000
Socruithe deontais faoi alt 56		141.754
Neamhphá eile		34.879
Leithdháileadh Comhlán	RGLÓ - 662.482 Daonchairdeas an Atlantaigh - 2.000	664.482
Leithreasáí i gCabhair		(19.069)
Leithdháileadh Glan		645.413

Tábla 3.1 Leithdháileadh Airgeadais i ndáil le hIoncam do 2016

Ba ionann an leithdháileadh Neamhchaipitil Comhlán in 2015 agus €631.1 milliún agus mar sin soláthraíonn leithdháileadh Neamhchaipitil Comhlán 2016 méadú €33.3 milliún. Tá sé seo léirithe i dtábla 3.2.

Níor áiríodh maoiniú breise molta €1.1 milliún do na Luathbhlianta sa mhaoiniú sa tábla thuas.

Achoimhre ar an Leithdháileadh – Plean Gnó 2016	
Cur Síos	Luach €
Leithdháileadh Comhlán in 2015	63.1
Maoiniú Breise maidir leis an Leibhéal Reatha Brúnna Seirbhísí	21
Maoiniú Breise maidir le Tionscnaimh Thosaíochta do 2016	12.3
Iomlán an Leithdháilte Chomhláin 2016	664.4

Tábla 3.2 Achoimre ar an Leithdháileadh Neamhchaipitil Comhlán do 2016.

Soláthar caipitil

Rinne an Ghníomhaireacht soláthar chomh maith i leith caiteachas caipitil le linn 2016 suas go dtí €13.560 ar a mhéad.

Rialachas Airgeadais

Feidhmeoidh an Ghníomhaireacht ar bhealach chomh éifeachtach agus chomh cost-éifeachtúil agus is féidir léi agus go docht laistigh den bhuiséad leithdháilte. Tabharfar aird faoi leith ar an scoilt phá / neamhphá sa bhainistíocht seo ar leithdháileadh na Gníomhaireachta do 2016

Sa chás go mbeadh an t-ioncam níos lú ná mar atá tuartha, déanfar an caiteachas comhlán a laghdú de réir na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí dá réir sin lena chúiteamh. Tabhaítear ioncam breise ar bith, sa chás go n-eascródh sé, don Státhchiste agus ní féidir é a úsáid chun caiteachas comhlán a mhéadú.

Maoineofar an Ghníomhaireacht suas go dtí an leibhéal faofa leithdháilte nó caiteachais, cibé acu is lú. Sa chás go dtabhódh an Ghníomhaireacht barrachas ar bith sa ghlancaiteachas in 2016, pléifear leis mar ‘an chéad mhuirear’ in 2017 trína mbeidh ar an nGníomhaireacht na dliteanais mar thoradh air a scaoileadh mar chéad mhuirear ar a cuntas ioncaim agus caiteachais, an chéad bhliain airgeadais eile.

Tabharfaidh an Ghníomhaireacht aird chuí ar rialacha airgeadais ábhartha uile na hearnála poiblí lena n-áirítear an Cód Caiteachais Phoiblí agus Ciorcláin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá an Ghníomhaireacht ag obair faoi láthair leis an Roinn Gnóthaí Leanaí agus Óige (RGLÓ) chun measúnú a dhéanamh ar impleachta Chiorclán 13/2014, inar moladh aistriú chun gníomhaireachtaí a mhaoiniú ar bhonn caiteachais deimhnithe, agus chun aithint conas is féidir an cur i bhfeidhm seo a bhainistiú gan dul i gcion go diúltach ar sheachadadh seirbhísí na ngníomhaireachtaí lena mbaineann. Is é an staid reatha go bhfuiltear ag leanúint le formhór na ngníomhaireachtaí a mhaoiniú ar bhonn maoinithe roimh chaiteachas, i ngeall ar rioscaí sreabhadh airgid thirim, rud a bhainfeadh le haistriú go bonn caiteachais deimhnithe.

Leantar le caiteachas párolla agus neamhphá na Gníomhaireachta a phróiseáil trí shocrú seirbhíse comhroinnte le FSS, rud a leanfar leis i rith 2016.

3.2 Tuairisciú agus Próifiliú Airgeadais

Tabharfaidh Tulsa tuairiscí ar chaiteachas i gcoinne buiséid agus sreabhadh airgid thirim le linn na bliana. Tá sé de cheangal ar Tulsa próifíl bhuiséad 2016 agus é miondealaithe de réir na míosa, a chur isteach chuig RGLÓ, a luaithe is féidir, ar aon dul leis an leibhéal faofa glanchaiteachais.

In 2016, tabhairt aird faoi leith do dheighilt na bpróifíl pá agus neamhphá. Déanfar oibreacha mionsonraithe chun an caiteachas/na tarraingtí anuas a tharlóidh faoin dá chatagóir a mheas go beacht, ag cur san áireamh uainíocht agus gealltanais.

In 2016, leanfaidh Tulsa le tuairiscí míosúla agus seachtainiúla a thabhairt do RGLÓ ina mbeidh an caitheamh go dáta leagtha amach. Tabharfar chun suntais sna tuairiscí sin difríochtaí ar bith ó phróifíl thús na bliana agus sainaitheofar brúnna costais ar bith a thiocfaidh chun cinn. Soláthrófar insint ina leagfar amach an comhthéacs agus an míniú maidir le difríochtaí ó phróifílí airgid chomh maith.

3.3 Brúnna Costais Reatha in 2015

Tá an toradh ionchais do Tulsa do 2015 leagtha amach i dtábla 3.3 thíos.

Íocfar an ró-chaitheamh ionchais €14 mhilliún in 2015 as an Leithdháileadh Forlíontach arna sholáthar ag RGLÓ.

Costais Phá

Mheas Tulsa costais foirne gníomhaireachta €16.3 milliún in 2015, méid atá €2.804 milliún os cionn an leithdháilte buiséid. Tá na costais sin bunaithe ar dhá phríomh-éileamh: folúntais i ngeall ar shaoire mháithreachais agus cumhdach i seirbhísí oibre sóisialta agus cónaithe. Bhí na costais sin níos mó ná an buiséad i ngeall go príomha ar fhoireann gníomhaireachta a bheith á húsáid chun poist bhuana ar feitheamh earcaíochta a chumhdach.

Réamhaisnéis na Bliana Iomláine 2015					
Cineál Caiteachais	Achoimre ar Chatagóir	Réamhaisnéis Bhliantúil €'000	Buiséad Bliantúil €'000	Difríocht Réamhaisnéise €'000	Difríocht Réamhaisnéise %
Pá	Gníomhaireacht	16,316	13,512	2,804	21%
	Ar na bPárolla	213,260	218,497	(5,237)	(2%)
	Pá Pinsin	4,732	4,530	202	4%
Pá Iomlán		234,308	236,539	(2,231)	(1%)
Neamhphá	Liúntais Chúram Altrama agus Liúntais Eile	118,821	119,374	(553)	(0%)

Réamhaisnéis na Bliana Iomláine 2015					
	Deontais do Ghníomhaireachtaí Seachtracha	142,156	139,463	2,693	2%
	Dlíthiúil	30,353	29,270	1,083	4%
	Neamhphá Eile	24,817	20,686	4,130	20%
	Cúram Cónaithe agus Cúram Altrama Príobháideach	88,196	78,090	10,106	13%
	Taisteal Foirne	8,452	7,103	1,350	19%
Neamhphá Iomlán		412,795	393,987	18,808	5%
Ioncam Iomlán		(3,632)	(2,880)	(752)	26%
Ioncam Iomlán Aoisliúntais/PDR		(20,316)	(21,988)	1672	(8%)
Pá Sheachtain 53		0	3,500	(3,500)	(100%)
Glanchaiteachas		623,155	609,157	13,998	2%

Tábla 3.3 Toradh ionchais 2015

Pá Pinsin

I ngeall ar phinsinéirí breise in 2015 tá sé tuartha go mbeidh an pá pinsin €0.202 milliún níos mó ná an leithdháileadh buiséid. Níor aistríodh leithdháileadh ar bith le haghaidh pá pinsin ó FSS nuair a bunaíodh Tulsa.

Deontais

Táthar ag súil go mbeidh íocaíochtaí deontais a bheidh €2.693 milliún níos mó ná an buiséad mar thoradh ar coigiltis chostais nár cuireadh i bhfeidhm in 2015.

Dlíthiúil

Ba iad na costais dhlíthiúla Guardian ad Litem (GAL) an phríomhghné a bhí taobh thiar de bhrú costais ionchais 2015 de €1.083 milliún i gcostais. Feabhas suntasach ab ea an caitheamh in 2015, cé go raibh sé níos mó ná an leithdháileadh buiséid, ar €36 milliún in 2014 agus léiríonn sé an obair shuntasach a rinne an Ghníomhaireacht chun luach ar airgead a bhaint amach sna seirbhísí dlí.

Caiteachas Neamhphá Eile

Baineann formhór an bharrachais chaiteachais os cionn an bhuiséid de €4.130 i gCaiteachas Neamhphá Eile le coigiltis chostas ar dheontais de €3.8 milliún nár cuireadh i bhfeidhm in 2015 agus a cuireadh i bhfeidhm i gcoinne an bhuiséid do chaiteachas neamhphá eile.

Soláthar Príobháideach

Chruthaigh tionchar riachtanais chasta mhéadaithe leanaí faoi chúram méadú ar éileamh do shocrúcháin speisialaithe cúraim chónaithe do leanaí. Cosnaíonn socrúcháin chónaithe níos mó ná €250,000 in haghaidh an tsocrúcháin in aghaidh na bliana. De bharr an fháis i socrúcháin Chónaithe Príobháideacha agus Cúram Altrama Príobháideach in 2015 tá réamhaisnéis brú costais de €10.106 milliún ann do 2015.

Taisteal Foirne

Tá costais taistil na foirne in 2015 ar leibhéal cosúil le leibhéal 2014 ach i ngeall ar shrianta buiséid in 2015 táthar ag súil leo a bheith €1.350 milliún níos mó ná an buiséad. Moltar le cur chuige um buiséadú ar bhonn nialasach go mbeidh gá le buiséad breise a leithdháileadh ina leith seo mar chuid den ELS in 2016. Tá rialuithe agus athbhreithnithe méadaithe sa réimse seo den chaiteachas ann.

3.4 Brúnna Costais Ionchais in 2016

Déantar breac-chuntas sa chuid seo ar na brúnna costais ionchais in 2016. Déantar breac-chuntas i dTábla 3.4 ar an airgead breise a leithdháileadh ar Réimsí, Réigiúin agus Stiúirthóireachtaí chun freastal ar an leibhéal reatha brúnna seirbhíse (ELS) in 2016.

N/B An t-airgead breise a leithdháileadh ar Réimsí, Réigiúin agus Stiúirthóireachtaí chun freastal ar an leibhéal reatha brúnna seirbhíse (ELS)			
Líon	Cur Síos	CL	Luach €
1	Liúntas Cúram Altrama agus Liúntas Eile	N/B	1.4
2	Deontais	N/B	6.5
3	Soláthar Príobháideach	N/B	11.5
4	Taisteal Foirne	N/B	1.4
5	Neamhphá Eile	N/B	2.1
6	Struchtúr Eagr. Áitiúla		1.3
7	Straitéis um Chúram Malartach		3
8	Dlíthiúil	N/B	(0.3)
Méadú iomlán ar ELS Neamhphá			27
9	Laghdú ar phá de bharr sheachtain 52 go príomha	N/B	(6.0)
Iomlán na hacmhainne breise ELS do 2016		N/B	21.0

Tábla 3.4 An t-airgead breise a leithdháileadh ar Réimsí, Réigiúin agus Stiúirthóireachtaí chun freastal ar an leibhéal reatha brúnna seirbhíse (ELS) in 2016.

Costais Phá

Táthar ag súil go laghdófar costais na gníomhaireachta thar shaolré an Phlean Chorporáidigh ach in 2016 de réir mar a earcófar poist úra, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh méadú ar an éileamh ar fhoireann gníomhaireachta sa ghearrthearma chun freastal ar riachtanais na seirbhíse.

Pá Pinsin

Táthar ag tuar go dteastóidh €0.470 breise i méadú ar phá pinsin i ngeall ar líon breise pinsinéirí in 2016. Níor aistríodh buiséad ar bith chuig an nGníomhaireacht don mhír chaiteachais seo ó FSS.

Liúntas Cúram Altrama agus Liúntais Eile

Tá tionchar faoi dhó ar an líon leanaí faoi chúram atá ag méadú:

- Tá méadú tagtha ar líon na liúntas cúraim altrama a íoctar.
- De réir mar atá níos mó leanaí faoi chúram ag slánú 18 mbliana d'aois, tá méadú tagtha ar líon na liúntas iarchúraim atá á n-íoc agus na dtacaíochtaí atá á dtabhairt.

Táthar ag tuar go mbeidh maoiniú breise €1.4 milliún de dhíth in 2016 i ngeall ar na méaduithe sin.

Deontais

Cosnóidh íocaíochtaí deontais breise faofa do 2016 €6.5 milliún sa mhullach ar an leithdháileadh buiséid ó 2015.

Caiteachas Neamhphá Eile

Tá méadú tagtha ar leithdháileadh neamhphá eile in 2016 i ndáil leis an méid seo a leanas: buiséad €3.8 milliún a tugadh ar ais maidir le ciorruithe a cuireadh i bhfeidhm in 2015 nach bhféadfaí a chur i bhfeidhm ar Dheontais; €2 milliún maidir le Daonchairdeas an Atlantaigh; Oifig na Bainistíochta Tionscadal €1 milliún a bunaíodh.

Soláthar Príobháideach

Cuireadh fás fortheilgthe 22 socrúchán cónaithe príobháideach (10 gcinn i Ráithe 4 2015 agus 3 cinn in aghaidh na ráithe in 2016) leis an gcostas brú atá ann cheana agus beidh €11.5 milliún san iomlán i gceist thar leithdháileadh buiséid 2015. Tá sé beartaithe ag an nGníomhaireacht maoiniú suntasach €3.0 milliún a leithdháileadh ar an Straitéis um Chúram Malartach chun líon na leanaí óna dteastaíonn cúram i dtimpeallacht socrúchán cónaithe nó príobháideach cúram altrama a laghdú.

Taisteal Foirne

Bhí costais taistil na foirne tearcmhaoinithe €1.35 milliún in 2015 agus méadóidh sé sin ar aon dul le hacmhainní foirne breise atá beartaithe do 2016. Déanfar maoiniú breise a leithdháileadh. Leanfar le maoirseacht, rialú agus tuairisciú feabhsaithe maidir leis an gcaiteachas seo a fhorbairt in 2016.

Foréigean Baile, Gnéis agus Inscne

Tá méadú €0.4 milliún tagtha ar an mbuiséid DSGBV do 2016 arna léiriú ag méadú ar leibhéal seirbhíse reatha agus ag Coinbhinsiún Iostanbúl, ag fágáil go bhfuil maoiniú €20.6 milliún san iomlán ann do 2016.

3.5 Tionscnaimh Thosaíochta do 2016

Tá breac-chuntas déanta ar na tionscnaimh thosaíochta ar a ndéanfar maoiniú a leithdháileadh in 2016 i dtábla 3.5:

Tionscnaimh Thosaíochta 2016 – Plean Gnó 2016				
Líon	Cur Síos	WTE	Luach €M 2016	Costas Iomlán Ionchais na bliana €M
1.	Foirne Idirghabhála Comhréirí – Imscrúdú Tosaigh	6.0	0.3	0.4
2.	Cásanna ag Feitheamh ar Leithdháileadh	6.0	6.1	7.8
3.	Struchtúr na hEagraíochta	52	2.8	3.9
4.	<i>Sleep Over Rosters</i>	120.0	1.9	7.7
5.	Foréigean Baile, Gnéis & Inscne	TBC	0.2	2.2
6.	Cigireacht na Luathbhlianta	TBC	1.1	1.1
Leithdháiltí Úra 2016		379.5	12.3	23.0

Tábla 3.5 Tionscnaimh thosaíochta ar a ndéanfar maoiniú a leithdháileadh in 2016

Tionscnaimh Thosaíochta in 2016

Rinneadh maoiniú pá breise maidir le maoiniú le haghaidh cásanna oscailte ag feitheamh ar leithdháileadh, struchtúr eagraíochtúil, uainchláir fanacht thar oíche, foireann idirghabhála comhréirí agus agus foréigean baile, gnéis agus inscne arbh ionann é agus €11.2 milliún san iomlán a leithdháileadh ar Tulsa chun an costas a bhaineann leis na tionscnaimh úra seo a íoc.

Ba chóir a thabhairt faoi deara nach gcumhdaíonn an leithdháileadh a fuarthas ó RGLÓ i ndáil leis na tionscnaimh sin ach costas ionchais an chur i bhfeidhm in 2016 bunaithe ar an mbunphlean earcaíochta. Toisc nach bhfuil iontu sin ach cuid de chostais na bliana, méadóidh na costais bhliantúla go dtí €21.9 milliún a mbeidh easnamh €10.7 milliún mar thoradh air. Tabharfar aghaidh air sin in 2017 agus ina dhiaidh sin.

Samhail Leithdháilte Acmhainní

Thug Tulsa faoi obair in 2015 ar fhorbairt Samhail Leithdháilte Acmhainní (SLA) bunaithe ar riachtanais iomchuí maidir le seachadadh seirbhísí. Rinneadh an obair sin a choigeartú ó shamhail reatha a forbraíodh le FSS lena húsáid i dtimpeallachtaí cúraim phríomhúil agus pobail agus breathnaíodh ar í a chur i bhfeidhm do sheirbhísí Tulsa.

Bunaithe ar an obair go dtí seo, cuirfear an maoiniú do thionscnaimh thosaíochta 2016 chuig réimsí seirbhíse ag a bhfuil níos lú ná an meán-mhaoiniú, de réir SLA, chomh maith le réimsí rioscaí aitheanta. Leanfar leis an obair ar SLA i rith 2016.

3.6 Caiteachas Caipitil

Tá leithdháileadh caipitil 2016 deartha, sa chéad dul síos, chun gealltanais chonartha reatha a ndeachthas isteach iontu faoin bplean caipitil reatha a chomhlíonadh. Áirítear orthu sin:

- Forbairt saoráidí úra agus feabhsaithe cúraim speisialta ag Port Reachrann agus Baile Uí Dhúda (Leamhcán).
- Athchóiriú ar shaoráidí seirbhísí túslíne ag líon suíomhanna ar fud na tíre chun feabhas a chur ar an acmhainn seirbhíse agus ar rochtain.
- Clár athsholáthair an fhlít feithiclí chun iompar sábháilte leanaí faoi chúram an Stáit a chinntiú.

Tosaíochta an Phlean Caipitil

Rinneadh plan caipitil trí bliana 2015 - 17 a fhorbairt agus d'fhaomh an Bord é. Tá sé tábhachtach a shonrú nach bhfuil gealltanais rollacha ar bith ann faoi láthair maidir le maoiniú caipitil trí bliana.

Tá tógáil iarfheistithe agus úr ag an tSaoráid Cúraim Speisialta faoi sheol ag Port Reachrann. Tá an lárionad cúraim speisialta ag Baile Uí Dhúda á athchóiriú chun ceanglais um chomhlíonadh dóiteáin agus rialála a chur san áireamh. Tá méadú ar acmhainn fhoriomlán an chúraim speisialta ó 17 go 30 áit mar thoradh ar na forbairtí sin.

In athbhreithniú ar eastáit cumhdófar comhlíonadh reachtúil, monatóireacht ar bhail, cothabháil bheartaithe, oibreacha frithghníomhacha, bailiú sonraí, bainistíocht riosca, bainistíocht sócmhainní, dífheistiú agus árachas.

Beidh forbairt mionphlean caipitil bunaithe ar chruthú agus ar chothabháil bunachar sonraí iontaofa chun bail sócmhainní Tulsa, anailís ar chaiteachas ar chothabháil fhrithghníomhach agus riachtanais úsáideoirí seirbhísí a chinneadh. Rachfar i ngleic sa phlean seo go sonrach le ceisteanna riosca agus comhlíonta a sainaithneofar le linn an athbhreithnithe ar eastáit.

Tá achoimre déanta ar na príomhfhorbairtí caipitil sin i dtábla 3.6.

Seirbhís/Suíomh	Cur Síos Gairid	Tuartha do 2016 Caitheamh €M
Port Reachrainn	Tógáil Úr agus Athmhúnlú 3 bhloc atá ann cheana.	10.600
Sráid Leamhcáin	Uasghrádú dóiteáin agus uasghrádú ginearálta.	0.916
An Chathair Thuaidh	Oibreacha Athchóirithe agus cóiríocht shealadach.	0.250
Cathair Luimnigh	Oibreacha Athchóirithe.	0.200
Port Laoise	Oibreacha Athchóirithe.	0.300
Sráid Bhaile Átha Í.	Oibreacha Athchóirithe.	0.250
Seirbhísí Cúraim Speisialta	Riachtanais um chothabháil oibriúcháin agus fhrithghníomhach.	0.100
Eastáit Náisiúnta	Foráil trochlaithe maidir le foirceannadh maoine léasaithe reatha agus amach anseo.	0.100
Cónaithe Náisiúnta	Riachtanais seirbhíse Tulsa do fheithiclí isteach éifeachtacha agus iontaofa. 10 bhfeithicil le fáil.	0.100
Náisiúnta	Riachtanais Comharthaíochta Úir	0.050
Náisiúnta	Áirítear ar na hoibreacha comhlíonadh reachtúil, clár um chothabháil agus trealamh frithghníomhach agus coiscithe, athsholáthar agus feistiú maoine léasaithe NB: €350k tugtha anonn ó 2015	0.360
Náisiúnta	Córas Náisiúnta Faisnéise um Chúram Leanai	0.300
IOMLÁN		13.525

Tábla 3.6 forbairtí caipitil in 2016

Úsáidfear an leithdháileadh leis na gealltanais a sainaitníodh faoi Eastáit don Chaipiteal in 2016. Mar thoradh air sin níl acmhainní ar bith ar fáil lena n-infheistiú i dtionscadail TFC.

3.7 Réimsí Riosca Airgeadais

Braitheann seachadadh seirbhíse éifeachtúil agus luas an athchóirithe ar na hacmhainní atá ar fáil. Cuireadh é sin san áireamh agus na tosaíochtaí do 2016 á leagan amach.

Is iad na príomhréimsí riosca airgeadais don Ghníomhaireacht in 2016:

- Níl sa mhaoiniú chun 380 CL a earcú in 2016 ach maoiniú i gcomhair cuid den bhliain amháin. Meastar go gcosnódh na dtrí phost sin i mbliain iomlán €23.0 milliún. Is é an riosca go dtéitear isteach i ngealltanais in 2016 a mbeidh impleacht maoinithe breise €10.7 ag baint leo do 2017 i leith.
- Beidh tionchar suntasach ag an méadú ar líon na leanaí faoi chúram a dteastaíonn seirbhísí speisialaithe cúraim chónaithe agus altrama uatha ar acmhainní i ngeall ar chineál ardchostais na seirbhísí sin.
- Costais Dhlíthiúla atá bunaithe ar chostais Guardian ad Litem agus costais dhlíthiúla tríú páirtithe a íoctar tríd an nGníomhaireacht. Ní féidir leis an nGníomhaireacht na costais ar na míreanna sin a rialú toisc go gcinntear iad trí ghníomhaíocht i gcúirteanna aonair.
- D'fhéadfadh sé go bhfuil costais phinsin bunaithe ar an líon níos airde scoir foirne ná an líon a bhfuil buiséadú déanta ina leith in 2016. Ní féidir na costais sin a rialú go héasca i dtéarmaí feidhmíocht airgeadais agus tá sé an-deacair iad a thuar. Ullmhaíodh an plean seo ar an mbonn go ndéileálfar le ceisteanna maoinithe pinsin ar leithligh ón acmhainn ghinearálta atá ar fáil do sholáthar seirbhíse.
- Íocfaidh Tulsa na híocaíochtaí leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát don chostas ar na héilimh a tháinig chun cinn sna blianta roimhe seo a bhainistiú agus a shocrú in 2016. Is íocaíochtaí dlíthiúla agus teicniúla iad na híocaíochtaí seo agus ní dhéantar soláthar ar bith sa phlean gnó i leith caiteachais faoin gceannteideal seo toisc nach bhfuil buiséad ar bith i bhfeidhm fós chun an caiteachas sin a chlúdach.
- I ngeall ar easpa stairiúil infheistíochta i TFC déantar roinnt próisis íocaíochta de láimh agus dá bhrí sin baineann níos mó riosca leo de bharr rialuithe láimhe agus easpa uathobrithe. Shainaithin an Ghníomhaireacht an t-ardriosca seo agus tá rialuithe um maolú curtha i bhfeidhm aici thar na Réimsí sin.
- Táthar le reachtaíocht a achtú maidir le Tús Áite do Leanaí, larchúram agus na Luathbhlianta. Níl impleacht airgeadais na reachtaíochta sin soiléir go fóill agus seachas na Luathbhlianta níor cuireadh maoiniú breise ar bith ar fáil. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag caiteachas breise bunaithe ar an reachtaíocht úr seo ar chumas na Gníomhaireachta feidhmiú laistigh dá leithdháileadh do 2016.
- Níl go leor maoinithe sa bhuiséad caipitil chun freastal ar ghealltanais reatha faoi phlean na n-eastát agus infheistíochtaí a theastaíonn i leith TFC in 2016.
- Níl Árachas Dliteanais Phoiblí ar fáil a thuilleadh ó árachóirí príobháideacha do Chúramóirí Altrama. Tá plé á chur ar aghaidh leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GÉS) chun cumhdach maolaithe a sholáthar. Beidh ar Tulsa éilimh ar bith nach bhfuil cumhdaithe faoi GÉS a íoc.

4.0 PLEANÁIL AGUS FORBAIRT AN LUCHT OIBRE

Bhí pleanáil agus forbairt an lucht oibre ina dtosaíocht don Ghníomhaireacht in 2015. Rinneadh roinnt feabhsuithe ar sheachadadh na seirbhísí acmhainní daonna a raibh pleanáil níos fearr, tuairisciú feidhmíochta níos fearr agus struchtúir úra chun tacú le hearcaíocht mar thoradh orthu.

Beidh feabhsuithe suntasacha ar sheirbhísí acmhainní daonna ag teastáil do leithdháileadh bhuiséad 2016 agus poist ghaolmhara, go háirithe earcaíocht agus coinneáil. Chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo, tá roinnt gníomhartha beartaithe do 2016 lena chinntiú go mbainfear cuspóirí agus spriocanna amach. Déantar breac-chuntas sa chuid seo ar roinnt de na príomhbhreithnithe agus na príomhghníomhartha a dhéanfar in 2016.

Leibhéal an Lín Foirne agus Pá

Tá Tulsa ar cheann de na heagraíochtaí stáit is mó sa tír agus tá na leibhéil líon foirne measartha seasta ó bunaíodh é, mar thoradh ar rialuithe buiséadaithe agus líon foirne ar líon foriomlán na seirbhíse poiblí go príomha.

Leis an acmhainn mhéadaithe foirne in 2016 beidh an Ghníomhaireacht ábalta an méid seo a leanas a bhaint amach:

- Baill foirne ghairmiúla túslíne bhreise a earcú chun tacú le feabhsuithe ar an seachadadh seirbhíse agus ar bhainistíocht an lín chásanna.
- Oibrithe sóisialta breise a earcú chuig seirbhís an chúraim altrama.
- Feabhsuithe i gcáilíocht agus seachadadh seirbhísí.
- Rialachas feabhsaithe agus bonneagar eagraíochtúil neartaithe.
- Feabhas ar mhaoirsiú agus ar bhainistíocht feidhmíochta.

Acmhainn an Lín Foirne 2015

Leagtar amach i dTábla 4.1 acmhainn an lín foirne i gcoibhéisí lánaimseartha (CL) do Tulsa i bpost don 31 Deireadh Fómhair 2015. Ní háirítear leis sin an ghníomhaireacht nó folúntais.

Líon Foirne i gCoibhéisí Lánaimseartha 2015

Bhí 343 post sa phróiseas earcaíochta an 31 Deireadh Fómhair 2015, arbh ionann é sin agus 3,767 i líon iomlán acmhainn foirne Tulsa.

An Líon Foirne de réir Catagóire	Deir Fómh.-15
Obair Shóisialta	1359.47
Cúram Sóisialta	1137.09
Síceolaíocht agus Comhairleacht	22.39
Foireann Tacaíochta Eile lena n-áirítear lónadóireacht	62.43
Gairmithe Sláinte Eile	9.05
Altranas	51.73
Bainistíocht VIII+	91.65

Tacaíocht Teaghlaigh	171.65
Oifigigh Leasa Oideachais	66.39
Riarachán Grád III-VII	451.91
An Líon Foirne Iomlán	3424

Tábla 4.1 Acmhainn foirne CL Tulsa

Próifíl Lucht Oibre Tulsa de réir Aoise

Leagtar amach lucht oibre Tulsa de réir aoise sa tábla seo a leanas: Tá sé tábhachtach a shonrú gurb é an t-iomlán 4,088 an cuntas iomlán maidir leis an 3,424 CL atá leagtha amach i dTábla 4.2.

Banda Aoise	Líon na ndaoine
20-24	23
25-29	173
30-34	593
35-39	819
40-44	658
45-49	560
50-54	542
55-59	454
60-64	242
65+	24
Foriomlán	4,088

Tábla 4.2 Próifíl Lucht Oibre Tulsa

Próifíl Mhíosúil Phá

Sa tábla seo a leanas leagtar amach próifíl mhíosúil maidir le costais phá do gach grád i ndáil le hacmhainn an lín foirne 2015 le haghaidh ráithe a trí, lena n-áirítear caitheamh na bliana go dáta an 31 Deireadh Fómhair 2015.

	Lún-15	Meán F-15	Deir Fómh.-15	BGD
Bunúsach	15,410,965.14	14,935,903.29	15,571,672.51	152,877,126.68
Ragobair	3,210.66	11,066.33	9,970.00	48,971.59

Ar Glaoch	58,444.24	34,197.17	44,170.35	535,112.24
Liúntais	181,442.70	207,098.33	165,896.76	2,139,090.02
Satharn/ Domhnach/Teil.	590,596.07	344,990.21	482,381.53	3,983,132.93
Diúité Oíche	98,663.55	105,873.54	122,546.75	1,108,053.48
ÁSPC ER	1,457,105.57	1,367,491.77	1,461,898.98	14,270,315.72
Riaráistí	- 246,820.35	119,332.30	-29,973.95	417,411.12
Gníomhaireacht	1,397,655.49	1,668,940.57	1,717,861.66	13,589,249.24
Aoisliúntas - Cnapshuimeanna	291,592.24	0.00	303,350.87	2,381,581.02
Aoisliúntas - Pinsin	32,383.06	109,266.76	171,480.77	1,559,517.98
Iomlán	19,275,238.37	18,904,160.27	20,021,256.23	192,909,562.02

Tábla 4.3 Próifíl Mhíosúil Phá Tulsa

Líon Foirne i gCoibhéisí Lánaimseartha 2016

Soláthraíodh acmhainní breise laistigh de leithdháileadh buiséid Tulsa chun dul i ngleic leis na dúshláin agus easnaimh chriticiúla foirne arna sainaitheint sa chás gnó, Marthanacht go hInbhuanaítheacht. Tá sé beartaithe go mbeidh 400 ball foirne breise ar fud gach gráid mar thoradh ar ghníomhaíocht earcaíochta, arb ionann é sin agus líon foirne iomlán de 4,167 do 2016.

Buiséad Pá 2016

Is é an buiséad pá a bheidh i gceist leis an gcomhlánú seo do 2016 ná €245.494 milliún.

Dearadh Eagraíochta

Le linn 2015, cuireadh comhairliúchán fairsing i gcríoch le baill foirne agus chomhpháirtithe maidir le dearadh eagraíochta Tulsa. In 2016 glacfar struchtúr cuíchóirithe agus beidh an tacaíocht agus an chuntasach dírithe ar an leibhéal is áitiúla agus is praiticiúla um sheachadadh seirbhíse. Rinneadh an t-aistriú i dtreo na coimhdeachta a fhorghníú trí chomhairliúchán agus neartófar é maidir le tarmligeán méadaithe, úsáid acmhainní, caighdeán chomhsheasmhach agus rialachas láidir. Chun dearadh eagraíochta úr a chur i bhfeidhm go héifeachtúil, forbrófar plean tionscadail faoin Oifig Bainistíochta Tionscadal ar aon dul le Marthanacht go hInbhuanaítheacht agus áireofar ar na príomhchéimeanna:

- Tacú le bunú trí chuasach
- Measúnú a dhéanamh ar riachtanais an lín foirne maidir leis an dearadh eagraíochta úr ar gach leibhéal sa Gníomhaireacht.
- Bonneagar logánta a bhunú lena n-áirítear acmhainní daonna, airgeadas agus tacaíocht

ghnó.

- Socruithe a dhéanamh don atheagrú an lín foirne ar aon dul leis na riachtanais um measúnú, an dearadh eagraíochta agus bonneagar.

Cumas Pleanála an Lucht Oibre

Cuirfidh an méadú ar an mbuiséad agus méadú mar thoradh air sin in acmhainn líon foirne Tulsa dúshlán os comhair na Gníomhaireachta i dtéarmaí gníomhaíocht bhreise earcaíochta. Earcófar 400 post breise chomh maith le 250 post a thiocfaidh as neamhfhreastal nádúrtha, rud a fhágann an ghníomhaíocht earcaíochta tuartha do 2016 ag 650. Tabharfar plean tionscadal earcaíochta i gcrích in Eanáir 2016 chun sceideal mionsonraithe earcaíochta don bhliain a chur san áireamh. Tá sé beartaithe cumas pleanála lucht oibre a fhorbairt trí Earcaíocht Tulsa a mhéadú le baill foirne thiomanta bhreise mar a leanas:

- Baill foirne acmhainní daonna bhreise in aghaidh an chuasaigh le hidirphlé a dhéanamh idir Earcaíocht Tulsa agus na Bainisteoirí Réigiúnacha agus Ceantair chun na feachtais earcaíochta a spreagadh ar fud gach gráid foirne.
- Pearsanra tiomanta in Earcaíocht Tulsa ar leibhéal corparáideach mar chomhpháirtithe gnó chun oibriú go straitéiseach le Seirbhísí Náisiúnta Earcaíochta FSS.
- Baill foirne riaracháin bhreise in Earcaíocht Tulsa chun foireann feachtais a bhunú chun 650 post aitheanta a earcú ar bhonn spriocdhírthe.
- Baill foirne thiomanta in Earcaíocht Tulsa chun grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a dhéanamh don eagraíocht go hiomlán, lena n-áirítear baill foirne agus cúramóirí altrama.

Forbrófar spriocanna i ndáil leis an obair seo mar chuid den phleanáil oibre in Eanáir agus déanfar tuairisciú ar dhifriúcháin i gcoinne na spriocanna ar bhonn míosúil. Déanfar anailís ar phróifíl aoise in 2016 lena gcuirfear bonn eolais faoin straitéis earcaíochta.

Straitéis Earcaíochta

Bhí na príomhcheisteanna a raibh tionchar acu ar chumas Tulsa chun earcaíocht a dhéanamh óna bhunú ilghnéitheach agus áirítear orthu:

- Moratóir ar earcaíocht ar fud na hearnála poiblí seachas gráid díolmhaithe.
- Srianata buiséadaithe faoina raibh ar Tulsa oibriú laistigh dá leithdháileadh airgeadais.
- Cumas teoranta na Stiúrthóireachta um Acmhainní Daonna chun freagairt d'éilimh earcaíochta ar fud na Gníomhaireachta.
- Obair trasghníomhaireachta le Seirbhís Náisiúnta Earcaíochta FSS.

Cuireann an buiséad breise agus an méadú ar na fosaithe i gcoibhéisí lánaimseartha ar chumas Tulsa straitéis earcaíochta a chur i bhfeidhm ina gcuimseofar raon spriocanna agus tionscnamh chun forbairt a dhéanamh ar an méid a baineadh amach in 2015. Ina theannta sin, cuirfear feabhas ar éifeachtúlacht fhoriomlán na Stiúrthóireachta um Acmhainní Daonna lena chinntiú go seachadfaidh an Gníomhaireacht na tiomantais atá leagtha amach sa phlean gnó atá léirithe thíos:

Earcaíocht TusLa

Déanfar an méid seo a leanas chun Earcaíocht Tulsa a neartú - seirbhís thiomanta earcaíochta agus bainistíochta buanna Tulsa:

- Acmhainní imleora a sholáthar do sheirbhís Earcaíocht Tulsa chun freastal ar riachtanais na Gníomhaireachta.
- Feabhas a chur ar an gcomhpháirtíocht leis an tSeirbhís Náisiúnta Earcaíochta.
- Obair Earcaíocht Tulsa a mhéadú agus feachtais saincheaptha a dhéanamh agus idirghabhálacha eile a spreagadh chun dul i ngleic le ganntanais foirne, straitéisí coinneála agus bainistíocht ar neamhláithreacht.
- Tabhairt isteach chéimnitheach 19 mball foirne de chuid Earcaíocht Tulsa agus monatóireacht a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht i gcoinne soláthair agus éilimh chun samhail earcaíochta oiriúnach don fheidhm a chinntiú don 650 post a theastaíonn in 2016.
- Feachtas tiomanta earcaíochta a dhéanamh le hinstiúidí tríú leibhéal ábhartha maidir le gairmithe a earcú a theastaíonn do sheachadadh seirbhísí.

Amlínte Earcaíochta a Laghdú

Déanfar amlínte reatha earcaíochta a laghdú ó shé mhí go ceithre mhí leis na gníomhartha seo a leanas:

- Déanfaidh Earcaíocht Tulsa gach post riaracháin a earcú go díreach, a bhfuil amlínte laghdaithe léirithe aige cheana i ndáil le folúntais a líonadh. Tá na poist sin tábhachtach maidir le tacaíocht a thabhairt do sheirbhísí túslíne agus iad a fheabhsú.
- Oibriú leis an nGarda Síochána chun am grinnfhiosrúcháin a laghdú.
- Cead a thabhairt le roinnt próiseas a dhéanamh roimh earcaíocht, mar shampla measúnuithe leighis.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an tsamhail earcaíochta le gach páirtí leasmhara chun na dúshlán agus na rioscaí a bhaineann le hearcaíocht gach gráid foirne a shainaithint faoi ráithe 1.
- Gach moladh ón athbhreithniú ar an tsamhail earcaíochta a chur i bhfeidhm chun amlínte d'earcaíocht a laghdú laistigh de thréimhse 16 seachtaine faoi ráithe a trí.

Anailís ar Sholáthar agus Éileamh

Beidh sé ina aidhm leanúnach ag an Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna líon foirne CL sprice 4,167 a bheith aici i gcónaí trí earcaíocht a dhéanamh chun folúntais tuartha amach anseo a líonadh bunaithe ar threochtaí beachta faoi mar a leanas:

- Anailís ar shonraí éileamh a bhunú agus dul i gcomhairle le Stiúrthóirí Seirbhíse agus Bainisteoirí Seirbhíse faoi ráithe a haon.
- Treochtaí soláthair iarbhír a bhunú trí rannpháirteachas le hinstiúidí tríú leibhéal faoi ráithe a haon.
- Leibhéil ghníomhaíochta earcaíochta a shocrú i gcoinne treochtaí bunaithe idir ráithe a dó agus ráithe a ceathair. Léiríonn an treocht reatha riachtanas de thart ar 250 post in earcaíocht ghníomhach i gcónaí d'fhonn freastal ar na poist úra a sainaithníodh agus folúntais a bheidh ag eascairt laistigh de phoist reatha a líonadh.

- Athbhreithniú a dhéanamh ar threochtaí earcaíochta ar aon dul le próifiliú míosúil agus tuairisciú ar dhifríochtaí.

Trí easnamh soláthair a aithint atá sonrach do ról an oibrí shóisialta gan ach 250 céimí ann gach bliain, cinnteoidh Earcaíocht Tulsa go ndéanfar an t-uaslíon poist oibrí shóisialta a líonadh go rathúil tríd na tionscnaimh seo a leanas:

- Soláthar réadúil a shainaithint trí rannpháirtíocht leis na hinstitiúidí tríú leibhéal.
- Anailís ar líon foirne Tulsa a dhéanamh le Stiúrthóirí Seirbhíse chun éileamh a shainaithint.
- A bheith páirteach i rannpháirtíocht réamhghníomhach le cohórt na mac léinn agus imeacht amháin i ngach institiúid tríú leibhéal ábhartha a eagrú faoi ráithe a trí.
- A bheith páirteach i luathphróiseas tarraingthe le rannpháirtíocht ar an láithreán leis na mic léinn i ngach institiúid tríú leibhéal ábhartha.
- Clár socrúcháin oibre reatha a uasghrádú agus a dhéanamh foirmeálta don oibrí sóisialta agus don fhoireann cúraim shóisialta araon.
- Aitheantas branda láidir a bhunú do Tulsa leis na hinstitiúidí tríú leibhéal.
- Oifigigh Socrúcháin Mic Léinn a aithint agus oibriú leo i ngach institiúid tríú leibhéal chun gníomhú mar thacadóirí do Tulsa.

Samhail Leithdháilte Acmhainní agus Meascán Scileanna Foirne

Chun ullmhú d'easnamh féideartha in earcaíocht oibre sóisialta glacfar fócas lena chinntiú go bhfuil na daoine cearta san áit cheart ag an am ceart agus áireofar ar na príomhchéimeanna leis sin a bhaint amach:

- Oibreoidh an Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna go comhoibríoch leis na stiúrthóireachtaí ar fad chun leibhéil foirne túslíne ar fud gach réimse seirbhíse a athbhreithniú agus a bhunú.
- A chinntiú go bhfuil an meascán ceart scileanna laistigh d'fhoirne ag baint úsáid as an athbhreithniú cléireach agus an anailís ar bhearnaí i dtacaíocht chléireach laistigh de gach ceann de na foirne agus na réigiúin.
- Cleachtas sainmhínte tasc-lóid foirne agus staidéar ama agus gluaiseachta gaolmhar a dhéanamh lena chinntiú go mbeidh na tascanna a thabharfar do gach ball foirne oiriúnach dá ról.
- Réimse píolótach a roghnú agus samhail acmhainní píolótach a reáchtáil bunaithe ar an staidéar ama agus gluaiseachta sin.

Bainistíocht um Choinneáil agus Tinreamh

Amhail an 31 Deireadh Fómhair 2015 bhí 212 scor ó Tulsa ar fud gach gráid, dá raibh 64 ina bpinsinéirí agus tá an fhaisnéis sin leagtha amach thíos:

- Is é 6.22% an neamhfhreastal foriomlán ar fud na Gníomhaireachta. Baineann 1.87% díobh sin le pinsinéirí agus baineann 4.35% díobh le neamhfhreastal eile.
- Is é 8.83% (comhlán) an ráta neamhfhreastail a bhaineann le hObair Shóisialta. Baineann 1.77% díobh sin le pinsinéirí agus baineann 7.06% díobh le neamhfhreastal eile.

Tá sé beartaithe ag an Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna aghaidh a thabhairt go réamhghníomhach ar scoir ón nGníomhaireacht, rud a d'fhéadfaí a chosc trí straitéis láidir um choinneáil. Laghdóidh sé sin an líon folúntas a thagann chun cinn agus na seirbhísí a sheasfaidh an aimsir ó chailliúint foirne a bhfuil taithí acu ar fud gach gráid, agus fócas faoi leith ar obair shóisialta tríd an gcleachtas is fearr i ngníomhaíochtaí Acmhainní Daonna. Is iad seo a leanas roinnt de na hidirghabhálacha féideartha ar a mbreithneofar agus a chuirfear i bhfeidhm de réir mar is cuí chun tacú leis an straitéis um choinneáil:

- A chinntiú go bhfuil líon cásanna cuí ag an bhfoireann de réir an chórais um bainistíocht ar líon cásanna.
- Córas inmheánach aistrithe foirne a chur i bhfeidhm laistigh de Tulsa.
- Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a chur i bhfeidhm.
- A chinntiú go bhfuil trealamh agus bonneagar cuí TFC ag na baill foirne uile chun tacú leis an obair a dhéanann siad.
- Anailís ar bhearnaí sa tacaíocht ghnó a dhéanamh chun bonn eolais a chur faoin dearadh eagraíochta lena chinntiú go bhfuil tacaíocht iomlán ag na foirne san obair a dhéanann siad.
- Imeachtaí foghlama agus forbartha sainiúla a dhéanamh chun tionchar a imirt ar fhorbairt cultúir dhearfaigh laistigh de Tulsa.
- A chinntiú go bhfuil go leor baill foirne ag an gCleachtóir Oibre Sóisialta Sinsearach chun tacú le céimithe úra agus iad a theagasc.
- Suirbhé um cultúr eagraíochta a dhéanamh agus na torthaí a úsáid chun bonn eolais a chur faoi fheabhsuithe.
- Straitéisí bainistíochta comharbais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Tabharfar tús áite dóibh sin i gcoinne léargais a gheofar amach ó agallamh scoir a dhéanfar ar bhonn comhsheasmhach ó ráithe a haon ag an Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna.

Forbairt agus Foghlaim an Lucht Oibre

Tá freagracht ag forbairt agus foghlaim an lucht oibre as na gníomhaíochtaí uile foghlama agus forbartha laistigh de Tulsa. Cuirtear clár iomlán gníomhaíochtaí foghlama agus forbartha, a aithnítear trí anailís ar riachtanais oiliúna foirne agus tosaíochtaí eagraíochtúla, ar fáil gach bliain.

Lena chois sin, tá raon tionscnamh á gcur chun cinn ag Forbairt agus Foghlaim an Lucht Oibre amhail clár saincheaptha um fhorbairt cheannaireachta agus bhainistíochta; cur i bhfeidhm Straitéise Náisiúnta um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach; agus forbairt creata le haghaidh rannpháirtíochta le coláistí tríú leibhéal.

5.0 COSAINT LEANAÍ AGUS ATHCHÓIRIÚ LEASA

Beidh roinnt tionscnamh ann sa bhliain 2016 a bheidh mar stiúradh d'athchóiriú na cosanta leanaí agus na seirbhísí leasa. Cuimseofar an t-athchóiriú sin i bhforbairt Straitéis Cosanta Leanaí agus Leasa na Gníomhaireachta (CLL).

Is sa chuid seo a imlíneofar dhá cheann de na príomhthionscnaimh maidir le cosaint leanaí agus athchóiriú leasa, a bheidh mar an bunús don chuspóir straitéiseach. Is iad sin:

- Laghdú i líon na gcásanna ag fanacht ar leithdháileadh oibrithe sóisialta
- Ullmhú agus forbairtí do Thús Áite do Leanaí

Gnóthaítear an rialachas éifeachtach ach gníomhaíochtaí a stiúradh agus a bhainistiú trí leas a bhaint as dea-chleachtais ghnó, oibiachtúlacht, cuntasacht agus ionracas. Caithfear tosú i gcás athchóiriú ar bith le cuimsiú na foghlama go nuige seo ó athbhreithnithe dearbhaithe cáilíochta inmheánacha, tuarascálacha HIQA agus tuairiscí feidhmíochta agus taighde. Tugtar le fios in athbhreithniú cuimsitheach ar thuairiscí agus ar easnaimh aitheanta gurb ann don riachtanas chun glacadh le cur chuige córais iomláin leis an seachadadh seirbhíse a athchóiriú go héifeachtach. Bainfidh athscrúdú leis sin ar na limistéir seo a leanas a imlínítear i dtábla 5.1.

Téama	Pointí agus Foinse Foghlama
Rialachas agus struchtúir	• Monatóireacht agus bainistiú ar chásanna ag feitheamh ar leithdháileadh/Chlár Rioscaí (Iniúchadh Próisis Ghnó Chaighdeánaigh (PGC) 2015). • Struchtúr dualgais chaighdeánaithe (Tuarascáil Chásanna ag Feitheamh ar Leithdháileadh 2015). • Beartais aistrithe cásanna (Tuarascáil Chásanna ag Feitheamh ar Leithdháileadh 2015). • Maoirsiú agus bainistiú na gcásanna a nglactar leo (Tuarascáil Bhliantúil an Phainéil Athbhreithnithe Náisiúnta 2014).
Próiseas agus caighdeánú	• Treoir don PGC (Iniúchadh PGC 2015). • Athbhreithniú ar an gcóras rátála tosaíochta (Tuarascáil Chásanna ag Feitheamh ar Leithdháileadh 2015). • Aistriú inmheánach cásanna (Tuarascáil Chásanna ag Feitheamh ar Leithdháileadh 2015). • Treoir thairsí (Tuarascáil Bhliantúil an Phainéil Athbhreithnithe Náisiúnta 2014).
Beartas agus cleachtas	• Cinnteoireacht ag an gcéim ghlacla isteach (Iniúchadh PGC 2015). • Samhail Measúnachta Náisiúnta (Tuarascáil Chásanna ag Feitheamh ar Leithdháileadh 2015). • Oilteachtaí agus oiliúint sa mheasúnú agus rannpháirtíocht (Tuarascáil Bhliantúil an Phainéil Athbhreithnithe Náisiúnta 2014).

Comhoibriú Idirghníomhaireachta	- Tuiscint thairsí do ghníomhaireachtaí eile (Iniúchadh PGC 2015). - Oibriú idirghníomhaireachta (Tuarascáil Bhliantúil an Phainéil Athbhreithnithe Náisiúnta 2014).
Faisnéis agus sonraí	- Faisnéis ar chásanna líon cásanna scagtha (Iniúchadh PGC 2014). - Uirlisí bailíochtaithe do shonraí (Tuarascáil Chásanna ag Feitheimh ar Leithdháileadh 2015). - Athbhreithniú ar tháscairí feidhmíochta (Tuarascáil Chásanna ag Feitheimh ar Leithdháileadh 2015). - Bunachar sonraí um atreoruithe (Tuarascáil Chásanna ag Feitheimh ar Leithdháileadh 2015).

Tábla 5: Achoimre ar thuairiscí agus foinsí faisnéise an straitéis CLL

Is ann do dheis anois don Ghníomhaireacht chun machnamh faoina fíis agus chun í a leathnú chun díriú ar athrú córais iomláin i gcomhthéacs na Straitéise molta do Chosaint agus Leas Leanaí. Teastaíonn dearcadh iomlánaíoch chun aghaidh a thabhairt ar athruithe córais faoina bhfuil ag tarlú ag leibhéal eagrúcháin, grúpa agus seirbhíse. Ligeann anailís níos córasaí ar na fachtóirí go léir a imlínítear i dtábla 5.1 d'fheabhsú trí aithint na n-easnamh, gníomh ceartaitheach a bheartú, torthaí a uasmhéadú, an dúbailt a íoslaghdú agus sineirge níos fearr a ghnóthú.

Aghaidh a thabhairt ar chásanna ag feitheimh ar leithdháileadh

Is í an tosaíocht is mó don Ghníomhaireacht agus don Aire sa bhliain 2016 ná chun líon na gcásanna a laghdú atá ag feitheimh ar leithdháileadh d'oibrí sóisialta um chosaint agus leas leanaí agus um leanaí sna seirbhísí cúraim. Áirítear leis an leithdháileadh cáinainseise sa bhliain 2016 do Tusla foráil faoi leith de chistiú (€6.1m), rud a chumasóidh laghdú nach beag i líon na gcásanna nár leithdháileadh oibrí sóisialta do leanbh éigin, le haird faoi leith ar na cásanna úd a aicmítear le tosaíocht ard, agus go mbíonn oibrí sóisialta leithdháilte do gach leanbh faoi chúram i gcónaí. Beidh tionchar aige sin freisin ar an meánachar feithimh do leithdháileadh oibrí shóisialta.

Teastaíonn freagra cuimsitheach agus éifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist úd, ina dtugtar san áireamh an t-athbhreithniú náisiúnta a rinneadh sa bhliain 2015 agus an cás gnó ó Mharthanas go hInbhuanaítheacht. Tá sé tábhachtach freisin go n-aithnítear go mbeidh earcú oibrithe sóisialta breise ina eochair-chleithiúnas i ndáil le laghdú líon na gcásanna ag feitheimh ar leithdháileadh. Teastóidh cur chuige córais iomláin áfach chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist úd. Áirítear leis sin earcú ball eile d'fhoirne ildisciplíneacha a rannchuireann le seachadadh seirbhíse éifeachtaí cosanta agus leasa leanaí, mar shampla oibrithe tacaíochta teaghlaigh, oibrithe cúraim shóisialta, nasc-oibrithe, foireann rochtana agus lucht bainistíochta agus lucht tacaíochta riaracháin.

Bainfidh an méid seo a leanas leis an bhfreagra cuimsitheach sin:

- Bunú foirne tionscadail chun an tionscadal seo a mhaoirsiú agus a bhainisítú.

- Earcú foirne saindírithe.
- Tuairisciú feidhmíochta méadaithe.
- Cur chuige sainithe do leithdháileadh acmhainne chun aghaidh a thabhairt ar éilimh shonracha na réimsí seirbhíse. Áireofar leis sin próiseas d'aithint na n-acmhainní fadtéarmacha is gá chun foirne a chur ar bhonn inbhuanaithe agus na n-acmhainní gearrthéarmacha a theastaíonn i roinnt Limistéar chun aghaidh a thabhairt ar riaráistí.

Is iad seo a leanas na spriocanna sa bhliain 2016 a bhfuil Tusla ag dúil lena ngnóthú:

- Laghdú náisiúnta faoi 60% i líon na gcásanna ag feitheamh ar leithdháileadh faoi dheireadh na bliana.
- Sprioc náisiúnta de níos lú ná 5% do chásanna ag feitheamh ar leithdháileadh le hainmniú mar ardtosaíocht.
- 100% de na leanaí faoi chúram cónaitheach arna leithdháileadh chuig oibrí sóisialta faoi dheireadh na bliana.
- 100% de na leanaí faoi chúram altrama arna leithdháileadh chuig oibrí sóisialta faoi dheireadh na bliana.

Tá na spriocanna sin bunaithe ar an ráta tarchur reatha sa bhliain 2015, agus b'fhéidir go gcaithfí iad a choigeartú bunaithe ar uainiú tosú an tuairiscithe éigeantaigh faoin Reachtaíocht Tús Áite do Leanaí agus na hearcaíochta freisin.

Tús Áite do Leanaí

Achtaíodh An tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015 an 19 Samhain 2015 agus is ar bhunús céimnithe a thosóidh sé i dtaca le horduithe tosaithe ón Aire. Imlínítear san Acht 2015 roinnt beart nua chun córais agus próisis chosanta agus leasa leanaí a threisiú a thuilleadh. Is éard is aidhm shonrach leis an Acht:

- Feasacht a spreagadh i leith mhí-úsáid agus fhaillí leanaí.
- Tuairisciú éigeantach a éileamh ó eochairghairmithe agus a rannpháirtíocht le measúnú agus idirghabháil i leith ábhar imní chun sábháilteacht linbh a chinntiú. Níl bailchríoch curtha go fóill le huainiú an tosaithe.
- Socruithe cosanta leanaí a fheabhsú in eagrais a sholáthraíonn seirbhísí do leanaí, agus a chinntiú go bhforbraíonn gach seirbhís ábhartha Ráiteas Cumhdaigh ina gcuirtear síos ar an gcaoi arb aidhm lena seirbhís chun leanaí a chumhdach.
- Foráil d'oibriú idirghníomhaireachta agus do chomhroinnt faisnéise i ndáil le measúnachtaí ag an nGníomhaireacht.

Beidh feidhm i gcónaí leis na freagrachtaí agus prionsabail a imlínítear in *Tús Áite do Leanaí, Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2011* agus le haon treoir breise arna heisiúint ag an Aire i ndáil le cumhdach leanaí. Is éard is rún leis an mbeartas ná go n-oibreofar an reachtaíocht in éineacht leis na hoibleagáidí neamhreachtúla reatha dá bhforáiltear in *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2011*.

Táthar ag leasú agus ag nuashonrú *Tús Áite do Leanaí, Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas*

Leanaí 2011 i láthair na huaire chun an reachtaíocht a léiriú. Táthar ina bhun sin chun a chinntiú go leanann an Treoir ar aghaidh mar an phríomhshaothar tagartha do gach saoránach chun ábhair imní a thuairisciú. Is inti a sholáthrófar soiléire idir an reachtaíocht agus na hoibleagáidí reatha neamhreachtúla a leanfaidh ar aghaidh i mbun feidhme do gach earnáil den tsochaí.

Roimh thosú an Achta is amhlaidh atá Tusla tar éis Foireann Fhorfheidhmiúcháin Náisiúnta a bhunú chun díriú ar fhorbairt Straitéis Cosanta agus Leasa Leanaí. Is sa straitéis a bheartófar tosaíocht d'fhorfheidhmiú na n-athruithe reachtaíochta is gá. Áireofar leis na limistéir thosaíochta úd:

1. Soláthar nuashonruithe rialta maidir le forfheidhmiú Thús Áite do Leanaí trí mheán www.tusla.ie
2. Córais soiléire a fhorbairt d'fháil agus d'aithint tuairiscí ó dhaoine údaraithe agus ó dhaoine eile nach iad.
3. Treoir a fhorbairt chun tacú le heagrais seachtracha maidir lena gcuid oibleagáidí reachtúla chun tacú le Tusla um measúnú agus idirghabháil.
4. Treoir a fhorbairt chun tacú le gníomhaireachtaí agus le seirbhísí chun a gcuid Ráiteas Cumhdaigh a tháirgeadh
5. Faisnéis agus comhairle a sholáthar do ghníomhaireachtaí seachtracha trí mheán ardáin ríomhfhoghlama ar líne maidir lena bhfreagrachtaí.
6. Tacú le gníomhaireachtaí chun a gcuid clár oiliúna féin a fhorbairt i gcomhréir leis an dea-chleachtas.
7. Clár neamh-chomhlíonta i gcoinne Ráiteas Cumhdaigh a fhorbairt.
8. 17 pointe iontógála saintiomanta a chruthú .i. ceann amháin in aghaidh an limistéir le seoltaí ríomhphoist agus uimhreacha fóin saintiomanta chun tarchur a fháil.

Tiocfaidh dúshlán le tabhairt isteach an Achta do Tusla ó thaobh an éilimh mhéadaithe ar sheirbhísí i ndáil le dualgas agus iontógáil. B'fhéidir go gcaithfear acmhainní breise a aithint sa bhliain 2016 chun an méadú ionchasach sin a shásamh.

6.0 AISTRIÚ I DTREO NA COIMHDEACHTA

Forbhreathnú

Chuathas i mbun comhairliúcháin chuimsithigh sa bhliain 2015 le foireann Tusla maidir leis an tsamhail oibriúcháin agus an struchtúr eagrúcháin a theastaíonn chun an Ghníomhaireacht a chur ar bhonn inbhuanaithe. Díríodh an comhairliúchán ar thaiscéaladh na gcóras agus na struchtúr ab éifeachtaí do sheachadadh seirbhíse laistigh de Tusla. Moltar san athbhreithniú eagrúcháin sin, i gcomhar leis an tuarascáil ón Tascfhórsa um an nGníomhaireacht um Thacaíocht Leanaí agus Teaghlaigh (2012), go n-athraítear an Ghníomhaireacht ó dhearadh eagrúcháin thrí nó dhá chiseal, leis an gcoimhdeacht ag croílár na samhlach. Cuimsíonn an tsamhail dhá chiseal seachadadh seirbhíse, go príomha na Réimsí seirbhíse, agus an Oifig Náisiúnta.

Teastaíonn sa ghnáthchleachtadh ón tsamhail dhá chiseal úd go mbíonn oifig lárnach náisiúnta láidir ann chun treoir agus tacaíochtaí corparáideacha a sholáthar do réimsí seirbhíse ag a mbíonn údarás tarmligthe chun acmhainní a bhainistiú le cuntasacht mhéadaithe. Ní mór do Tusla faoin tsamhail coimhdeachta sin go gcloíonn siad leis na prionsabail seo a leanas:

- Soláthraítear na seirbhísí ag an leibhéal áitiúil is praiticiúla.
- Caithfear roinnt seirbhísí a sheachadadh go náisiúnta de bharr saincheistanna scála agus speisialtóireachta.
- Tacóidh údarás soiléir tarmligthe chun glacadh le cinntí maidir le húsáid acmhainní leis an gcumraíodh úd, go sonrach rialú buiséid agus líon foirne.
- Línte cuntasachta soiléire.
- Tacófar leis na limistéir trí threorú agus maoirsiú láidir náisiúnta/lárnach.
- Ba cheart go soláthrófaí seirbhísí tacaíochta gnó (Acmhainní Daonna, airgeadas, TFC, an chumarsáid, eastáit) agus an dearbhú cáilíochta ag leibhéal náisiúnta de réir mar is cuí.

Cisil Samhlach

Cuirtear síos ar fheidhmeanna na gciseal éagsúil ina mionsonraí sa chuid seo, chun soiléire a sholáthar maidir leis an tsamhail seo.

Feidhmeanna na hOifige Náisiúnta

Sa tsamhail coimhdeachta is ar an oifig náisiúnta a luíonn an fhreagracht as réimse feidhmeanna lena n-áirítear:

- Straitéis eagrúcháin.
- Beartais agus nósanna imeachta oibriúcháin.
- Córais agus struchtúir rialachais.
- Aonad tacaíochta coimisiúnaithe.
- Aitheantas corparáideach.
- Leithdháileadh acmhainne agus pleanáil seirbhíse.
- Monatóireacht agus breithmheas agus socrú spriocanna/seirbhísí ineachadta soiléire.
- Comhsheasmhacht chur chuige trasna na n-aonad áitiúil a chinntiú.
- Bainistiú agus forbairt na ceannaireachta agus an lucht saothair.

An tacaíocht ghnó is éifeachtaí (acmhainní daonna, airgeadas, teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide, cumarsáid, eastáit) agus an dearbhú cáilíochta is éifeachtaí a chinntiú.

Seirbhísí áirithe a oireann dá seachadadh mar sheirbhís shingil náisiúnta, mar shampla an cúram cónaitheach, altramas, imscrúdú blianta luathóige, leas oideachasúil agus roinnt seirbhísí teiripeacha.

Bunófar trí bhraisle in ionad na gceithre réigiún chun tacú leis an Oifig Náisiúnta ina ról maoirseachta agus chun tacaíochtaí breise a sholáthar do na Limistéir. Is éagsúil é ról na mbraislí ón struchtúr réigiúnach roimhe seo. Is é príomhról na mbraislí chun tacaíocht bainistíochta líne agus maoirsiú gairmiúil a sholáthar do na Bainisteoirí Limistéir laistigh dá sainchúram. Is iad na braislí freisin a bheidh freagrach as maoirsiú feidhmíochta agus as comhordú na seirbhísí tacaíochta gnó.

Feidhmeanna an Réimse Seirbhíse

Ba chóir gurbh iad na réimsí seirbhísí atá freagrach as an réimse seirbhísí iomlána, cé is moite díobh siúd a oibrítear ag seachadadh náisiúnta, lena n-áirítear:

- Pleanáil seirbhíse áitiúla.
- Forfheidhmiú an bheartais agus na straitéise náisiúnta.
- Dearbhú cáilíochta agus bainistiú riosca.
- Seirbhísí cosanta agus leasa leanaí.
- Cúram altrama.
- Tacaíocht teaghlaigh, cosc agus idirghabháil luath.
- Cur chun cinn agus forbairt an chomhoibrithe agus an chomhshaothraithe idirghníomhaireachta áitiúil, go háirithe na caidrimh le hEagrais Sláinte Pobail (ESP) na FSS a uasmhéadú.
- Cuntasacht as comhlíonadh le caighdeán/prótacail.
- Bainistiú airgeadais, rialú fostaíochta agus saincheisteanna acmhainní daonna.

Tabharfar tarmligean iomchuí do Limistéir chun a chinntiú go mbíonn soiléire ann maidir leis na leibhéil údaráis agus freagrachta a bheidh ag gach Bainisteoir Limistéir faoin tsamhail nua.

Céimeanna sa bhliain 2016

Beidh roinnt tionscadal ann sa bhliain 2016 chun an tsamhail oibriúcháin agus na struchtúir eagrúcháin nua a chéimniú isteach de réir a chéile. Áireofar leis sin an tÚdarás a ghluaiseacht i dtreo leibhéal coimhdeachta níos airde. Áireofar le roinnt de na céimeanna úd:

- Críochnú na struchtúr stiúthóireachta náisiúnta.
- Céimniú amach na gceithre réigiún agus gluaiseacht i dtreo na trí bhraisle.
- Treisiú na 17 réimse seirbhíse trí leithdháileadh acmhainní breise de réir mar is gá. Méadófar leis na hacmhainní úd an cumas tacaíochta gnó agus an seachadadh seirbhíse tosaigh.
- Tuilleadh forbartha den bhonneagar CSLDÓ sa bhliain 2016 chun cur leis an gcumas straitéiseach den bhonneagar agus den phróiseas pleanála áitiúil gaolmhar.

7.0 OIBRIÚ ILGHNÍOMHAIREACHTA

Chun torthaí dearfacha a sheachadadh go héifeachtach do leanaí, teaghlaigh agus pobail is amhlaidh a bhaineann tábhacht le glacadh le chur chuige córais iomláin chun comhordú iomchuí agus seachadadh seirbhísí a chinntiú. Cé gur minic ag Tusla a bhíonn ról ceannaireachta as a chinntiú gur sábháilte iad leanaí agus go sásaítear a gcuid éileamh, is soiléir nach féidir leis an nGníomhaireacht é sin a ghnóthú aisti féin amháin agus go mbraitheann sí go láidir ar chomhoibriú, rannpháirtíocht agus rannchur eochair-gheallsealbhóirí agus eochair-chomhpháirtithe.

Tá sé ríthábhachtach gur soiléir do gach comhpháirtí agus geallsealbhóir seachtrach a gcuid oibleagáidí agus rannchur eile chun a chinntiú go bhfaigheann agus go bhfeiceann leanaí agus teaghlaigh cúram agus tacaíocht chomhtháite. Tugtar achoimre sna codanna thíos ar thábhacht an chur chuige ilghníomhaireachta trasna na gclár éagsúil agus ar ról na n-eochaireagrais chun torthaí níos fearr a ghnóthú do leanaí agus chun tacú le cur chuige an linbh iomláin.

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ)

Leanfaidh Tusla ar aghaidh ag cloí leis an bPrótacal Cumarsáide agus Comhoibrithe atá i bhfeidhm leis an RGLÓ, rud a thacóidh ag leibhéal straitéiseach leis an gcomhéadan le Ranna Rialtais eile.

Seirbhísí Meabhair-Shláinte

I gcomhréir le moltaí deireanacha ag éirí as tuarascálacha an phainéil athbhreithnithe náisiúnta i mbásanna leanaí agus i dteagmhais tromchúiseacha, is amhlaidh a theastaíonn caidrimh agus prótacail oibre níos dlúithe i gcomhair leanaí leochaileacha agus daoine óga óna dteastaíonn rochtain tosaíochta ar sheirbhísí meabhairshláinte. Táthar ag forbairt Comh-Phrótacail Oibre idir Tusla agus Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh (SMSLÓ), rud a thabharfar chun críche sa bhliain 2016.

Míchumas

Cuirfear Tusla bailchríoch le comhphrótacal oibre leis an FSS sa bhliain 2016 chun pleanáil go honnghníomhach d'éilimh leanaí le míchumais. Leagfar béim shonrach ar theorannú soiléir na bhfreagrachtaí maidir le cistiú do leanaí faoi chúram agus faoi iarchúram ón dteastaíonn seirbhísí míchumais. Is eochairghné den rannpháirtíocht sin a bheidh i bhfeabhsú na dtacaíochtaí do thuismitheoirí a dtéann an míchumas i bhfeidhm orthu agus chun a chinntiú go mbíonn measúnacht ilghníomhaireachta ann dá gcumas tuismitheoireachta.

An Garda Síochána

Bíonn ról ríthábhachtach ag An Garda Síochána um chosaint agus leas leanaí de bharr a gcumhachtaí faoin Acht um Chúram Leanaí 1991. Bíonn caidrimh láidre oibre ag Tusla leis na Gardaí ag na leibhéil náisiúnta agus áitiúla i gcomhréir le Tús Áite do Leanaí. Bainfidh tábhacht faoi leith leis sin sa bhliain 2016 le tabhairt isteach Tús Áite do Leanaí ar bhonn reachtúil agus le forbairt na seirbhísí lasmuigh de ghnáthuaireanta.

Is de bharr an leibhéil aird fógraí a bhfuiltear á bhfáil i láthair na huaire ó An Garda Síochána, is amhlaidh a fhorbróidh Tusla próiseas malartach do tharchur leanaí nach bhféadann an tairseach

d'fhógra foirmiúil a shásamh.

Foirfheidhmiú Mheitheal

Tá Tusla i mbun phróiseas fhorfheidhmiú Mheitheal: Samhail Chleachtais Náisiúnta do gach Gníomhaireacht a oibríonn le Leanaí, Daoine Óa agus lena dTeaghlaigh. Is éard is aidhm leis an tsamhail chun a chinntiú go bhfaigheann leanaí agus teaghlaigh tacaíocht agus cúnamh ar bhealach comhtháite agus comhordaithe ar sorochtana dóibh é.

Is cur chuige ilghníomhaireachta go bunúsach é ina dtugtar le chéile an réimse riachtanach saineolais, eolais agus oilteachtaí chun éilimh dhaoine óga a shásamh chomh luath agus is féidir.

Treiseoidh Tusla sa bhliain 2016 a chomhpháirtíocht de shaothrú leis na hAltraí Sláinte Poiblí, oidí agus a n-ionadaithe chun tacú lena rannpháirtíocht sa chreatlach Mheitheal.

Iar-Chúram

Na daoine óga a fhaigheann iarchúram agus nach bhfuil san oideachas lánaimseartha; ní bhíonn siad incháilithe d'íocaíochtaí iarchúraim iomlána agus do sholáthar tithíochta eile. Féadann easpa cothromais teacht mar thoradh air sin do dhaoine óga leochaileacha óna dteastaíonn tacaíochtaí feabhsaithe chun a gcuid éileamh a shásamh. Rachaidh Tusla i rannpháirtíocht leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus leis an Roinn Comhshaoil chun comhfhreagra a fhorbairt i ndáil leis an tsaincheist úd. Díreoidh Tusla go sonrach ar na hathruithe seo a leanas do dhaoine óga a mholadh, a bhí faoi chúram an Stáit, atá os cionn 18 bliain d'aois agus nach bhfuil san oideachas lánaimseartha:

Ba cheart go bhfaigheadh gach duine óg a fhágann an cúram cárta leighis nó go mbíonn siad neamhspleách ó thaobh an airgeadais de nó ar a laghad go dtína 25^ú breithlá.

Rachaidh Tusla i rannpháirtíocht leis an Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS) i ndáil le tabhairt ráta níos airde den Liúntas do Chuardaitheoirí Poist do dhaoine a fhágann an cúram. Ba cheart go ndéanfaí é sin a dhéanamh foirmiúil agus go dtabharfaí aitheantas do na daoine a fhágann an cúram mar ghrúpa iontu féin. Déanfaidh Tusla idirbheartaíocht leis na RCS freisin i ndáil le socrú caighdeáin náisiúnta maidir le tacaíochtaí tithíochta chun earlaisí cíosa a sholáthar do dhaoine óg a fhágann an cúram.

Ceartas don Óige

Is éard is cuspóir leis an bPlean Gnímh um Cheartas don Óige ná chun sochaí níos sábháilte a chruthú trí shaothrú i gcomhpháirtíocht chun ciontuithe ag an óige a laghdú trí idirghabhálacha agus nascálacha iomchuí leis an tseirbhís. Díritear é chun leanúint ar aghaidh leis na treochtaí síos sa choireacht ardtoirte agus chun an riachtanas don choinneáil a laghdú, rud a chinnteoidh torthaí níos fearr do leanaí agus do theaghlaigh. Forbróidh Tusla Comh-Phrótaícal Oibre sonrach le Seirbhísí na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig

An tOideachas

Féachfaidh Tusla chun rannpháirtíocht fhoirmiúil a fháil leis an Roinn Oideachais agus Scileanna

i gcomhthéacs an athbhreithnithe DEIS.

Beifear ag iarraidh comhráite freisin leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun na socrúcháin scoile atá gach leanbh faoi chúram agus chun feidhmíocht oideachais na leanaí faoi chúram a thairgadh, chomh maith leis an bplean agus an tuairisc oideachais aonair a fheabhsú, mar chuid den phróiseas pleanála cúraim.

Grúpaí leochaileacha

Tá fianaise ann go bhfeictear grúpaí áirithe go díreireach sna freagraí idirghabhála géarchéime ar nós na cosanta leanaí, an leasa oideachais agus na leanaí faoi chúram. Stiúrfaidh Tusla anailís sa bhliain 2016 ar ghrúpaí leochaileacha éagsúla chun fáil amach an dteastaíonn idirghabhálacha agus tacaíochtaí saindírithe. Leagfar béim sa chleachtadh go sonrach ar an lucht siúil, ar an easpa dídine agus ar ghrúpaí eitneacha nua. Is é toradh an chleachtaidh sin a mhúnlóidh an beartas agus an cleachtas agus an seachadadh seirbhíse ar fud gach seirbhíse sa Ghníomhaireacht, go háirithe Seirbhísí Leasa Oideachasúla, Seirbhísí Cosanta agus Leasa Leanaí, agus Seirbhísí Tacaíochta do Theaghlaigh.

Forfheidhmiú Thús Áite do Leanaí

Is le bunú an Ghrúpa Idir-Rannaigh Thús Áite do Leanaí ar bhunús reachtúil a chinnteofar ionadaíocht agus comhordú tras-earnálach agus tras-ghníomhaireachta i leith fhorfheidhmiú fhorálacha an Achta agus na dTreoirlínte Náisiúnta leasaithe. Feidhmeoidh Tusla ról lárnach amach sa bhliain 2016 chun tacú le saothair an ghrúpa fhorfheidhmiúcháin úd, agus forbróidh sí freisin an tacaíocht breise chun cúnamh le gníomhaireachtaí eile faoi mar a imlínítear i gCaibidil 5.

8.0 SEACHADADH AN PHLEAN CHORPARÁIDIGH - BLIAIN A DÓ

Forbhreathnú Caibidle

Is sa chaibidil seo a imlínítear gníomhartha agus inseachadtaí an Phlean Ghnó 2016 arna n-eagrú de réir na gcúig aschur Ghearrthéarmacha den Phlean Corparáideach 2015 - 17:

- Aschur A:** Freagraíonn próisis agus córais chosanta leanaí Tusla do leanaí i mbaol ar bhealach tráthúil.
- Aschur B:** Is í an fhianaise a mhúnlaíonn gach próiseas agus córas atá mar bhonn faoi bheartas agus seirbhísí leanaí agus teaghlaigh.
- Aschur C:** Réimse tacaíochtaí teaghlaigh agus tuismitheoireachta saindríthe.
- Aschur D:** Bíonn freastal, rannpháirteachas agus coinneáil san oideachas lánaimseartha leabhaithe sa seachadadh seirbhíse do gach leanbh.

Clár Oibre don bhliain 2016

Tá struchtúr mar seo a leanas le gach cuid a bhunaítear ar na cúig aschur Ghearrthéarmacha:

- Gníomhartha an Phlean Chorporáidigh 2015-17 agus Eochair-Ghnóthachtálacha 2015 comhghaolmhara
- Réimsí Seirbhíse - liostófar ar leithligh seirbhísí sonracha ar ábhartha iad don aschur corparáideach. Soláthrófar an t-eolas seo a leanas faoi gach réimse seirbhíse:
 - Ráiteas cuspóra - rún na seirbhíse nó an chlár
 - 2016 agus Tosaíochtaí - na heochair-fhorbairtí agus na tionscnaimh fheabhsúcháin don bhliain 2016 bunaithe ar an ráiteas feidhmíocht agus ar an bPlean Corparáideach 2015 - 17.
 - Gníomhaíochtaí agus Spriocanna Seirbhíse - tuairisc ghairid ar oibríochtaí laethúla agus ar aon spriocanna seachadta seirbhíse ábhartha

Tabharfar cur síos mionsonraithe ar na tosaíochtaí agus na gníomhartha a imlínítear sa chaibidil seo trí mheán pleananna tionscadail agus oibre i bhfoirm cloch míle agus tráthlínite, ag na Stiúrthóireachtaí agus na foirne freagracha. Déanfar an dul chun cinn a rianú agus a mhonatóireacht ar bhonn ráithiúil.

Tá sé tábhachtach chun a aithint go bhfuil roinnt tionscnamh ann, go háirithe i ndáil le hAcmhainní Daonna, Airgeadas, Beartas agus Dearbhú Cáilíochta, a théann i bhfeidhm ar gach seirbhís agus oibríocht de chuid Tusla. Ní dhéantar tagairt do na gníomhartha úd ar fháthanna praiticiúla ach amháin i gceann de na codanna a bhaineann le haschur Gearrthéarmacha, teastaíonn próisis soiléire ó gach foireann agus seirbhís áfach d'fhorfheidhmiú na gceangaltas trasghearrthach sin.

Aschur Gearrthéarmach

Córais Éifeachtacha do Chosaint Leanaí

Freagraíonn Próisis agus Córais Chosanta Leanaí Tusla ar Bhealach Tráthúil do Leanaí atá i mBaol



Eochair-Ghnóthachtálacha sa bhliain 2015 os coinne Chuspóirí Straitéiseacha agus Gearrthéarmach A

A1.	Córas faisnéise comhtháite a fhorfheidhmiú ina gcuimsítear atreorú, measúnú agus leanaí faoi chúram (Cuspóir Straitéiseach 2) Bainisteoir Tionscadail Chóras Faisnéise Náisiúnta Cúraim Leanaí (CFNCL) ceaptha. Córas píolótach i mbun oibre sa Mheán-larthar agus measúnacht ar siúl.
A2	Córas Fógartha um Chosaint Leanaí (CFCL) a fhorbairt agus a chothabháil chun sábháilteacht na leanaí i mbaol a ndíobhála a shlánú (Cuspóir Straitéiseach 2) Bunachar sonraí CFCL forbartha agus rochtain ar ghníomhaireachtaí ábhartha agus seachtracha soláthairthe. Iniúchadh náisiúnta ar CFCL stiúrtha.
A3	Seirbhís éigeandála náisiúnta lasmuigh de ghnáthuaireanta (SÉLGU) a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú (Cuspóir Straitéiseach 1) Bunaíodh SÉLGU náisiúnta, lenar áiríodh seirbhís socrúcháin chúraim altrama agus seirbhís oibre sóisialta ar glao-dhualgas.
A4	An Beartas Tús Áite do Leanaí a fhorfheidhmiú go himmheánach agus go seachtrach ar bhonn comhsheasmhach (Cuspóir Straitéiseach 1) Sraith Straitéisí forbartha don Tús Áite do Leanaí. Caighdeán oiliúna forbartha agus soláthraíodh Oiliúint sa Tús Áite do Leanaí le heagrais chistithe. Cáipéis Treorach um Chumhdach forbartha.
A5	Tuairisciú comhtháite a fhorbairt do Tusla, lena n-áirítear airgeadas, acmhainní daonna agus sonraí oibriúcháin ar oiriúnach don fhoireann bainistíochta, don Bhord agus don Aire iad (Cuspóir Straitéiseach 2) Tuairiscí Ráithiúla um Fheidhmíocht Chomhtháite foilsaithe i rith na bliana 2015.
A6	Córas comhtháite a fhorfheidhmiú chun teagmhais agus gearáin a bhainistiú agus chun foghlaim uathu. (Cuspóir Straitéiseach 8) Beartais do bhainistiú gearán agus teagmhas forbartha ag Tusla dá rolladh amach sa bhliain 2016 agus córas tuairiscithe leictreonach don dá cheann.
A7	Rannchur le hathchóiriú an chórais Chaomhnóra ad Litem (CAL)(Cuspóir Straitéiseach 1) D'fhreagair an grúpa oibre do thograí RLGÓ chun an córas CAL a athchóiriú.

Réimsí Seirbhíse

Is sa tábla seo a leanas a leagtar amach forbhreathnú ar na réimsí seirbhíse is ábhartha d'Aschur Corparáideach A.

Seirbhísí Cosanta agus Leasa Leanaí

Foirne Cosanta agus Leasa Leanaí

Ráiteas Cuspóra

Is éard is cuspóir leis an tseirbhís Cosanta agus Leasa Leanaí ná chun freagrachtaí reachtúla na Gníomhaireachta a shásamh i gcomhréir leis an Acht um Chúram Leanaí, 1991 agus le hAcht na Leanaí, 2001. Ní foláir don Ghníomhaireacht leas an linbh i mbaol nó óna dteastaíonn cosaint a aithint agus a chothú, agus chun seirbhísí tacaíochtaí teaghlaigh a sholáthar.

Tosaíochtaí don bhliain 2016

- Cur chuige a chinntiú maidir le freagairt d'atreoruithe lena soláthraítear go comhsheasmhach freagra ar éifeachtúil, éifeachtach agus comhréireach é.
- Laghdú saindírithe náisiúnta de chásanna ag fanacht ar leithdháileadh i dtaca le cosaint agus leas leanaí, leanaí faoi chúram agus cásanna mí-iompair shiarghabhálacha.

Gníomhaíochtaí agus Spriocanna Seirbhíse

- An struchtúr náisiúnta um chosaint agus leas leanaí a nuashonrú le treoír-stiúrthóir seirbhíse atá freagrach as beartas cosanta agus leasa leanaí agus as a bhforfheidhmiú.
- Straitéis um Chosaint Leasa Leanaí a fhorbairt chun creat a sholáthar chun struchtúr agus freagrúlacht na bhfoirne dualgais / iontógála a fheabhsú.
- Cur chuige comhsheasmhach a chinntiú maidir le scagadh agus measúnú atreoruithe i ngach aon Limistéar le forfheidhmiú cur chuige comoibrithigh agus grúpa a áireamh i dtaca leis an nglacadh le hatreoruithe i ngach aon Limistéar .i. foirne Athbhreithnigh Breithmheas Stiúir (ABR).
- 17 pointe iontógála saintiomanta a chruthú .i. ceann amháin in aghaidh an Limistéir le seoltaí ríomhphoist agus uimhreacha fóin saintiomanta chun atreoruithe a fháil.
- Oiliúint agus treoír athnuaite a sholáthar chun comhsheasmhacht níos mó a chinntiú i leith chur i bhfeidhm na bpróiseas agus na dtairseach gnó caighdeánach ar fud na seirbhíse.
- Leibhéil foirne bonnlíne a athbhreithniú agus a bhunú do sheirbhísí cosanta agus leasa leanaí i ngach aon Limistéar.
- Próiseas a aithint chun comhlíonadh le caighdeáin chosanta agus leasa leanaí HIQA a fheabhsú i gcomhar leis an Stiúrthóireacht um Dhearbhú Cáilíochta.
- Cur chuige a sholáthar do sheirbhís fhreagrúil agus éifeachtach do leanaí sna grúpaí leochaileacha, mar shampla an lucht siúil, teifigh, Éireannaigh nua, daoine gan dídean, leanaí sa soláthar díreach agus leanaí le míchumais.
- Foireann Seirbhísí Sóisialta Idirnáisiúnta a bhunú in oifig na nOibríochtaí Náisiúnta.

- Foireann Idirghabhála shaintiomanta a bhunú chun tacaíochtaí breise a sholáthar in imthosca mar a dteastaíonn feabhsú go práinneach.
- Treoir brieise a sholáthar do bhaill foirne i dtaca le cur i bhfeidhm na bPróiseas Gnó Caighdeánach chun tacú le húsáid an bhreithiúnais ghairmiúil.
- An t-athbhreithniú ar Chuid 3 Beartas agus Nósanna Imeachta chun Freagairt do Líomhaintí na Mí-Úsáide agus na Faillí Leanaí a chomhlíonadh, agus plan forfheidhmiúcháin a fhorbairt chun cuir i bhfeidhm éifeachtach i ngach aon Limistéar a chinntiú.
- Próiseas a fhorfheidhmiú chun cásanna mí-úsáide siarghabhálacha a bhainistiú i ngach aon Limistéar i gcomhréir leis an mbeartas. Sannfar acmhainní breise chun aghaidh a thabhairt ar an riaráiste cásanna mí-úsáide siarghabhálacha mar chuid de na cásanna ag feitheamh ar leithdháileadh.
- Próiseas malartach a fhorbairt leis An Garda Síochána d'atreorú leanaí nach bhféadann an tairseach d'fhógairt fhoirmiúil a shásamh.

Cásanna ag Feitheamh ar Leithdháileadh

- Bainisteoir tionscadail a cheapadh agus foireann tionscadail ildisciplíneach a bhunú chun díriú ar aghaidh a thabhairt ar chásanna oscailte ag feitheamh ar leithdháileadh. Déanfaidh an bainisteoir tionscadail agus an fhoireann athbhreithniú go rialta ar fhaisnéis feidhmíochta maidir le cásanna ag feitheamh ar leithdháileadh chun dul chun cinn a mheasúnú. Áireofar leis sin córais a fhorbairt chun cásanna práinneacha nó éigeandála a thomhas.
- Plan tionscadail mhionsonraithe dhá bhliain a tháirgeadh ina n-implínítear an próiseas chun líon na gcásanna ag feitheamh ar leithdháileadh a laghdú go suntasach sna blianta 2016 agus 2017. Áireofar leis sin plan ina n-implínítear an chaoi ina n-implonófar acmhainní, ar bhunús oibiachtúil agus trédhearcach, i ngach aon limistéar chun aghaidh a thabhairt ar an riaráiste agus chun an tseirbhís a chur ar bhonn inbhuanaithe. Áireofar leis sin freisin mionsonraí maidir le himlonnú acmhainne gearrthéarmach i leith Limistéar sonraithe nach bhféadann cumas fadtéarmach breise bheith de dhíth orthu.
- Implínítear thíos na spriocanna maidir le cásanna ag feitheamh ar leithdháileadh don bhliain 2016:
 - Laghdú náisiúnta faoi 60% i líon na gcásanna ag feitheamh ar leithdháileadh faoi dheireadh na bliana.
 - Sprioc náisiúnta de níos lú ná 5% do chásanna ag feitheamh ar leithdháileadh le hainmniú mar ardtosaíocht.
 - 100% de na leanaí faoi chúram cónaitheach arna leithdháileadh chuig oibrí sóisialta faoi dheireadh na bliana.
 - 100% de na leanaí faoi chúram altrama arna leithdháileadh chuig oibrí sóisialta faoi dheireadh na bliana.
- Cur chuige caighdeánaithe a chur chun feidhme do bhainistiú agus monatóireacht na gcásanna ag feitheamh ar leithdháileadh. Gnóthófar an méid sin trí chur i bhfeidhm críochnúil na dtairseach, atreorú tráthúil chuig seirbhísí tacaíochta teaghlaigh iomchuí, aird ar chásanna ardriosca a chinntiú agus dúnadh tráthúil cásanna chun tréachur leordhóthanach an tsaothair a éascú.

Córas Faisnéise Cúraim Leanaí Náisiúnta (CFCLN)**Ráiteas Cuspóra**

Is éard is sprioc leis an CFCLN ná córas comhtháite Leasa agus Cosanta Leanaí a chruthú chun tacú le cúram gach leanbh agus chun tacú le bainistiú gach aon chás ón gcéad teagmháil le rannóg oibre sóisialta Tusa síos go dtí dúnadh an cháis.

Tosaíochtaí don bhliain 2016

- Ullmhú d'fhorfheidhmiú CFCLN ar bhunús náisiúnta sa bhliain 2017.
- A chinntiú go mbíonn acmhainní iomchuí i bhfeidhm chun tacú le rolladh amach éifeachtach CFCLN.

Gníomhaíochtaí agus Spriocanna Seirbhíse

- Faomhadh RCPA a shlánú chun pleanáil tionscadail agus don chaiteachas caipitiúil pleanáilte don bhliain 2016 a bhaineann leis an tionscadal.
- Plean tionscadail agus acmhainnithe a tháirgeadh chun céim 2 a fhorfheidhmiú, an CFCLN bonnlíne réid dá rolladh amach go náisiúnta lena n-áirítear próisis ghnó caighdeánacha.
- Nuashonruithe don líonra TFC a chríochnú mar ullmhúchán do rolladh amach an CFCLN chun ullmhacht theicniúil ar bhonn náisiúnta a chinntiú.
- Pleanáil d'asnamh sonraí agus asnamh sonraí a thosú do Limistéir roghnaithe sa bhliain 2016.
- Clár oiliúna CFCLN a fhorbairt do gach úsáideoir an chórais roimh rolladh amach an CFCLN sa bhliain 2017.
- Scaoileadh seirbhíse a sholáthar chun tacú le CFCLN i Limistéar an Mheán-Iarthair.
- Earcú tacaíochta tionscadail agus oibriúcháin don CFCLN.

Seirbhísí um Chúram Malartach**Seirbhísí Cúraim Altrama****Ráiteas Cuspóra**

Tá freagracht reachtúil ar Tusla chun foráil do chosaint agus do chúram leanaí nár thug a dtuismitheoir cosaint agus cúram leordhóthanach nó nach dócha gur féidir leo iad sin a thabhairt. Is faoi chúram altrama atá 90% de na leanaí faoi chúram reachtúil.

Tosaíochtaí don bhliain 2016

- Cur chuige straitéiseach a fhorfheidhmiú do sholáthar an chúraim altrama mar chuid den Straitéis um Chúram Malartach.
- Líon na gcúramóirí altrama le formheas reachtúil a mhéadú.
- A chinntiú go mbíonn oibrí sóisialta leithdháilte do 100% de na leanaí faoi chúram.

Gníomhaíochtaí agus Spriocanna Seirbhíse

- Córais a neartú chun cumas na bpainéal cúraim altrama a mhéadú.
- Líon na gcúramóirí altrama is gaolta a ndearnadh measúnacht orthu a mhéadú chuig 80% faoi dheireadh na bliana.
- Céatadán na gcúramóirí altrama ginearálta le hoibrí naisc leithdháilte a fheabhsú chuig 90% faoi dheireadh na bliana.
- Céatadán na gcúramóirí altrama is gaolta le hoibrí naisc leithdháilte a fheabhsú chuig 85% faoi dheireadh na bliana.
- Comhlíonadh le caighdeáin chúraim altrama a fheabhsú i gcomhar leis an Stiúrthóireacht um Dhearbhu Cáilíochta.
- An tuilleamaíocht ar chúram altrama príobháideach a laghdú trí chur chuige straitéiseach a fhorbairt d'earcú cúramóirí altrama chun a chinntiú go mbíonn soláthar leordhóthanach cúramóirí ann chun éilimh na leanaí faoi chúram a shásamh.
- Tacaíochtaí breise a sholáthar do chúramóirí altrama.
- Tosaíochtaí straitéiseacha a aithint chun seirbhísí cúraim altrama a mhúnlú mar chuid den Straitéis um Chúram Malartach.
- Clár Cúraim Altrama Náisiúnta a bhunú.
- Athbhreithniú a stiúradh ar an bPlean Náisiúnta Fágála agus Iar-Chúraim, ar an Dea-Chleachtas den Choiste Cúraim Altrama agus ar an Lámhleabhar don Chúram Malartach.
- Fóraim do leanaí a bhunú arna gcoimisiúnú ó EPIC.

Seirbhísí Cónaitheacha Ginearálta

Ráiteas Cuspóra

Cuirtear leanaí faoi shocrúcháin chúraim chónaithe chun timpeallacht shábháilte chothaitheach a sholáthar dóibh nuair nach féidir leo cónaí ina mbaile nó i dtimpeallacht teaghlaigh mhalartach ar nós cúraim altrama. Is sna Rialacháin um Chúram Leanaí (Socrúchán Leanaí faoi Chúram Cónaitheach) 1995 a leagtar amach na ceanglais do shocrú linbh in ionad cónaitheach do leanaí agus do reáchtáil na n-ionad sin. Is éard is aidhm leis an gcúram cónaitheach ná chun spás sábháilte ó thaobh na colainne, na mothúcháin agus na síceolaíochta de a sholáthar ar bhealach pleanáilte, inar féidir le leanaí agus daoine óg cneasú, forbairt agus gluaiseacht ar aghaidh ina gcuid beatha. Is féidir le soláthróir reachtúil, saorálach nó príobháideach an cúram cónaitheach a sholáthar.

Tosaíochtaí don bhliain 2016

- Feabhsú na struchtúr bainistíochta agus rialachais sa struchtúr náisiúnta nua don chúram cónaitheach le béim faoi leith ar fheabhsú cháilíocht agus shábháilteacht na seirbhísí.
- Tuilleamaíocht ar chúram cónaitheach a laghdú trí thacaíochtaí diana bunaithe sa phobal a fhorbairt.

Gníomhaíochtaí agus Spriocanna Seirbhíse

- Tuilleamaíocht ar chúram cónaitheach a laghdú trí thacaíochtaí diana bunaithe sa phobal a fhorbairt.
- A chinntiú go mbíonn oibrí sóisialta leithdháilte do gach leanbh faoi chúram agus go mbíonn plean cúraim scríofa fúthu lena n-áirítear tuairisc scoile scríofa ina dtaifeadtar a gcuid gnóthachtálacha reatha agus aon chúnamh a fhéadann bheith de dhíth orthu.
- Meicníocht a fhorbairt chun tuairisciú faoi shláinte agus folláine leanaí faoi chúram.
- Táscaire a fhorbairt do leanaí ag dul faoi chúram den chéad uair le hinscine, aois agus cúis dá gcur faoi chúram a chuimsiú.
- Bearta fadtéarmacha a chur i dtoll a chéile chun a chinntiú go meaitseálar leanaí le suíomhanna iomchuí le bém ar laghdú nó díothú an éilimh ar shocrúcháin chónaitheacha nó eile do leanaí d'aois 12 bliain agus níos óige.
- Athbhreithniú a stiúradh ar oiriúnacht na seirbhísí cónaitheacha reatha do leanaí níos sine le hiompar dúshlánach agus feabhsú chumas na seirbhíse chun a gcuid éileamh a shásamh.
- Córas Faisnéise Náisiúnta do Sheirbhísí Cónaitheacha Leanaí a Fhorfheidhmiú.
- Saothrú comhoibritheach idir Seirbhísí Cónaitheacha Leanaí, An Garda Síochán a fheabhsú lena n-áirítear athstiúradh, promhadh daoine óga agus Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig.

Seirbhísí Iar-Chúraim**Ráiteas Cuspóra**

Soláthraíonn Tusla seirbhísí fágála agus iarchúraim do dhaoine óga ar freagrach agus ábhartha iad d'imthosca gach duine óg faoi Alt 45 den Acht um Chúram Leanaí 1991. Bíonn gach duine óg le stair faoi chúram na Gníomhaireachta i dteideal seirbhís iarchúraim a fháil. Soláthraítear na seirbhísí ar bhunús na measúnachta ar éileamh, aois agus ar an achar ama ina raibh an duine óg faoi chúram.

Tosaíochtaí don bhliain 2016

- An tAcht um Ullmhúchán don Chúram Leanaí (Leasú), 2016.

Gníomhaíochtaí agus Spriocanna Seirbhíse

- Soláthar reatha na seirbhísí iarchúraim a léarscáiliú agus monatóireacht a dhéanamh ar inrochtaineacht na seirbhísí dóibh siúd go léir a bhí faoi chúram nó atá ag ullmhú chun an cúram a fhágáil.
- Athbhreithniú a stiúradh ar na méadrachtaí reatha. Méadrachtaí nua a aithint chun a chinntiú go mbíonn plean iarchúraim ag gach duine óg is incháilithe.
- An caiteachas airgeadais a aithint agus a thuairisciú maidir le seirbhísí tacaíochta iarchúraim, arna dteorannú de réir limistéar caiteachais.

Seirbhísí Uchtála

Ráiteas Cuspóra

Feidhmíonn Tusla ról tábhachtach chun measúnacht a dhéanamh ar thuismitheoirí uchtála féideartha agus soláthraíonn seirbhísí freisin do dhaoine uchtaithe nó a bhíodh ar altramas agus ar mian leo teaghlach a mbreithe a lorg

Tosaíochtaí don bhliain 2016

- Struchtúir a fhorbairt sa tseirbhís uchtála chun comhsheasmhacht agus athchóiriú na seirbhísí uchtála a fheabhsú.
- Na liostaí feithimh do sheirbhísí faisnéise agus aimsithe a laghdú.
- Cartlann eatramhach shlán inrochtana agus lárnaithe a bhunú do chosaint na dtaifead uchtála.

Gníomhaíochtaí agus Spriocanna Seirbhíse

- Bainisteoir Náisiúnta a earcú don tSeirbhís Uchtála.
- Clár Faisnéise Uchtála Náisiúnta a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar cheanglais an tAcht Uchtála (Faisnéis agus Rianú) agus feachtas feasachta poiblí a rolladh amach.
- Lámhleabhar ó Leanaí faoi Chúram chuig Uchtáil a tháirgeadh.
- Athchóiriú leanúnach na seirbhíse uchtála nuabhunaithe náisiúnta a chinntiú agus próiseas gnó caighdeánach a fhorbairt d'fhaisnéis agus aimsiú lena n-áirítear comhad caighdeánaithe.
- Bearta a chur i dtoll a chéile maidir le stóráil agus cosaint eatramhach na dtaifead stairiúil.
- Lárionad a bhunú do chartlannú na dtaifead uchtála.
- Clár oiliúna a fhorbairt chun is go mbeidh foireann na seirbhísí uchtála in ann comhsheasmhacht ina gcleachtadh gairmiúil a fheabhsú.
- Líon na gcliant ar an liosta feithimh i gcomhair faisnéise agus aimsithe a laghdú chuig níos lú ná 200 faoi dheireadh na bliana.
- Na liostaí feithimh do sheirbhísí faisnéise agus aimsithe a laghdú mar seo a leanas:
 - Soláthar faisnéise neamh-aitheanta – sprioc níos lú ná 8 seachtaine faoi dheireadh na bliana
 - Achar feithimh ó iarratas foirmiúil chuig leithdháileadh oibrí shóisialta i gcomhair seirbhíse aimsithe iomláine, arb iad na spriocanna seo a leanas iad: tosaíocht a haon, 3 mhí faoi dheireadh na bliana; tosaíocht a dó, 6 mhí faoi dheireadh na bliana; agus gach iarratas eile 12 mhí faoi dheireadh na bliana.



Aschur Gearrthéarmach Seirbhísí Bunaithe ar Fhianaise

Is í anFhianaise a Mhúnlaíonn gach Próiseas agus Córasn atá mar Bhonn faoi Bheartas agus Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh

Eochair-Ghnóthachtálacha sa bhliain 2015 os coinne Chuspóirí Straitéiseacha agus Gearrthéarmach B

B1.	Catalóg Beartais Náisiúnta chaighdeánaithe a bhunú agus a chothabháil. (Cuspóir Straitéiseach 7) Catalóg beartais curtha i dtoll a chéile anois agus grúpa maoirseachta beartais bunaithe.
B2	An tsamhail Meitheal a fhorfheidhmiú chun seachadadh seirbhíse comhtháite a chumasú tríd an gcosc, comhpháirtíocht agus tacaíocht teaghlaigh. (Cuspóir Straitéiseach 1) Is faoi Aschur C a cheaptar na gnóthachtálacha don ghníomh sin.
B3	Oibríochtaítear beartas agus reachtaíocht an Rialtais agus a gcomhtháthú leis an seachadadh seirbhíse. (Cuspóir Straitéiseach 7) Aighneachtaí taiscthe leis an RLGÓ maidir le tionchar na n-athruithe reachtúla lena n-áirítear Tús Áite do Leanaí, Iar-Chúram, Uchtáil agus Gaolta Teaghlaigh. Tugtar seisiún faisnéisithe don fhoireann maidir leis an Acht um Chaidrimh Theaghlaigh.
B4	Cur chuige straitéiseach a fhorbairt don dearbhú cáilíochta a thacaíonn leis an bhfeabhsú leanúnach agus a chuireann Tusla i bhfeidhm mar eagrais féin-bhreithmheasa agus a shásaíonn ceanglais chomhlíonta. (Cuspóir Straitéiseach 8) Creat don Dearbhú Cáilíochta dréachtaithe agus modheolaíocht iniúchóireachta den scoth forbartha. Tuairiscí foghlamtha maidir le himscrúduithe agus gearáin HIQA forbartha.
B5	Fianaise a ghiniúint chun tacú leis an bhfoghlaim, feabhsú leanúnach, dearadh seirbhíse agus cinnteoireacht. (Cuspóir Straitéiseach 8) Cúig athbhreithniú cáilíochta náisiúnta stiúrtha. Tuairiscí foghlamtha maidir le himscrúduithe agus gearáin HIQA forbartha.

B6.	Meicníochtaí iomchuí a fhorbairt chun rannpháirtíocht a dhéanamh le leanaí agus le heochair-chomhpháirtithe go héifeachtach. (Cuspóir Straitéiseach 3) Is faoi Aschur C a cheaptar na gnóthachtálacha don ghníomh sin.
B7.	Cumas a fhorbairt chun taighde faoin dea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta a cheapadh, a chomhroinnt agus a scaipeadh. (Cuspóir Straitéiseach 7) Straitéis taighde forbartha.
B8.	Feabhsú ár gcóras bainistíochta feasa agus ár gcumais chun tacú le forbairt ár seirbhísí agus ár ndaoine. (Cuspóir Straitéiseach 7) Féach B5 thuas
B9.	Méadrachtaí a fhorbairt chun an chaoi ina bhfuil Tusla ag feidhmiú a léiriú agus chun an tionchar a bhíonn aici ar leanaí, teaghlaigh agus pobail a thomhas. (Cuspóir Straitéiseach 8) Cuíchóiriú agus forbairt méadrachtaí nua curtha i gcrích. Tionscadal méadrachta bunaithe ar aschur coimisiúnaithe.
B10.	Rannpháirteachas agus pearsanú leanaí agus teaghlach a fheabhsú i gceapadh agus in athbhreithniú beartais. (Cuspóir Straitéiseach 3) Is faoi Aschur C a cheaptar na gnóthachtálacha don ghníomh sin.

Réimsí Seirbhíse

Is sa tábla seo a leanas a leagtar amach forbhreathnú ar na réimsí seirbhíse is ábhartha d'Aschur Corparáideach B.

Stiúrtóireacht Beartais agus Straitéise

Ráiteas Cuspóra

Soláthraíonn an Stiúrtóireacht Beartais agus Straitéise feidhm shainiúil chomhairleach don Phríomhfheidhmeannach agus don Lucht Bainistíochta Sinsearach chun pleanáil straitéiseach agus forbairt fhadtéarmach na n-eochairghníomh beartais a mhúnlú chun cuspóirí straitéiseacha an eagrais a ghnóthú.

Tosaíochtaí don bhliain 2016

- Creatlach an rialachais a bhunú chun forbairt chomhsheasmhach beartas, nósanna imeachta, prótacal agus cáipéisí treorach a chinntiú.
- Tús Áite do Leanaí a chur chun feidhme i gcomhréir leis na dátaí tosaithe reachtúla.
- Straitéis um Chúram Malartach a fhorbairt.
- Anailís a stiúradh ar ghrúpaí leochaileacha chun fáil amach an dteastaíonn idirghabhálacha agus tacaíochtaí saindírithe.

Gníomhaíochtaí agus Spriocanna

Straitéis Cosanta agus Leasa Leanaí

- Straitéis Cosanta agus Leasa Leanaí a tháirgeadh lena n-áirítear foghlaim ó gach aon athbhreithniú inmheánach agus seachtrach ar sheirbhísí, ceanglais nua ó Thús Áite do Leanaí agus na dea-chleachtais náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- Is mar chuid d'aimsiú raon feidhme tosaigh do straitéis comhionannais, is amhlaidh a stiúrfar anailís ar ghrúpaí leochaileacha chun fáil amach an dteastaíonn idirghabhálcha agus tacaíochtaí saindirithe.

Forbairt agus Athbhreithniú Beartais

- Grúpa Maoirseachta Beartais Náisiúnta a bhunú chun a chinntiú go mbíonn rialachas éifeachtach ann thar forbairt na mBeartas, Nósanna Imeachta, Prótacal agus Treorach Náisiúnta (BNIPT).
- Iniúchadh ar an gcatalóg beartais reatha agus próiseas struchtúr a bhunú d'athbhreithniú BNIPT i gcomhréir le tosaíochtaí seirbhíse.
- An chumarsáid a fheabhsú i ndáil le forbairt beartais agus a chinntiú go mbíonn rochtain ag an bhfoireann agus an pobal ar gach BNIPT ábhartha.

Tús Áite do Leanaí

- Foireann Tionscadail Forfheidhmiúcháin Náisiúnta a bhunú don Tús Áite do Leanaí agus daoine a ainmniú do Ghrúpa Idir-Rannach um Thús Áite do Leanaí.
- Plean tionscadail a tháirgeadh chun tacú le forfheidhmiú Thús Áite do Leanaí.
- Bearta a chur i dtoll a cheile chun tacú leis na Limistéir chun ullmhú i gcomhair tuairisciú éigeantach lena n-áirítear acmhainní foirne breise do chleachtóirí, riarachán agus bainistíocht, chun aghaidh a thabhairt ar an méadú a bhfuiltear ag dúil leis san éileamh.
- Clár neamh-chomhlíonta le hacmhainní iomchuí a bhunú.
- Tacú le forbairt ráiteas cumhdaigh leanaí go himmheánach agus le heagrais eile araon.
- Faisnéis agus comhairle a tháirgeadh d'eagrais seachtracha lena n-áirítear forbairt acmhainne ríomhfhoghlama maidir leis na ceanglais úra.
- Oifigigh údaraithe laistigh den Ghníomhaireacht a aithint i gcomhréir le Tús Áite do Leanaí.
- Prótacail a fhorbairt do dhaoine le húdarás tugtha dóibh chun cúnamh agus bheith bainteach le nochtadh faisnéise le tríú páirtí.
- Méadrachtaí a shainiú agus a fhorbairt maidir le ceanglais Tús Áite do Leanaí.

Straitéis um Chúram Malartach

- Straitéis um Chúram Malartach a tháirgeadh lena n-áirítear athbhreithniú náisiúnta agus idirnáisiúnta ar an dea-chleachtas agus comhairliúchán forleathan leis na heochair-gheallsealbhóirí. Áireofar leis an straitéis gníomhartha chun an cúram cónaitheach agus an cúram altrama a chur in oiriúint don éileamh eagrúcháin agus don dea-chleachtas.
- Socruithe conartha a bhunú le soláthróirí cúraim altrama phríobháidigh chun costas, toirt agus cáilíocht na seirbhíse a rialú.
- Limistéir thosaíochta den Bheartas Cúraim Mhalartaigh Náisiúnta a athbhreithniú agus a leasú lena n-áirítear an Beartas Iar-Chúraim Náisiúnta chun na forálacha nua sa Bhille um Chúram Leanaí (Leasú) 2015 a léiriú.
- Tuarascáil a tháirgeadh i leith na taithí den chúram altrama i measc cúramóirí altrama, oibrithe sóisialta agus na leanaí faoi chúram.
- Clár cúraim altrama náisiúnta a bhunú
- Tionscnaimh thacúla a fhorbairt chun cuidiú le feabhsú líon na gcúramóirí altrama is gaolta ag fanacht ar mheasúnú.
- Tacú le hoibríochtaí trí phacáistí diantacaíochta pobal-bhunaithe a fhorbairt do leanaí agus go háirithe do dhéagóirí níos sine faoi chúram.
- Samhail diantacaíochta a fhorbairt maidir le socruithe cúraim altrama.
- Méadrachtaí feidhmíochta agus gníomhaíochta nua a fhorfheidhmiú i gcomhréir leis an ráiteas feidhmíochta.
- Taisclann lárnach faoi bhainistiú gairmiúil a bhunú do na taifid i gcomhair gach leanbh faoi chúram lena n-áirítear taifid a cruthaíodh i ngníomhaireachtaí neamhreachtúla.

Taighde

- Coiste Eitice Taighde a bhunú.
- Anailís um Éilimh Thaighde a chomhlánú agus a fhoilsiú.
- Oifig Taighde Náisiúnta le hacmhainní iomchuí a bhunú. Ba cheart go n-áireofaí leis sin aithint deiseanna don chomhshaothrú.
- Réaltaí faisnéise le sannadh i ngach aon Limistéar.
- Raon feidhme a fháil agus tairiscint a eisiúint do staidéar fadaimseartha thar dheich mbliana de dhaoine óg a fhágann an cúram chun a mbealach isteach chuig lánaois a léarscáiliú.

Cleachtóirí agus Tionscnaimh Chleachtais a Chumhachtú

Sraith straitéisí fianaise-bhunaithe a tháirgeadh d'oibrithe sóisialta i gcomhar leis an Lárionad do Sheirbhísí Éifeachtacha.

Stiúrthóireacht um Dhearbhu Cáilíochta**Ráiteas Cuspóra**

Is í an Stiúrthóireacht um Dhearbhu Cáilíochta atá freagrach as stiúradh agus tacú le feabhsú leanúnach agus as seachadadh seirbhísí den scoth ar bhonn comhsheasmhach do gach úsáideoir seirbhíse, beag beann ar shuíomh. Is í an Stiúrthóireacht freisin a fhorbraíonn meicníochtaí chun féin-bhreithmheas a leabú chun a chinntiú gur eagrais feasach dá fheidhm féin atá in Tusla, agus go dtuigeann sé mar a bhfaightear a chuid láidreachtaí agus laigeachtaí agus go dtugann sé aghaidh ar riosca.

Tosaíochtaí don bhliain 2016

- An Creat um Dhearbhu Cáilíochta a fhorfheidhmiú agus an timthriall féin-mheasúnachta a chomhlánú i ngach aon seirbhís de chuid Tusla.
- Athbhreithniú a stiúradh ar chosaint leanaí agus ar leas leanaí sna seirbhísí cúraim chun a dtionchar agus na haschuir a sheachadtar do leanaí leo a mheasúnú.
- Cuir Inis Dúinn i bhfeidhm - córas gearán agus aiseolais Tusla.
- Cleachtais agus córais bhainistíochta riosca agus teagmhais a leabú.
- Córais tuairiscithe agus maoirseachta feidhmíochta comhtháite a fheabhsú.

Gníomhaíochtaí agus Spriocanna*Gnóthaí Tomhaltóirí agus Poiblí*

- Cur i bhfeidhm an bheartais agus an nós imeachta Inis Dúinn i leith gearán agus aiseolais.
- Rolladh amach an mhodúil ghearáin CBTN (Córas Bainistíochta Teagmhas Náisiúnta).
- Stiúradh clár oiliúna gearán do gach leibhéal foirne.
- Bunú cainéal nuálaíoch d'úsáideoir seirbhísí chun gearáin a dhéanamh.
- Suirbhé ar úsáideoirí seirbhíse náisiúnta a stiúradh.
- Tuairiscí sintéise ráithiúla a tháirgeadh bunaithe ar ghearáin agus aiseolas chun seachadadh seirbhíse a fheabhsú.
- Rolladh amach beartas agus nósanna imeachta cosanta do nochtadh agus meon macánta.
- Feabhsú córas Saorála Faisnéise (SF) de chuid Tusla ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil.

Tuairisciú Feidhmíochta, Anailís agus Forbairt Méadrachtaí

- Réiteach TFC a bhunú do léiriú agus anailísiú faisnéise feidhmíochta chun tacú le rolladh amach breise de na deaiseanna feidhmíocht ag leibhéal Limistéir agus seirbhíse.
- Treoir um modheolaíocht athbhreithnithe feidhmíochta a fhoilsiú.
- Méadrachtaí reatha a athbhreithniú agus a chuíchóiriú agus méadrachtaí úra a forbairt de réir mar is gá, lena n-áirítear méadrachtaí aschur-bhunaithe agus na méadrachtaí a iarradh sa ráiteas feidhmíochta.
- Beartas agus nós imeachta i leith rialachais faisnéise a fhorfheidhmiú.

- Athbhreithniú na bliana 2014 ar an Tuarascáil Leordhóthanachta a fhoilsiú agus tuarascáil na bliana 2015 a fhorbairt.
- Córas faisnéise gnó soiléir a bhunú chun tacú le hanailísiú na faisnéise feidhmíochta chun rioscaí, treocheartaí agus deiseanna don fhoghlaím agus don fheabhsú a aithint.

Athbhreithnithe agus Iniúchtaí Cáilíochta, lena n-áirítear monatóireacht ar gach seirbhís Tusla

- An Creat um Dhearbhú Cáilíochta a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear timthriall féin-mheasúnachta iomlán i leith gach seirbhís sa bhliain 2016.
- Athbhreithniú a stiúradh ar chosaint leanaí agus ar leas leanaí sna seirbhísí cúraim chun a dtionchar agus na haschuir a sheachadtar do leanaí leo a mheasúnú.
- An dara hathbhreithniú bliantúil a stiúradh i leith cásanna ag feitheamh ar leithdháileadh do sheirbhísí cosanta agus leasa leanaí.
- Iniúchtaí agus athbhreithnithe téamacha a stiúradh ar sheirbhísí, lena n-áirítear Leas Oideachasúil; Cosc, Comhpháirtíocht agus Tacaíocht Teaghlaigh (CCTT) agus Foréigean Baile Bunaithe ar Ghnéas agus Inscne.
- An tseirbhís monatóireachta reachtúil do sheirbhísí Tusla a athchóiriú agus a chomhtháthú isteach i gcreat foriomlán um dhearbhu cáilíochta.
- An próiseas chun moltaí a rianú ó fhoinsí inmheánacha agus seachtracha a leabú agus a fhorbairt a thuilleadh.

Córais bhainistíochta riosca agus teagmhais

- Beartas agus nós imeachta bainistíochta riosca Tusla a fhorfheidhmiú ar fud na Gníomhaireachta.
- Beartas agus nós imeachta bainistíochta teagmhais Tusla a fhorfheidhmiú ar fud na Gníomhaireachta.
- Rolladh amach iomlán an mhodúil teagmhais CBTN ar fud na Gníomhaireachta.
- Athbhreithniú náisiúnta ar chlár rioscaí a stiúradh.
- Tuairiscí sintéise agus anailíse a tháirgeadh i leith teagmhas agus rioscaí chun seachadadh seirbhíse a fheabhsú ar bhonn ráithiúil.

Clárú agus Imscrúdú Seirbhísí Cónaitheacha Neamh-Reachtúla.

Ráiteas Cuspóra

Is éard is cuspóir leis an tseirbhís Chlárúcháin agus Imscrúdaithe ná chun Lárionaid Chónaitheacha Leanaí Neamh-Reachtúla a imscrúdú faoi Chuid VIII den Acht um Chúram Leanaí 1991.

Tosaíochtaí don bhliain 2016

- Athchóiriú an chlár imscrúdaithe agus monatóireachta do sheirbhísí cónaitheacha príobháideacha agus saorálacha leanaí.
- Feachtais earcaíochta chun cumas na seirbhíse a mhéadú
- Próiseas measúnachta riosca a fhorfheidhmiú agus clár riosca lárionad a bhunú

Gníomhaíochtaí agus Spriocanna Seirbhíse

- Cumas bainistíochta a mhéadú.
- An próiseas clárúcháin agus imscrúdaithe a athchóiriú agus a fheabhsú i gcomhréir leis an dea-chleachtas rialúcháin.
- Clár riosca lárionad a tháirgeadh agus a chothabháil chun a chinntiú go mbíonn an t-imscrúdú bunaithe ar riosca agus arna stiúradh ag faisnéis.
- Clárú gach lárionad cónaitheach príobháideach agus saorálach leanaí a bheidh dlite dá n-athnuachan sa bhliain 2016 a chinntiú.

Aschur Gearrthéarmach

Tacaíocht Teaghlaigh agus Tuismitheoireachta

Réimse Tacaíochtaí Sprocdhírthe Teaghlaigh agus Tuismitheoireachta



Na Príomhrudaí a baineadh amach in 2015 i bhfianaise Chuspóirí Straitéiseacha agus Gearrthéarmacha C

C1.	Tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí trí idirghabhálacha gníomhacha, gníomhaíochtaí trasearnála agus samhail chomhtháite um sheachadadh seirbhíse. (Cuspóir Straitéiseach 1) Cuireadh feabhas ar Choistí Seirbhíse Leanaí agus Daoine Óga trí bhreis comhordaitheoirí a chur ar fáil.
C2.	Forbairt a dhéanamh maidir le soláthar nó coimisiúnú seirbhís síceolaíochta. (Cuspóir Straitéiseach 1)
C3.	An tSeirbhís Mheasúnachta, Comhairliúchán agus Teiripe (ACTS) a Fhorbairt agus a Leathnú. (Cuspóir Straitéiseach 1) Bunaíodh Grúpa Oibríochtaí Náisiúnta de chuid Tusla, FSS agus Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh (CAHMS). Tá pleananna teiripeach ceaptha do gach duine óg atá i gcúram speisialta.
C4.	Straitéis athbhreithnithe um Chúram Malartach a fhorbairt. (Cuspóir Straitéiseach 1) Tá cur síos ar na rudaí a baineadh amach maidir leis an mbeart sin le fáil in Aschur B.
C5.	Straitéis um Choimisiúnú a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. (Cuspóir Straitéiseach 1) Forbraíodh Dréachtstraitéis maidir le Coimisiúnú.
C6.	Sraith chomhtháite sheirbhísí a fhorbairt le tacú le híospartaigh fhoréigin teaghlaigh agus gnéis. (Cuspóir Straitéiseach 1) Struchtúr rialachais náisiúnta a bhunú agus clár um buiséad náisiúnta agus deontais a chomhdhlúthú. Foireann bhreise earcaithe.
C7.	A chinntiú go bhfuil na hIonaid Acmhainní Teaghlaigh rannpháirteach go hiomlán sa Chreat um Sheachadadh Seirbhíse. (Cuspóir Straitéiseach 1) - Samhail na Meithle a chur i bhfeidhm sa chaoi go mbeidh idirghníomhaíocht bhreise idir na hIonaid Acmhainní Teaghlaigh agus seirbhísí áitiúla do leanaí agus teaghlaigh. - Bhunaíodh Clár Náisiúnta Comhairleoireachta.

C8.	Straitéis Tacáochta Tuismitheoireachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm lena chinntiú go mbeidh rochtain éasca, shaoráideach ag daoine ar sheirbhísí. (Cuspóir Straitéiseach 3) Forbraíodh agus foilsíodh an Straitéis um Thacaíocht Tuismitheoireachta. Forbraíodh tacaíochtaí um Rannpháirtíocht Tuismitheoirí.
C9.	Samhail na Meithle a chur i bhfeidhm chun go bhféadfar seirbhís chomhtháite a chur ar fáil trí chosc, comhpháirtíocht agus tacaíocht teaghlaigh (PPFS). (Cuspóir Straitéiseach 1) Cuireadh Samhail na Meithle agus struchtúr foirne i bhfeidhm. Ceapadh Táscairí Feidhmíochta agus sainmhínithe do Mheitheal. Chuir 130 oiliúnóir oilte an Straitéis Oiliúna Náisiúnta chun cinn.
C10.	Na meicníochtaí cuí a fhorbairt chun dul i ngleic le leanaí agus le príomhpháirtithe lárnacha go héifeachtach. (Cuspóir Straitéiseach 3) Bunaíodh Grúpa Oibre Náisiúnta um Rannpháirtíocht. Forbraíodh cáipéisíocht rannpháirtíochta.
	Feabhas a chur ar rannpháirtíocht agus pearsanú leanaí agus teaghlach i gceapadh agus in athbhreithniú beartas. (Cuspóir Straitéiseach 3) Bunaíodh Fóraim do Leanaí faoi Chúram.
	Cigireacht do na Luathbhlianta a thabhairt isteach a bheidh bunaithe ar chlárú agus ar chaighdeán agus a mbeidh tacaíocht aici ó chórais atá bunaithe ar fhaisnéis. (Cuspóir Straitéiseach 8) Bunaíodh struchtúr rialachais náisiúnta. Rinneadh earcaíocht le haghaidh phoist bhainistíochta breise. Tugadh isteach samhlacha nua cigireachta. Tharla méadú 68% ar na rátaí iniúchta.

Réimsí Seirbhíse

Tugann an tábla seo a leanas forbhreathnú ar na réimsí seirbhíse a bhaineann le hAschur Corparáideach C.

Cosc, Comhpháirtíocht agus Tacaíocht Teaghlaigh (PPFS)

Ráiteas faoi Chuspóir

Tá Tusla tiomanta do sheirbhísí ardchaighdeán a sholáthar do leanaí agus do theaghlaigh chomh luath agus is féidir ar gach leibhéal riachtanais. Is éard atá i gceist le PPFS ná cúnamh luath a thabhairt do leanaí agus do theaghlaigh chun nach n-éireoidh cásanna níos measa. Chuige sin ní mór oibriú i gcomhar le teaghlaigh, le gníomhaireachtaí eile agus le daoine gairmiúla chun freagra tapa a thabhairt ar riachtanais pháistí.

Tosaíochtaí don bhliain 2016

- Leanúint ar aghaidh le cur i bhfeidhm shamhail na Meithle laistigh den Eagraíocht agus le heagraíochtaí comhpháirtíochta.
- Straitéis Náisiúnta a fhorbairt maidir le Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga.

Gníomhaíochtaí agus Spriocanna Seirbhíse

Meitheal

- Comhtháthú a dhéanamh ar chlár PPFS a sheachadadh trí struchtúir Tusla atá ann cheana féin agus trí chomhtháthú iomlán a dhéanamh le seirbhísí Tusla um chaomhnú agus leas leanaí agus le seirbhísí malartacha cúraim eile.
- Críochnaigh cur i bhfeidhm struchtúir eagraíochtúla PPFS agus na hacmhainní a bhaineann leo.
- Oiliúint, traenáil agus meántóireacht a chur ar fáil chun Meitheal a chur i bhfeidhm d'fhoireann Tusla agus do ghníomhaireachtaí comhpháirtíochta.
- Líonraí leanaí agus tacaíochta teaghlaigh a bhunú i ngach Ceantar.
- Iniúchadh a dhéanamh ar chur i bhfeidhm PPFS.
- Críochnaigh forbairt agus cur i bhfeidhm na méadrachta agus na bPríomhtháscairí Feidhmíochta do PPFS, lena n-áirítear an mhéadracht a iarradh sa ráiteas feidhmíochta.
- Déan measúnú ar leibhéil éilimh seirbhíse ó ghrúpaí leochaileacha agus forbairt plean seirbhíse ina dhiaidh sin.
- Cuir prótacal chomhéadan Meitheal / obair shóisialta i bhfeidhm go hiomlán.
- Coistí stiúrtha a bhunú faoi gach Coiste Seirbhíse Leanaí agus Daoine Óga.
- Faisnéis a fhoilsiú gach ráithe i ndáil le tacaíochtaí teaghlaigh atá ar fáil.

Rannpháirtíocht

- Soláthraíonn oiliúnóirí oiliúint faoi chleachtas rannpháirtíochta - tá 40 oiliúnóir oilte anois.
- Bunaigh próiseas chun comhairle a sholáthar i ngach limistéar maidir le dul i gcomhairle le daoine óga maidir le polasaithe agus saincheistanna a mbíonn tionchar acu ar a saol - i ngach Limistéir.
- Cuir bailchríoch ar bhunú fóram do leanaí faoi chúram - bunaíodh 17 bhfóram.
- Cuir bailchríoch ar Straitéis Rannpháirtíochta Tusla chun na gealltanais a chomhlíonadh faoin Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht (2015-2020).

- Cruthaigh meicníochtaí chun go mbeidh deis ag leanaí go n-éistfear leo in imeachtaí breithiúnacha a mbeidh tionchar acu orthu, lena n-áirítear trí ionadaithe neamhspleácha nuair is cuí.
- Cairt Náisiúnta Leanaí a fhoilsiú do Tusla.

Tacaíochtaí Tuismitheoireachta

- Déan tuilleadh forbartha ar Thuismitheoireacht de Ló is d'Oíche, Seacht Lá na Seachtaine agus ar straitéis chumarsáide chun inrochtaineacht a mhéadú.
- Foilsigh agus scaip tacar straitéisí um Rannpháirtíocht Tuismitheoirí agus bunaigh critéir náisiúnta maidir le deontais áitiúla maoinithe.

Clár um Ionad Acmhainní Teaghlaigh

Ráiteas faoi Chuspóir

Clár Náisiúnta um Ionad Acmhainní Teaghlaigh

- Tacú le gach Ionad Acmhainne Teaghlaigh chun go mbeidh siad in ann na torthaí is fearr a chinntiú do na daoine óga agus do na teaghlaigh a bhfreastalaíonn siad orthu.

Scéim na nDeontas Comhairleoireachta Náisiúnta

- A chinntiú i gcás gach duine a fhaigheann maoiniú Tusla faoi Scéim na nDeontas Comhairleoireachta go gcuirfidh siad seirbhísí comhairleoireachta den scoth ar fáil.

Tosaíochtaí don bhliain 2016

- A chinntiú go mbeidh Ionaid Acmhainní Teaghlaigh agus clár chomhairleoireachta ina ndlúthchuid de Chreat um Sheachadadh Seirbhíse Tusla.
- A chinntiú go bhfuil na hIonaid Acmhainní Teaghlaigh ullamh le cuidiú leis an gclár um athlonnú dídeanaithe.

Gníomhaíochtaí agus Spriocanna Seirbhíse

- Tús a chur le hathbhreithniú ar mhaoiniú do na hIonaid Acmhainne Teaghlaigh agus d'eagraíochtaí comhairleoireachta lena chinntiú go ndírítear cúnamh deontais ar na heagraíochtaí sin is fearr a chomhlíonann riachtanais na Gníomhaireachta.
- Freagracht as riar na ndeontas comhairleoireachta áitiúla a aistriú chuig na Bainisteoirí Limistéar go léir.
- A chinntiú go mbeidh na hIonaid Acmhainne Teaghlaigh comhtháite sa chlár Meitheal, agus é de sprioc go mbeidh 200 Meitheal ceaptha agus críochnaithe in 2016.
- Na heagraíochtaí comhairleoireachta a chomhtháthú sa chlár Meitheal, agus é de sprioc go mbeidh 50 Meitheal ceaptha agus críochnaithe in 2016.
- Na hIonaid Acmhainne Teaghlaigh a ullmhú chun go gcuideoidh siad le clár athlonnaithe dídeanaithe.

Coistí Seirbhíse Leanaí agus Daoine Óga

Ráiteas faoi Chuspóir

Is é cuspóir an struchtúir atá ag Coiste Seirbhíse Leanaí agus Daoine Óga go mbeidh torthaí níos fearr ag leanaí agus ag daoine óga trí bhíthin obair na n-idirghníomhaireachtaí áitiúla agus náisiúnta agus é sin a dhéanamh trí na príomhsholáthraithe reachtúla, pobail agus deonacha a thabhairt le chéile. Cuireann siad fóram ar fáil le haghaidh comhphleanáil agus comhordú gníomhaíochtaí lena chinntiú go bhfaigheann leanaí, daoine óga agus a dteaghlaigh seirbhísí atá feabhsaithe agus inrochtana. I measc pleananna na gCoistí Seirbhíse Leanaí agus Daoine Óga tá breithniú a dhéanamh ar riachtanais áitiúla atá sna 5 limistéar torthaí atá leagtha amach i *Torthaí Níos Fearr Todhchaí Níos Gile*.

Tosaíochtaí don bhliain 2016

- Coiste Seirbhíse Leanaí agus Daoine Óga a bhunú i ngach ceantar.
- Go mbeidh PPFS agus Meitheal nasctha le hobair na gCoistí Seirbhíse Leanaí agus Daoine Óga.

Gníomhaíochtaí agus Spriocanna

- Bailchríoch a chur ar chruthú na gCoistí Seirbhíse Leanaí agus Daoine Óga ar bhonn náisiúnta.
- A chinntiú go mbeidh na struchtúir cheannaireachta agus tacaíochta chuí ag na Coistí sin go léir.
- Struchtúir a bhunú i 60% de na Coistí Seirbhíse Leanaí agus Daoine Óga a chinnteoidh go mbeidh naisc láidre leis an gclár PPFS faoi dheireadh na bliana.
- Meicníochtaí a chur i bhfeidhm lena chinntiú go n-úsáidfear faisnéis faoi riachtanais áitiúla ó gach Coiste Seirbhíse Leanaí agus Daoine Óga mar eolas do leithdháileadh maoiniúcháin náisiúnta agus áitiúil lena n-áirítear coimisiúnú.
- Pleananna do Dhaoine Óga a fhorbairt ar leibhéal an chontae.
- Creat tuairiscithe a bhunú do na Coistí Seirbhíse Leanaí agus Daoine Óga.
- Treoir a chur i bhfeidhm chun rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i gCoistí Seirbhíse Leanaí agus Daoine Óga a fheabhsú.
- Grúpa stiúrtha PPFS a bhunú i ngach limistéar mar fhoghrúpa de na Coistí Seirbhíse Leanaí agus Daoine Óga.

Coimisiúnú**Ráiteas faoi Chuspóir**

Is é cuspóir phróiseas coimisiúnaithe Tusla ná cur chuige atá sainithe go soiléir a chinntiú maidir le cinneadh conas na hacmhainní iomlána atá ar fáil do leanaí agus teaghlaigh a úsáid chun torthaí a fheabhsú ar an mbealach is éifeachtaí, is éifeachtúla, is cothroime, is comhréirí agus is inbhuanaithe. Cinnteoidh coimisiúnú i Tusla go mbeidh príomhchuspóirí ann maidir le seirbhísí a chuirfidh ar chumas seirbhísí a coimisiúnaíodh a bheidh spriocdhírith, bunaithe ar fhianaise agus ar thorthaí, a sholáthróidh luach ar airgead agus a sheasfaidh an aimsir.

Tosaíochtaí don bhliain 2016

- Cur chuige maidir le coimisiúnú a chur i bhfeidhm i gcás gach eagraíocht atá maoinithe go seachtrach.
- Feabhas a chur ar shocruithe rialachais le heagraíochtaí a fhaigheann maoiniú seachtrach.

Gníomhaíochtaí agus Spriocanna

- Aonad tacaíochta um choimisiúnú a bhunú a mbeidh acmhainní cuí aige.
- Na socruithe rialachais iomchuí agus toscaireachtaí a bhunú maidir le freagrachtaí a choimisiúnú leo siúd a bhfuil buiséid le caitheamh acu.
- Dul i dteagmháil le soláthraithe atá 100% seachtrach a bheidh faoi réir coimisiúnaithe faoi dheireadh na bliana.
- Córas coimisiúnaithe ar líne um bainistíocht seirbhíse a sholáthar agus a chinntiú go bhfuil gach seirbhís coimisiúnaithe gníomhach ar an gcóras faoi dheireadh na bliana.
- Creat torthaí agus Príomhtháscairí Feidhmíochta a fhorbairt maidir le coimisiúnú.
- A chinntiú go mbeidh comhaontuithe seirbhíse ag 100% de sholáthraithe seachtracha faoi dheireadh na bliana.
- Tacaíocht a thabhairt do choimisinéirí maidir le héascú mhargaidh agus coimisiúnú agus ráitis seasamh margaidh a chur ar fáil do cheithre réimse.
- Dean teagmháil leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le cur chuige trasrannach i leith coimisiúnú.
- Cruthaigh cúig shuíomh phíolótacha, lena n-áirítear Foréigean Teaghlaigh, Gnéis agus Inscne, le tacú le Straitéis Coimisiúnaithe a chur ar fáil go hiomlán.

Seirbhísí Teiripeacha Tusla

Seirbhís um Measúnú, Comhairliú agus Teiripe (ACTS)

Ráiteas faoi Chuspóir

Seirbhís speisialaithe chliniciúil náisiúnta is ea ACTS a forbraíodh chun comhairliúchán, measúnú agus idirghabhálacha ildisciplíneach a chur ar fáil atá dírithe ar dhaoine óga a bhfuil iompar ardriosca acu a bhaineann le riachtanais chliniciúla chasta.

Tacaíonn ACTS le gairmithe eile ina gcuid oibre leanúnaí le daoine óga agus lena dteaghlaigh. Bíonn seirbhís síceolaíochta, obair shóisialta, teiripe urlabhra agus teanga, comhairliú andúile agus cúram sóisialta mar chuid den tseirbhís agus oibríonn siad le chéile chun eolas a chur ar fáil do chomhchleachtas.

Tosaíochtaí don bhliain 2016

- Cur le cumas fhoireann ACTS freastal ar riachtanais na leanaí faoi chúram a thagann chucu agus iompar dúshlánach acu.
- Seirbhísí a sholáthar do leanaí a léiríonn iompar díobhálach gnéasach.

Gníomhaíochtaí agus Spriocanna

- Seirbhísí Tusla a bhunú do leanaí agus do dhaoine óga a léiríonn iompar gnéasach díobhálach chun feabhas a chur ar an soláthar ilghníomhaireachta atá ann faoi láthair.
- Seirbhísí teiripeacha a sholáthar ar an láthair do dhaoine óga i suíomhanna slána in Éirinn (Cúram Speisialta agus Scoileanna Coinneála Leanaí) agus pleananna teiripeacha faoi leith a fhorbairt do gach duine óg.
- Tacaíocht a thabhairt de réir mar is cuí do dhaoine óga atá ag filleadh ar an bpobal le cabhrú leo teagmháil a dhéanamh arís le seirbhísí príomhshrutha.
- Idirghabháil chliniciúil agus tacaíocht chórasach a sholáthar don chóras níos leithne um chúram leanaí agus sláinte mheabhrach.
- Comhairliúchán a sholáthar sa phobal do leanaí a bhfuil baol suntasach ann go gcuirfear iad go suíomhanna slána.

Ceartais Óige

Ráiteas faoi Chuspóir

Is é cuspóir an Phlean Gníomhaíochta um Cheartas Óige sochaí níos sábháilte a chruthú trí oibriú i gcomhpháirt chun ciontú na n-ógánach a laghdú trí idirghabhálacha agus naisc le seirbhísí.

Príomhthosaíochtaí 2016

- Páirt a ghlacadh chun an Plean Gníomhaíochta um Cheartas Óige 2014-2018 a chur i gcrích agus monatóireacht a dhéanamh air.
- Seirbhís ACTS a bhunú do Scoil Choinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh agus í a leathnú.

Gníomhaíochtaí agus Spriocanna Seirbhíse

- A chinntiú go ndírítear sna Coistí Seirbhíse Leanaí agus Daoine Óga ar choireacht óige agus ar an gcóras um cheartas óige.
- Dul i dteagmháil le soláthraithe seirbhíse óige eile chun tacaíochtaí um chosc na coiriúlachta a chur chun cinn mar aon le héiteas oibre caighdeánaithe i soláthar seirbhísí don óige lena n-áirítear athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar an *Dréacht-Phrótaicail um Oibriú le Chéile: Oibrithe Sóisialta FSS agus Scoileanna Coinneála Leanaí*.
- Chomhghnásanna oibre a bhunú le Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig maidir le freagrachtaí comhchoiteanna agus freagrachtaí gníomhaireachtaí aonair.

Seirbhísí um Fhoréigean Teaghlaigh, Gnéis agus Inscne

Ráiteas faoi Chuspóir

Cuireann clár na Seirbhísí Náisiúnta um Fhoréigean Gnéis agus Teaghlaigh líne chuntasachta amháin ar fáil le haghaidh seirbhís um Fhoréigean Teaghlaigh, Gnéis agus Inscne atá ag teacht le tiomantais Tusla faoin Dara Straitéis Náisiúnta don earnáil. Cuireann sé maoirseacht agus tacaíocht ar fáil chun seirbhísí éifeachtacha, inrochtana a chur ar fáil mar fhreagra ar riachtanais bhan, fear, leanaí agus teaghlaigh atá ag fulaingt de bharr fhoréigean teaghlaigh agus foréigean gnéis.

Tosaíochtaí don bhliain 2016

- Foireann iomlán a bhunú le haghaidh Seirbhís Náisiúnta um Fhoréigean Teaghlaigh, Gnéis agus Inscne.
- Creat caighdeánach faireacháin agus tuairiscithe a chur i bhfeidhm.
- Tacú le cur i bhfeidhm choinbhinsiúin Iostanbúl.

Gníomhaíochtaí agus Spriocanna Seirbhíse

- Dul i mbun oibre idirghníomhaireachta agus comhoibritheacha le heagrais neamhrialtasacha agus le comhpháirtithe reachtúla chun Foréigean Teaghlaigh, Gnéis agus Inscne a chosc agus freagraí cuí a fhorbairt d'íospartaigh.
- Tacú le cur le cur i bhfeidhm moltaí choinbhinsiún Iostanbúl.
- Córas rialachais agus maoirseachta a chur i bhfeidhm ina mbeidh creat tuairiscithe caighdeánach do sheirbhísí maoinithe a bhíonn ag déileáil le Foréigean Teaghlaigh, Gnéis agus Inscne.
- Cumas faisnéise a bhunú chun tacú le seachadadh na Seirbhísí i leith Seirbhísí Fhoréigean Teaghlaigh, Gnéis agus Inscne.
- An Plean Oiliúna maidir le Foréigean Teaghlaigh, Gnéis agus Inscne a chur i bhfeidhm.
- Prótacail a tháirgeadh maidir le tarchur íospartach chuig seirbhísí tacaíochta agus uathu arís.
- Córas comhtháite náisiúnta ó thaobh sheirbhísí líne chabhrach a bhunú le haghaidh íospartaigh Fhoréigean Teaghlaigh, Gnéis agus Inscne.
- Tacaíocht a sholáthar do leanaí a fheiceann Foréigean Teaghlaigh, Gnéis agus Inscne.
- Rochtain ar sheirbhísí a mhéadú trí sheirbhísí for-rochtana feabhsaithe agus trí sheirbhísí éigeandála breise agus trí áiteanna cóiríochta a dtugtar tacaíocht dóibh.

Easpa Dídine

Ráiteas faoi Chuspóir

Bunaíodh córas Idirchaidrimh maidir le hEaspa Dídine i mí Dheireadh Fómhair 2015 lena chinntiú go gcomhlíonann Tusla a chuid oibleagáidí reachtúla agus cuspóirí eagraíochtúla maidir le heaspa dídine. Tá sé i gceist leis seo dul i dteagmháil le gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha a sholáthraíonn seirbhísí agus tacaíochtaí do leanaí, daoine óga agus teaghlaigh gan dídean.

Tosaíochtaí don bhliain 2016

- Bailchríoch a chur ar an bprótacal maidir le comhoibriú idir Tusla agus an Feidhmeannas do Dhaoine gan Dídean i Réigiún Bhaile Átha Cliath agus é a chur i bhfeidhm.
- Rochtain ar sheirbhísí tacaíochta a chur ar fáil laistigh de na Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh agus Pobail.
- Freagraí cuí a chur ar fáil i gcás na saincheisteanna um chosaint agus leas leanaí a thagann chun cinn laistigh den daonra gan dídean.

Gníomhaíochtaí agus Spriocanna Seirbhíse

- Chomhghnás oibre a bhunú idir Tusla agus an Feidhmeannas do Dhaoine gan Dídean i Réigiún Bhaile Átha Cliath. Déan an comhghnás oibre a leathnú amach go gcuimseoidh sé FSS, an tSeirbhís Leasa Oideachais agus Seirbhísí um Fhoréigean Teaghlaigh, Gnéis agus Inscne. Reáchtáil cruinnithe faisnéise faoin bprótacal comhaontaithe.
- Líonraí a bhunú laistigh d'Ionaid Acmhainní Teaghlaigh trína dtairgfear seirbhísí eolais do theaghlaigh gan dídean.
- Déan anailís ar líon na dteaghlach gan dídean a bhfuil na seirbhísí á rochtain acu chun bonn eolais a sholáthar do sheachadadh na seirbhíse.
- Déan deimhin de go bhfuil rochtain ag teaghlaigh atá gan dídean ar thacaíochtaí atá iomchuí agus comhréireach.
- Déan deimhin de go bhfuil contanam tacaíochta ar fáil do theaghlaigh neamhchónaitheacha ag baint úsáide as creataí náisiúnta mar Mheitheal nuair is féidir.

Rialáil Seirbhísí na Luathbhlianta

Ráiteas faoi Chuspóir

Téarma uileghabhálach is ea Seirbhís Luathbhlianta lena n-áirítear Seirbhísí Réamhscoile. Tá Tusla freagrach as iniúchtaí a dhéanamh ar naíonraí, grúpaí súgartha, naíolanna, creiseanna, cúram lae agus seirbhísí comhchosúla a fhreastalaíonn ar leanaí san aoisghrúpa ó 0 go 6 faoi na Rialacháin um Chúram Leanaí 2006 (Seirbhísí Réamhscoile) 2006.

Tosaíochtaí don bhliain 2016

- Próisis agus córais a chur i bhfeidhm do na rialacháin nua.
- Oifig chlárúcháin lárnach a bhunú.
- Córas TFC a chur i bhfeidhm chun tacú le cigireachtaí bunaithe ar fhaisnéis.
- Gach seirbhís a athchlárú a measadh a bheith cláraithe an 1 Eanáir 2014.

Gníomhaíochtaí agus Spriocanna Seirbhíse

- Gach seirbhís a athchlárú a measadh a bheith cláraithe an 1 Eanáir 2014.
- Creat breithiúnais a chur ar fáil mar aon le beartas iniúchta nua agus nós imeachta nua a bheidh bunaithe ar na rialacháin nua agus iad a chur i bhfeidhm.
- Próisis agus córais nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm mar bhonn taca lena fhreagrachtaí reachtúla (an reachtaíocht phríomhúil agus na rialacháin atá le teacht).
- Bunófar oifig clárúcháin lárnach agus forbrófar córas TFC le tacú le cigireachtaí bunaithe ar fhaisnéis.
- Uirlisí um measúnú iniúchtaí a tháirgeadh agus a chur i bhfeidhm bunaithe ar rialacháin nua.
- Oifig clárúcháin a bhunú a mbeidh na hacmhainní cuí aici agus próisis a chur i bhfeidhm chun seirbhísí idir nua agus reatha a chlárú.
- Bunaigh córas chun gearáin agus fógraí faoi imeachtaí suntasacha a lárú.
- Téigh i mbun comhairliúcháin fhorleathain le lucht na luathbhlianta maidir leis an gcóras clárúcháin agus cigireachta nua.

Seirbhísí Leasa Síceolaíochta

Ráiteas faoi Chuspóir

Faoin Acht Fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013, tá freagracht reachtúil ar Tusla seirbhísí a bhaineann le leas síceolaíoch leanaí agus a dteaghlaigh a chur ar fáil. Déanfaidh an Gníomhaireacht iarracht in 2016 seirbhísí dá leithéid a chur chun cinn.

Tosaíochtaí don bhliain 2016

- A chinntiú go bhfuil cur chuige straitéiseach á ghlacadh maidir le forbairt seirbhísí ar mhaithe le folláine shíceolaíochta leanaí agus teaghlaigh.

Gníomhaíochtaí agus Spriocanna Seirbhíse

- Faigh amach cad é an soláthar seirbhíse reatha ó thaobh seirbhísí síceolaíochta agus teiripeacha.
- Faigh amach cad iad na seirbhísí breise atá riachtanach a bhfuil naisc inléirithe acu le cúram príomhúil, meabhairshláinte agus Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh.
- Déan comhchoimisiúnú le FSS maidir le soláthar seirbhísí chun comhtháthú a áirithiú agus dúbailt a sheachaint.
- Déan rianú agus measúnú ar thionchar na n-idirghabhálacha.



Aschur Gearrthéarmach Oideachas Lánaimseartha a Chur Chun Cinn

Tá tinreamh, rannpháirtíocht agus coinneáil in oideachas lánaimseartha ina ndlúthchuid de sheachadadh seirbhísí do na leanaí go léir.

Na Príomhrudaí a baineadh amach in 2015 i bhfianaise Cuspóirí Straitéiseacha agus Gearrthéarmacha D

D1.	An tSeirbhís reachtúil Leasa Oideachais a fhorbairt i gcomhpháirtíocht le scoileanna agus le tuismitheoirí agus i gcomhthéacs na timpeallachta oideachasúla atá ag teacht chun cinn (Cuspóir Straitéiseach 1). • Neartaíodh Maoirseacht ar Theagmháil Baile, Scoile agus an Phobail trí phlean bliantúil. Dearadh struchtúr nua um bainistiú comhtháite. Tá baill foirne breise um Leas Oideachais ar fáil.
D2.	Bunaigh idirghabhálacha Leasa Oideachais go daingean laistigh den Chreat um Sheachadadh Seirbhíse. (Cuspóir Straitéiseach 1). • Tá méadracht faoin tSeirbhís Leasa Oideachais (SLO) ionchorpraithe anois i dtuarascálacha ráithiúla.
D3.	Tacú go héifeachtach le scoileanna, tuismitheoirí agus páistí i ndáil le rannpháirtíocht in oideachas bíodh sé sin sa scoil nó ar shlí eile. (Cuspóir Straitéiseach 1). • D'fhaomh an Bord dearadh eagraíochta nua don tSeirbhís Leasa Oideachais. Comhairliúchán faoi threoirlínte measúnaithe alt 14. Neartaíodh rialachas an Chláir um Chríochnú Scoile trí chonarthaí maoinithe foirmeálta.
D4.	Cigireacht do na Luathbhlianta a thabhairt isteach a bheidh bunaithe ar chlárú agus ar chaighdeán agus a mbeidh tacaíocht aici ó chórais atá bunaithe ar fhaisnéis. (Cuspóir Straitéiseach 8) • Déantar na rudaí a bhaintear amach don oibríocht seo a ghabháil anois faoi Aschur C.
D5.	Tacú le rannpháirtíocht éifeachtach agus le rudaí a bhaint amach san oideachas i gcás gach leanbh faoi chúram. (Cuspóir Straitéiseach 1).

Réimsí Seirbhíse

Tugann na táblaí seo a leanas forbhreathnú ar na réimsí seirbhíse a bhaineann le hAschur Corparáideach D.

Seirbhísí Leasa Oideachais

Ráiteas faoi Chuspóir

Seirbhís náisiúnta is ea an tSeirbhís Leasa Oideachais a bhfuil freagracht reachtúil uirthi as a chinntiú go bhfreastalaíonn gach leanbh ar scoil nó go bhfaigheann siad oideachas ar shlí eile. Cuimsíonn sí na Seirbhísí Leasa Oideachais reachtúla agus tugann na seirbhísí neamhreachtúla Theagmháil Baile, Scoile agus an Phobail (TBSP) agus an Clár Críochnaithe Scoile (CCS) tacaíocht di.

Tosaíochtaí don bhliain 2016

- An struchtúr comhtháite nua bainistíochta a chur i bhfeidhm.
- Rialachas laistigh den chlár CCS a neartú.
- Leanúint ar aghaidh ag ailíniú na Seirbhíse Leasa Oideachais le Creat um Sheachadadh Seirbhíse Tusla.
- Córais a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar rannpháirtíocht oideachasúil na leanaí go léir atá faoi chúram.

Gníomhaíochtaí agus Spriocanna Seirbhíse

- An struchtúr comhtháite nua bainistíochta a chur i bhfeidhm.
- Plean trí bliana a chur ar fáil don Chlár um Chríochnú Scoile.
- Rialachas laistigh den Chlár Críochnaithe Scoile a neartú.
- Creat torthaí maidir le pleanáil agus meastóireachta a chur ar fáil don Chlár Críochnaithe Scoile.
- Oiliúint maidir le Tús Áite do Leanaí a chur ar fáil d'fhoireann na Seirbhíse Leasa Oideachais.
- Méadracht feidhmíochta agus Príomhtháscairí Feidhmíochta a fhorbairt do na Seirbhísí Leasa Oideachais go léir.
- Prótacal a cheapadh i gcomhar leis na foirne um Chúram Malartach maidir le pleananna oideachais a fhorbairt do leanaí faoi chúram.
- Iarrfar ar an Roinn Oideachais agus Scileanna dul i mbun díospóireachtaí chun rianú a dhéanamh ar fheidhmíocht oideachais leanaí faoi chúram.
- Córas a bhunú chun turais agus torthaí oideachais a thaifeadadh.
- Beartas a chur ar fáil le tacú le as riar tálacha oideachais leanaí leochaileacha.
- Straitéis Tinrimh Scoile a scaipeadh ar na scoileanna go léir.
- Córas TFC a fhorbairt agus a chur ar fáil chun tuairisceáin tinrimh scoile a thaifeadadh.

Oideachas Lasmuigh de na Scoileanna Aitheanta.**Ráiteas faoi Chuspóir**

Tá sé de chúram ag an tSeirbhís Leasa Oideachais faoi Alt 14 den Acht Leasa Oideachais, 2000, a chinntiú go bhfuil leibhéal oideachais íosta á fháil ag na leanaí go léir a bhfuil oideachas á chur orthu sa bhaile nó i scoileanna neamhaitheanta.

Tosaíochtaí don bhliain 2016

- Alt 14 a aistriú chuig an Stiúrthóireacht um Dhearbhu Cáilíochta.
- Leasú a dhéanamh ar phróisis agus ar chórais Alt 14.

Gníomhaíochtaí agus Spriocanna Seirbhíse

- Tuarascáil faoin treoir maidir le measúnú Alt 14 a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna.
- Bailchríoch a chur ar aistriú Alt 14 chuig an Stiúrthóireacht um Dhearbhu Cáilíochta.
- Beartais agus nósanna imeachta nua a cheapadh agus a chur i bhfeidhm le haghaidh chlárú agus measúnú Alt 14

Aschur Gearrthéarmach

Eagraíocht Oiriúnach don Fheidhm

Eagraíocht oiriúnach don fheidhm chun aidhmeanna na Gníomhaireachta a bhaint amach.



Na príomhrudaí a baineadh amach in 2015 i bhfianaise Cuspóirí Straitéiseacha agus Gearrthéarmacha E

E1.	Struchtúir agus próisis na heagraíochta a fhorbairt le tacú le baint amach cuspóirí corparáideacha Tusla. (Cuspóir Straitéiseach 2) Forbraíodh modheolaíocht agus ullmhaíodh tuarascálacha faoi dhul chun cinn gach ráithe.
E2.	Straitéis TFC a fhorbairt, lena n-áirítear leas a bhaint as Seirbhís Bhainistithe. (Cuspóir Straitéiseach 2) Ceapadh bonneagair TFC d'oifig Brunel agus suíomhanna nua.
E3.	Straitéis Náisiúnta Eastát a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. (Cuspóir Straitéiseach 2) Forbraíodh Straitéis Eastát agus cuireadh tús lena cur chun feidhme - críochnaíodh an t-iniúchadh maoine agus bailíochtú fardal na n-eastát.
E4.	Samhail leithdháilte acmhainní a fhorbairt bunaithe ar fhianaise. (Cuspóir Straitéiseach 4) Cuireadh tús le forbairt múnla leithdháilte acmhainní.
E5.	Forbair straitéis um luach ar airgead. (Cuspóir Straitéiseach 4) Fuarthas comhpháirtí straitéiseach chun an straitéis maidir le luach ar airgead a fhorbairt.
E6.	Cur chuige córasach a fhorbairt chun rioscaí a bhainistiú laistigh de réimse sainithe riosca atá inghlactha. (Cuspóir Straitéiseach 8) Bunaíodh próiseas le haghaidh chlár rioscaí agus le haghaidh chlár rioscaí corparáideacha agus stiúrthóireachta. Eisíodh beartas um bainistiú riosca ar mhaithe le cúrsaí comhairliúcháin.
E7.	Próisis airgeadais agus rialachais a fheabhsú. (Cuspóir Straitéiseach 2) - Tá athbhreithniú á dhéanamh ar na rialuithe airgeadais atá ann cheana féin agus tá agus próisis nua á fhorbairt le haghaidh shocrúithe rialachais le gníomhaireachtaí a fhaigheann maoiniú seachtrach. - Cuireadh chéad Ráiteas Airgeadais Bliantúil Tusla ar fáil do 2014 agus ceapadh buiséad ar leith agus córas tuairiscithe le haghaidh Sheirbhísí Cónaithe.

E8.	Córas bainistíochta feidhmíochta a fhorbairt agus a ailíniú le cuspóirí aonair agus le cuspóirí na Gníomhaireachta chun eolas a sholáthar do riachtanais oiliúna agus forbartha. (Cuspóir Straitéiseach 5) • Cuireadh bailchríoch ar anailís ar riachtanais oiliúna i gcomhar le bainisteoirí meánleibhéil chun riachtanais tosaíochta foghlama agus forbartha a aithint agus forbraíodh cúrsaí oiliúna caighdeánaithe nua mar fhreagra ar na riachtanais. • Críochnaíodh Straitéis d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach.
E9.	Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt don fhoireann agus cabhrú leo trí fhorbairt struchtúraithe ghairmiúil agus gairme. (Cuspóir Straitéiseach 5) • Coimisiúnaíodh Cláir Forbartha Ceannaireachta agus cuireadh ar fáil iad do spriocghrúpa bainisteoirí ildisciplíneacha. Bunaíodh seirbhís Folláine agus Sláinte
E10.	Cód iompair a fhorbairt agus a neadú ar gach leibhéal agus laistigh de gach ceann dár bpolasaithe, dár bpleananna agus dár nósanna imeachta. (Cuspóir Straitéiseach 3) • Forbraíodh Cód Iompair Tusla agus Straitéis Tusla i leith Daoine.
E11.	Athchóiriú a dhéanamh ar bheartais earcaíochta agus coinneála lena chinntiú go dtugann siad freagra ar riachtanais eagraíochtúla. (Cuspóir Straitéiseach 5) • Cuireadh seirbhís inmheánach earcaíochta agus athbhreithniú earcaíochta i bhfeidhm agus coimisiúnaíodh plan straitéiseach.
E12.	Oifig seirbhísí dlíthiúla a bhunú chun comhairle agus tacaíocht ardchaighdeán dlíthiúil a chur ar fáil nó a sholáthar a bheidh comhsheasmhach, inrochtana agus éifeachtach ó thaobh costais de. (Cuspóir Straitéiseach 2) • Déileáladh le gach iarratas ar nochtadh agus ar thuairiscí Alt 20 sa chaoi gur cuireadh deireadh le táillí comhalta ina leith. Déileáladh le cúrsaí uile na hArd-Chúirte a d'eascair as imeachtaí cúraim leanaí.
E13.	Straitéis um chumarsáid inmheánach agus seachtrach a fhorbairt. (Cuspóir Straitéiseach 6) • Forbraíodh straitéis chumarsáide.
E14.	Cultúr éifeachtach cumarsáide a leabú ar fud na heagraíochta, a mbeidh tacaíocht aige ó uirlisí oiriúnacha ilmheáin agus uirlisí eile. (Cuspóir Straitéiseach 6) • Chuir an Fhoireann Chumarsáide roinnt tionscnamh i bhfeidhm sa Ghníomhaireacht ar bhealach a bhí éifeachtach ó thaobh costais de agus inrochtana.
E15.	Prótacal a bhunú chun na heastáit agus gach gníomhaíocht a bhaineann le Tusla a bhrandáil. (Cuspóir Straitéiseach 6) • Ullmhaíodh bunachar maoine agus cáipéis tairisceana maidir brandáil punann na n-eastát.

E16.	Suirbhéanna a dhéanamh go rialta ar rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara (Cuspóir Straitéiseach 6)
E17.	Roinnt imeachtaí tábhachtacha a phleanáil i rith na bliana agus tacú leo. (Cuspóir Straitéiseach 6)
E18.	Doiciméid thábhachtacha a bhaineann le gníomhaíochtaí atá á stiúradh ag Tusla a fhoilsiú agus a chur chun cinn. (Cuspóir Straitéiseach 6)
E19.	Feachtas réamhghníomhach a stiúradh sna meáin le cabhrú le scaipeadh faisnéise agus le bainistiú géarchéime (Cuspóir Straitéiseach 6) • Neartaíodh branda na Gníomhaireachta trí fhoilseacháin, ábhair, imeachtaí agus teachtaireachtaí.
E20.	An cumas a fhorbairt chun riachtanais a mheas, seirbhísí a phleanáil go straitéiseach, agus monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar aschur agus ioncaim (Cuspóir Straitéiseach 2)
E21.	Oiliúint ghaolmhar a dhearadh agus a chur ar fáil mar chuid den straitéis fhoriomlán earcaíochta agus coinneála (Cuspóir Straitéiseach 3) • Bunaíodh Foghlaim agus Forbairt an Fhórsa Oibre faoi struchtúr rialachais náisiúnta. Earcaíodh 10 do phoist nua oiliúna agus forbartha agus cuireadh 600 cúrsa ar fáil a raibh 9,000 duine i láthair acu
E22.	Suirbhé bliantúil foirne a dhearadh, a fhorbairt agus a sheoladh d'fhonn rannpháirtíocht na foirne agus líonraí comhairliúcháin a neartú (Cuspóir Straitéiseach 3) • Chríochnaigh an C.E.S. Suirbhé Náisiúnta Oibre Sóisialta ar idirghabhálacha a d'úsáid oibrithe sóisialta nó atá riachtanach dóibh. • Críochnaíodh suirbhé ar líne chun riachtanais foghlama agus forbartha na foirne a aithint maidir le Foréigean Teaghlaigh, Gnéis agus Inscne.
E23.	Plean forbartha gairmiúil a fhorbairt d'oibrithe sóisialta chun níos mó féinrialaithe, cuntasachta agus ceannaireachta gairmiúla a chothú (cuspóir Straitéiseach 5) • Forbraíodh plean forbartha gairmiúil d'oibrithe sóisialta agus bunaíodh Bord Tionscadail chun Cleachtóirí agus Tionscnaimh Chleachtais a Chumhachtú.

Réimsí Seirbhíse

Tugann na táblaí seo a leanas forbhreathnú ar na réimsí seirbhíse a bhaineann le hAschur Corparáideach E.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Ráiteas faoi Chuspóir

Is é cuspóir na Foirne TFC straitéis TFC a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do Tusla agus tacaíocht ó lá go lá a sholáthar chun seirbhísí TFC a chothabháil agus a fheabhsú.

Tosaíochtaí don bhliain 2016

- Straitéis TFC a fhorbairt do Tusla lena n-áirítear samhail oibriúcháin TFC.

Gníomhaíochtaí agus Spriocanna Seirbhíse

- Straitéis TFC a fhorbairt do Tusla lena n-áirítear creat-chomhaontú, iniúchadh bunlíne, anailís ar roghanna agus ar chostais táirgthe, treochlár agus plean feidhmithe.
- Oifig um Bainistíocht Tionscadal TFC a bhunú.
- Sonraíocht TFC agus an tacaíocht theicniúil do sholáthar a lárú.
- Comhaontú Seirbhíse a fhorbairt le TFC FSS chun an candam seirbhíse a sholáthraíonn FSS do Tusla a lua go foirmiúil.
- Slándáil TFC laistigh de Tusla a neartú trí chomhpháirtí seachtrach a fháil.

Eastáit

Ráiteas faoi Chuspóir

Tá Foireann na nEastát freagrach as forbairt agus cur i bhfeidhm straitéise lena chinntiú go bhfuil an cumas is gá ag an nGníomhaireacht chun seirbhísí a sholáthar i dtimpeallacht bharrmhaith agus in áiteanna atá inrochtana ag lucht úsáidte na seirbhísí agus ag an bhfoireann

Tosaíochtaí don bhliain 2016

- An Plean Caipitil a chur ar fáil le déileáil le tosaíochtaí tábhachtacha don bhliain 2016.

Gníomhaíochtaí agus Spriocanna

- Úsáidfear an leithdháileadh caipitil de €13.560m chun na hoibreacha leanúnacha ar chonradh a mhaoiniú ag Ionaid Cúraim Speisialta i bPort Reachrann agus i Leamhcán, Co. Bhaile Átha Cliath
- Déanfar athchóiriú riachtanach agus oibreacha uasghrádaithe ar bhonn tosaíochta ar ionaid seirbhíse ar fud na tíre.
- Cuirfear mionoibreacha caipitil i gcrích chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais práinneacha sláinte agus sábháilteachta, sábháilteacht dóiteáin agus ceanglais chomhlíonta reachtúla.
- Leanfar ar aghaidh ag athsholáthar na bhfeithiclí do sheirbhísí cónaitheacha agus cúraim.

Airgeadas

Ráiteas faoi Chuspóir

Is é cuspóir na Stiúrthóireachta Airgeadais tacú leis an nGníomhaireacht agus cabhrú léi oibriú ar an mbealach is éifeachtúla agus is éifeachtaí is féidir laistigh den mhaoiniú a leithdháileadh agus tá sí freagrach astu seo a leanas:

- Cuntasaíocht, oibríochtaí cisteáin agus tuairiscithe airgeadais a bhainistiú.
- Rialuithe inmheánacha um maolú riosca a fhorbairt agus a bhainistiú chomh maith le tuairiscí a sholáthar ar staid airgeadais Tusla.
- Cur chuige agus córais dea-chleachtais a fhorbairt mar bhonn eolais do leithdháileadh acmhainní agus chun luach ar airgead a fháil.
- Tuairiscí a sheoladh chuig an RLGÓ ar chaiteachas airgid thirim i bhfianaise an mhaoinithe phróifílithe a leithdháileadh.

Tosaíochtaí don bhliain 2016

- Soláthar Bhuiséad na bliana 2016.
- Bunaigh Samhail Leithdháilte Acmhainne Tusla.
- Bunaigh Rialacháin shonracha Airgeadais Tusla.

Gníomhaíochtaí agus Spriocanna

- An buiséad don bhliain 2016 a fhorbairt agus glacadh leis.
- An chéad chéim de shamhail leithdháilte acmhainní Tusla a chur i bhfeidhm agus a úsáid mar bhonn eolais do mhaoiniú a leithdháileadh in 2016.
- Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2015 a chur ar fáil.
- Moltaí ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus Tuarascálacha Iniúchtaí Inmheánacha a chur i bhfeidhm.
- Córais nua íocaíochtaí maidir le liúntais altrama a fhorbairt agus pleanáil a dhéanamh fúthu.
- Foireann nua a earcú de réir an chuntais atá sa tsamhail oibriúcháin airgeadais nua.
- Socruithe rialachais feabhsaithe a chur i bhfeidhm le faighteoirí deontas.
- Rialacháin Airgeadais a bhaineann go sonrach le Tusla a chur i bhfeidhm.
- An próiseas ó cheannach go híocaíocht a fheabhsú tuilleadh.

Acmhainní Daonna

Straitéiseach Acmhainní Daonna

Ráiteas faoi Chuspóir

Is é cuspóir an aonaid Straitéisigh um Acmhainní Daonna a chinntiú go bhfuil cur chuige straitéiseach ann maidir le bainistiú acmhainní daonna agus go mbeidh sé sin ailínithe leis an treo atá beartaithe don eagraíocht amach anseo.

Tosaíochtaí don bhliain 2016

- Plean straitéiseach earcaíochta a fhorbairt.
- Samhail eagraíocht nua a chur i bhfeidhm.
- Plean straitéiseach don fhórsa oibre a fhorbairt.

Gníomhaíochtaí agus Spriocanna

- Straitéis Earcaíochta a cheapadh.
- Modheolaíocht a fhorbairt chun éileamh a thuar agus chun planáil a dhéanamh faoi agus aghaidh a thabhairt air.
- Iniúchadh a dhéanamh ar na scileanna atá in easnamh agus plan a cheapadh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnamh sin.
- Próiseas um bainistiú tallanna a bhunú le hinstitiúidí tríú leibhéal.

Foghlaim agus Forbairt ó thaobh an Fhórsa Oibre de

Ráiteas faoi Chuspóir

Tá an tAonad um Fhorbairt agus Foghlaim ó thaobh an Fhórsa Oibre de freagrach as gníomhaíochtaí foghlama agus forbartha laistigh de Tusla.

Tosaíochtaí don bhliain 2016

- Straitéisí agus tionscnaimh nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun Tusla a fhorbairt mar eagraíocht foghlama.
- Ceannaireacht a fhorbairt i Tusla

Gníomhaíochtaí agus Spriocanna

- Straitéis um fhorbairt leanúnach ghairme Tusla a chur i bhfeidhm.
- Straitéis Foghlama agus Forbartha a cheapadh.
- Bailchríoch a chur ar Chlár Ionduchtúcháin Tusla agus é a chur i bhfeidhm.
- Creat Idirchaidrimh Tríú Leibhéal Tusla a bhunú le CES.
- Córas oiliúna agus meantóireachta a bhunú.
- Dámh Forbartha ceannaireacht Tusla a bhunú agus Cláir um fhorbairt ceannaireachta a chur ar fáil.

Folláine agus Leas Fostaithe

Ráiteas faoi Chuspóir

Cuireann an t-aonad um Fholláine agus Leas Fostaithe na córais agus na próisis ar fáil atá riachtanach le cur ar chumas na mball foirne a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach agus a choinneáil ar bun chun seirbhís ardchaighdeán a sholáthar.

Tosaíochtaí don bhliain 2016

- Cláir Chúnamh d'Fhostaithe a bhunú.
- Straitéis Choinneála Tusla a fhorbairt.

Gníomhaíochtaí agus Spriocanna Seirbhíse

- Clár Cúnamh d'Fhostaithe (CCF) a bhunú agus beartais agus treoirlínte gaolmhara a chur i bhfeidhm.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar Shláinte agus Sábháilteacht ag an Obair.
- An Straitéis um Fholláine Fostaithe a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm.
- Treoirlínte a fhorbairt faoi rochtain a fháil ar sholáthraithe sláinte cheirde.

Bainistiú Earcaíochta agus Tallann

Ráiteas faoi Chuspóir

Is é cuspóir an Aonaid um Bainistiú Earcaíochta agus Tallann maoirseacht a chur ar fáil don phróiseas earcaíochta. Tá an t-aonad seo freagrach as gach gné den straitéis acmhainní daonna; comharbas agus fórsa oibre a phleanáil, daoine a mhealladh chun na heagraíochta agus a choinneáil, folúntais a bhainistiú lena n-áirítear próiseas faofa um Monatóireacht Fostaíochta.

Tosaíochtaí don bhliain 2016

- Córas earcaíochta Tusla a bhunú go hiomlán.
- Straitéis Choinneála Tusla fhorbairt.
- Treoir a fhorbairt le déileáil le gearáin nach bhfuil daoine oiriúnacht le bheith ag cleachtadh.
- Aonad Imréitigh an Gharda Síochána a bhunú do Tusla.

Gníomhaíochtaí agus Spriocanna

- Feabhsaigh an t-am a thógann sé chun baill foirne a cheapadh.
- Leathnaigh ról agus sainchúram Tusla chun daoine a earcú chun go n-áireofar leis gach riachtanas earcaíochta agus gach riachtanas maidir le bainistiú tallann na heagraíochta.
- Straitéis Choinneála Tusla a cheapadh agus a chur i bhfeidhm.
- Prionsabail chaighdeánaithe oibriúcháin a bhunú le déileáil le gearáin nach bhfuil daoine oiriúnacht le bheith ag cleachtadh.
- Aonad Imréitigh an Gharda Síochána a bhunú agus ríomhsheiceáil a chur i bhfeidhm.
- Próisis um bainistiú comharbais a bhunú.
- Déan taighde ar theacht aniar agus ar rannpháirtíocht fostaithe.

Oibríochtaí - Bainistiú na hEagraíochta**Ráiteas faoi Chuspóir**

Tacaíonn Oibríochtaí AD leis na seirbhísí seo a leanas:

- Bainistiú na heagraíochta.
- Faisnéis bhainistíochta.
- Beartais agus nósanna imeachta Acmhainní Daonna.
- Próisis Phárolla.
- Bainistiú Seirbhísí Gnó Sláinte (SBT) maidir le comhaontuithe seirbhíse faoi Sheirbhís Chomhroinnte AD.
- Cur i bhfeidhm na reachtaíochta nua agus Ciorcláin na Roinne.

Tosaíochtaí don bhliain 2016

- Seirbhísí na Stiúrthóireachta um Acmhainní Daonna a fhorbairt agus a fheabhsú.
- Stóras gnó a fhorbairt.

Gníomhaíochtaí agus Spriocanna

- Stóras gnó a fhorbairt chun tuarascálacha bainistíochta a fheabhsú agus nasc a chruthú le tuarascáil ar fheidhmíocht comhtháite na Gníomhaireachta.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an struchtúr iontrála ama agus próiseas cuíchóirithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
- Athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar Chomhaontú Seirbhíse le Seirbhísí Gnó Sláinte.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas párolla agus feabhsuithe a chur i bhfeidhm.

Caidreamh le Fostaithe agus Caidreamh Tionsclaíoch**Ráiteas faoi Chuspóir**

Is é cuspóir an Aonaid um Chaidreamh le Fostaithe agus Caidreamh Tionsclaíoch beartais agus straitéisí a fhorbairt maidir le caidreamh fostaithe chun cuspóirí eagraíochtúla a bhaint amach. Reáchtálann sé idirbheartaíocht freisin le grúpaí ainmnithe ionadaíocha na bhfostaithe.

Tosaíochtaí don bhliain 2016

- Polasaithe ar leith a fhorbairt do Tusla a bhainfidh le fostaithe agus le caidreamh tionsclaíoch.
- Críochnaigh an t-athbhreithniú ar riarachán cléireachais.

Gníomhaíochtaí agus Spriocanna

- Cuir bailchríoch ar bheartas smachta agus ar nós imeachta smachta Tusla.
- Cuir bailchríoch ar bheartas maidir le caidreamh fostaithe don lámhleabhar foirne.
- Fhorbairt bunachar sonraí tionsclaíocha /caidreamh le fostaithe agus coinnigh ar bun é.

Seirbhísí Dlíthiúla

Ráiteas faoi Chuspóir

Is é cuspóir an Aonaid inmheánaigh um Sheirbhísí Dlíthiúla ná seirbhísí dlíthiúla speisialaithe a sholáthair i réimse an dlí um chúram leanaí agus maidir le comhairlí corparáideacha. Déanann an t-aonad comhordú freisin ar obair na 31 bhallghnólacht, foireann na Gníomhaireachta agus an RLGÓ lena áirithiú go bhfuil cur chuige comhsheasmhach agus comhlíontach ann ó thaobh cásanna de agus maidir le cur i bhfeidhm dlíthe, polasaithe agus cleachtais.

Tosaíochtaí don bhliain 2016

- Acmhainní a chur ar fáil do sheirbhísí dlíthiúla inmheánacha d'fhonn caiteachas dlíthiúil a laghdú.
- Struchtúr TFC a fhorbairt le haghaidh seirbhísí dlíthiúla.

Gníomhaíochtaí agus Spriocanna

- Seirbhís dlíthiúil inmheánach a bhunú a mbeidh acmhainní cuí aici chun an méid a chaitear ar chúrsaí dlí a laghdú. Chuige sin beidh sé riachtanach an fhoireann is gá a earcú le déileáil le hualach na gcásanna a aistreofar de bharr an leathnú inmheánach a dhéanfar.
- Maoirseacht a dhéanamh ar bhallghnólachtaí agus comhordú inmheánach a dhéanamh orthu.
- Tús a chur le tionscadail dlíthiúil DNE agus le haistriú na gcomhad DNE ó bhallghnólachtaí chuig foireann inmheánach Tusla.
- Athbhreithnigh an prótacal maidir le táillí abhcóidí agus cloígh leis an nós gan abhcóide a ainmniú ach amháin nuair is gá é sin a dhéanamh agus déan caiteachas DNE a laghdú.
- Bunaigh córas chun athbhreithniú agus anailís a dhéanamh ar fhaisnéis feidhmíochta maidir le seirbhísí dlíthiúla.

Cumarsáid

Ráiteas faoi Chuspóir

Is é cuspóir an aonaid Cumarsáide maoirseacht a dhéanamh ar straitéis chumarsáide na Gníomhaireachta. Cuimsíonn sé sin rannpháirtíocht leis na meáin a bhainistiú agus a chinntiú go bhfuil cur chuige comhsheasmhach ann maidir le cumarsáid agus brandáil idir inmheánach agus sheachtrach.

Tosaíochtaí don bhliain 2016

- Feasacht an phobail a mhéadú faoi fheidhmeanna agus cuspóir Tusla.
- Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar fheidhm na hoifige preasa.
- Próisis a bhunú chun feabhas a chur ar chumarsáid inmheánach.
- Prótacal maidir le brandáil a cheapadh.

Gníomhaíochtaí agus Spriocanna Seirbhíse

- Próisis a bhunú chun feabhas a chur ar chumarsáid inmheánach.
- Prótacal maidir le brandáil a cheapadh.
- Feachtais um fheasacht phoiblí agus feasacht foirne a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir le príomhthionscnaimh na Gníomhaireachta, go háirithe maidir le cosc, comhpháirtíocht agus tacaíocht teaghlaigh (PPFS).

Sláinte agus Sábháilteacht**Ráiteas faoi Chuspóir**

Is é cuspóir an aonaid Sláinte agus Sábháilteachta tacaíocht agus maoirseacht a chur ar fáil maidir le cur chun feidhme an chláir sláinte agus sábháilteachta sa Gníomhaireacht.

Tosaíochtaí don bhliain 2016

- Feidhm sláinte agus sábháilteachta a bhunú laistigh den Gníomhaireacht.
- Clár sláinte agus sábháilteachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Gníomhaíochtaí agus Spriocanna Seirbhíse

- Feidhm sláinte agus sábháilteachta a bhunú laistigh de Tusla a mbeidh na hacmhainní cuí aici le freastal ar na riachtanais eagraíochtúla.
- Anailís a dhéanamh ar na rudaí atá in easnamh ó thaobh clár éifeachtach sláinte agus sábháilteachta a chur i bhfeidhm.
- Na réimsí tosaíochta ón anailís sin a chur i bhfeidhm chun déileáil le haon rioscaí aitheanta.

9.0 CÁILÍOCHT, FEIDHMÍOCHT AGUS RIALACHAS

Tá achoimre sa chuid seo ar na bearta a chuirfear i bhfeidhm in 2016 chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht, cuntasacht a thiomáint chun cinn agus rialachas a fheabhsú.

Maoirseacht Feidhmíochta

Faoi láthair tá roinnt bealaí ceaptha ar an leibhéal náisiúnta chun feidhmíocht a thuairisciú agus maoirseacht a dhéanamh uirthi, ina measc siúd tá:

- Tuarascáil chomhtháite ráithiúil ar fheidhmíocht
- Deasc mhíosúil faoi fheidhmíocht náisiúnta
- Tuarascálacha míosúla faoi acmhainní daonna
- Tuarascálacha míosúla airgeadais
- Grúpaí náisiúnta rialachais

Aithníonn Tusla an tábhacht a bhaineann le cuntasacht agus le dea-rialachas a neartú go leanúnach. D'fhonn socruithe foriomlána maidir le rialachas agus freagracht a fheabhsú in 2016 déanfar creat nuashonraithe feidhmíochta a chur i bhfeidhm ina mbeidh meicníochtaí agus struchtúir bhreise. Leagfar amach sa chreat seo na bealaí a choinneoidh lucht bainistíochta sinsearach Tusla na seirbhísí cuntasach as a gcuid feidhmíochta.

Beidh roinnt foinsí faisnéise agus doiciméad ann a bheidh mar bhunús an chreata feidhmíochta;

- Plean Corparáideach Tusla 2015 - 2017 (ina bhfuil Creat Feidhmíochta an RLGÓ corpraithe).
- Plean gnó Tusla don bhliain 2016 (ina bhfuil Ráiteas Feidhmíochta an RLGÓ corpraithe).
- Pleananna Oibriúcháin.
- Tuarascálacha feidhmíochta (m.sh. tuarascálacha ráithiúla agus léarscáil teasa feidhmíochta)
- Athbhreithnithe agus iniúchtaí ardcháilíochta.
- Cláir riosca, treochtaí maidir le teagmhais agus gearáin agus cloí le Prótacal Luathrabhaidh
- Iniúchtaí seachtracha (m.sh. HIQA agus Cealaíonn Ceann Ceann Eile (OCO)).

Bunófar Grúpa Náisiúnta um Dhearbhú Feidhmíochta chun athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú seirbhísí in aghaidh an chreata feidhmíochta. Beidh údarás tarmligthe foirmiúil ag an ngrúpa seo ón bPríomhfheidhmeannach chun fónamh mar phríomhmheicníocht chuntasachta maidir le feidhmíocht. Coinneoidh an Grúpa Náisiúnta um Dhearbhú Feidhmíochta bhainisteoirí, m.sh. Bainisteoirí Ceantair agus bainisteoirí seirbhíse náisiúnta, atá freagrach as seachadadh oibriúcháin, cuntasach as a gcuid feidhmíochta. Ní chuirfear an próiseas seo in áit ról bainistíochta feidhmíochta na mbainisteoirí líne i bhfeidhmeanna oibríochtúla - déanfaidh sé rialachas agus cuntasacht fhoriomlán a neartú.

Beidh siad seo a leanas ina mbuanchomhaltaí den ghrúpa:

- An Stiúrthóir Náisiúnta Acmhainní Daonna.
- An Stiúrthóir Náisiúnta um Dhearbhú Cáilíochta.
- An Stiúrthóir Náisiúnta Airgeadais.

Buailfidh an grúpa náisiúnta um dhearbhu feidhmíochta gach ráithe le gach réimse seirbhíse

agus le gach seirbhís náisiúnta chun athbhreithniú a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht i bhfianaise critéar a bheidh ceaptha. Beidh príomhaschur na gcrúinnithe sin ina tuarascáil faoi dhearbhu feidhmíochta náisiúnta agus déanfar í a chur faoi bhráid an Phríomhfheidhmeannaigh agus an Bhoird. Seolfaidh Cathaoirleach an ghrúpa saincheisteanna tromchúiseacha feidhmíochta chuig an bPríomhfheidhmeannach.

Rianú an Phlean Gnó in 2016

Déanfar rianú, athbhreithniú agus monatóireacht gach ráithe ar chur i bhfeidhm na dtosaíochtaí seirbhíse agus na ngníomhartha atá leagtha amach i bPlean Gnó na bliana 2016. Tá an teimpléad ar fáil in Aguisín 1 a úsáidfear chun rianú agus monatóireacht a dhéanamh ar Phlean Gnó na bliana 2016. Cuirfear tuairisc bunaithe ar dhul chun cinn i bhfianaise an phlean gnó faoi bhráid an Bhoird agus an RLGÓ gach ráithe.

Rialachas a Neartú

Chuir Tusla roinnt tionscnamh i bhfeidhm in 2015 chun rialachas a neartú ar gach leibhéal san eagraíocht. Ós rud é gur eagraíocht nua é Tusla ní mór dó leanúint ar aghaidh ag forbairt agus ag neartú socruithe rialachais. Díreoidh Tusla in 2016 ar neartú na gcomhpháirteanna lárnacha dea-rialachais a bhaineann le daoine, próisis agus cleachtais. Beidh cuid díobh seo a leanas san áireamh i gcuid de na tionscnaimh:

- Bailchríoch a chur ar chur i bhfeidhm an mhúnla nua eagrúcháin agus struchtúir.
- Cur le ceannaireacht agus le cumas an lucht bainistíochta trí dhaoine a earcú do phoist cheannaireachta lárnacha.
- An tsamhail leithdháilte acmhainní a chur i bhfeidhm chun go ndéanfar acmhainní agus riachtanais a mheaitseáil bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil.
- Neartú a dhéanamh ar bhainistíocht comhtháite riosca agus ar phróisis um dhearbhu cáilíochta ar fud na Gníomhaireachta.
- Próiseas a cheapadh chun beartais agus nósanna imeachta a chur chun feidhme.
- Grúpaí agus coistí a bhunú chun seachadadh seirbhíse, dearbhú cáilíochta agus ar fhorbairt chleachtas a nascadh le chéile chun feabhsú seirbhíse agus bainistíocht riosca a uasmhéadú.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na moltaí ó athbhreithnithe inmheánacha agus seachtracha agus ar an bplean gnímh a ceapadh mar fhreagra orthu ina dhiaidh sin.
- Na dualgais reachtúla agus eile a chomhlíonadh, lena n-áirítear Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2009.

Féinmheastóireacht

Cuirfidh an Gníomhaireacht bearta breise i gcrích in 2016 chun féinmheastóireacht a chur chun cinn agus a fheabhsú nuair a thabharfar a Chreat um Dhearbhú Cáilíochta isteach. Is é cuspóir an Chreata ná sainmhíniú a thabhairt ar cad is cáilíocht ann agus chun cur chuige a cheapadh trínar féidir leis an bhfoireann go léir fianaise a bhailiú, a anailísiú agus a úsáid chun measúnú a dhéanamh, ar bhealach córasach agus comhordaithe, ar chaighdeán na seirbhísí ar leibhéal ar bith san eagraíocht.

Tá Cuspóir Straitéiseach 8 de Phlean Corparáideach Tusla 2015-2017 mar bhonn taca faoin

gCreat agus ag teacht leis:

“Cur chuige straitéiseach a chinntiú maidir le dearbhú cáilíochta, bainistíocht faisnéise agus bainistíocht riosca a thacóidh le feabhas leanúnach agus le dea-rialachas.”

Go háirithe Gníomh 1 faoi Chuspóir Straitéiseach 8:

“Cur chuige straitéiseach a fhorbairt maidir le dearbhú cáilíochta a thacóidh le feabhas leanúnach agus le seasamh Tusla mar eagraíocht a dhéanann féinmheastóireacht agus a chomhlíonann a chuid riachtanas ó thaobh chomhlíontacht rialála.”

Ceann de phríomhchuspóirí an chreata is ea go mbeidh an Ghníomhaireacht ina heagraíocht féineolach a dhéanann féinmheastóireacht, a thuigeann cad iad na láidreachtaí agus na laigí atá ag baint léi, agus a bhfuil cosán soiléir aici i dtreo barr feabhais cáilíochta. Díreofar go príomha agus ar an gcéad dul síos ar sheirbhísí a fheabhsú agus teanga a soláthar a mhíneoidh cad is cáilíocht ann agus conas is féidir í a thomhas. Ba cheart go mbeadh seirbhís chomhsheasmhach ardchaighdeán le fáil ag gach duine a úsáideann an tseirbhís, beag beann ar an áit ina bhfuil siad.

Cinntoidh cur i bhfeidhm an Chreata nach mbeidh an Ghníomhaireacht ag brath ar ghníomhaíocht sheachtrach rialála agus ná ar chigireacht sheachtrach chun dearbhú a sholáthar go bhfuil a chuid seirbhísí sábháilte agus á gcur ar fáil ar chaighdeán ard. Caithfidh muinín a bheith ag an nGníomhaireacht go bhfuil feabhsuithe á ndéanamh agus go bhfuil a creat féin i bhfeidhm aici chun an fheidhm rithábhachtach monatóireachta agus measúnaithe sin a chur ar fáil.

Tá na trí chomhchuid seo a leanas sa Chreat:

- Shainmhíniú ar Cháilíocht
- Measúnú Cáilíochta
- Feabhsú Cáilíochta

Sainmhíniú Cáilíochta

Aithníodh trí phrionsabal cáilíochta a bheidh mar thréithe ag na seirbhísí ardchaighdeán a sholáthraíonn Tusla. Tá cur síos ar na prionsabail sin le fáil i dTábla 9.1.

Prionsabail Cháilíochta

Láraithe ar Dhaoine

Go léirítear urraim do chearta agus do thuairimí leanaí agus teaghlach agus go gcuirtear san áireamh iad nuair a bhíonn seirbhísí á bpleanáil, á seachadadh agus á bhfeabhsú.

Dea-stiúrtha

Go bhfuil córais rialachais, ceannaireachta agus bainistíochta i bhfeidhm a thugann tacaíocht don fhoireann lena chinntiú go gcuirtear seirbhísí comhsheasmhacha agus freagracha ar fáil do leanaí agus do theaghlaigh.

Sábháilte

Deartar agus forbraítear seirbhísí agus cuirtear acmhainní ar fáil dóibh chun na torthaí is fearr agus is sábháilte a chinntiú do pháistí agus do theaghlaigh.

Tábla 9.1: Prionsabail Cháilíochta Tusla

Tá critéir thacaíochta mar bhonn taca le ach ceann de na prionsabail cháilíochta sa chaoi go bhfuil dúshraith ardchaighdeáin ann do sheirbhís sábháilte (Figiúr 9.1).

Féinmheasúnú

Is éard atá i gceist le Féinmheasúnú faoi mar a shainmhíníodh é i gcás Tusla go ndéanfaidh seirbhísí measúnú orthu féin i bhfianaise na gcritéar sonraithe tacaíochta do gach ceann de na trí phrionsabal cáilíochta aitheanta. Is é an réasúnaíocht atá mar bhunús le féin-mheasúnú ná nár chóir go mbeadh na seirbhísí ag brath ar scrúdú seachtrach nó ar chigireacht le cinneadh go bhfuil seirbhís ardchaighdeáin, shábháilte á cur ar fáil nó chun feabhsúcháin a aithint a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil. Ba cheart go mbeadh na próisis seo i bhfeidhm mar ghné lárnach d'aon eagraíocht ardfeidhmíochta.

Cinntoidh féin-mheasúnú na nithe seo a leanas:


- Athbhreithniú ar gach gné d'oibríochtaí na seirbhíse.
- Deis chun go mbeidh úsáideoirí na seirbhíse, baill foirne agus páirtithe leasmhara eile rannpháirteach.
- Léargas cuimsitheach ar cháilíocht agus ar shábháilteacht.
- Treo uileghabhálach agus comhordú uileghabhálach maidir le cáilíocht agus sábháilteacht seirbhísí.
- Deis chun príomhláidreachtaí a aithint agus a cheiliúradh.

Tá uirlis um fhéinmheasúnú forbartha le cabhrú le seirbhísí féinmheasúnú a dhéanamh, agus tá samplaí ann d'fhianaise nó leideanna treoracha. Éascóidh sé seo cinneadh a dhéanamh le féachaint an méid atá na critéir curtha i bhfeidhm.

Feabhsú Cáilíochta

Is beag an mhaith atá i measúnú ann féin agus dá bhrí sin, ní mór próiseas soiléir a chur i bhfeidhm chun feabhsú leanúnach cáilíochta a dhéanamh. Is é an príomhthoradh a ba cheart a

bheith ar aon mheasúnú ná plean ardchaighdeáin um fheabhsú cáilíochta. Tabharfar aghaidh sa phlean ar réimsí atá le feabhsú agus ar easnaimh, ach freisin tógfar ar bhonn na láidreachtaí a aithníodh sa bhfianaise a tugadh mar chuid den fhéinmheastóireacht.




Tábla 9.1: Prionsabail cháilíochta agus tuairisceoirí a aithníodh le haghaidh Tusla

Na Chéad Chéimeanna Eile in 2016


Beidh roinnt céimeanna le glacadh in 2016 chun tacú le cur chun feidhme an chreata, áirítear orthu sin:

- Bailchríoch a chur ar rannpháirtíocht agus ar chomhairliúchán leis an bhfoireann agus le páirtithe leasmhara maidir leis an ábhar agus na próisis atá mar bhonn agus mar thaca leis an gcreat.
- Clár píolótach a reáchtáil i réimsí seirbhíse a roghnófar chun an creat a bheachtú a thuilleadh.
- An creat a chur i gcrích go hiomlán; lena n-áirítear oiliúint a sholáthar do bhaill foirne agus meicníochtaí tacaíochta eile a cheapadh.
- Timthriall féinmheasúnaithe iomlán a chur i gcrích i bhfianaise an chreata i ngach réimse seirbhíse.



AGUISÍN I - PLEAN UM RIANÚ DUL CHUN CINN SA PHLEAN GNÓ

ASCHUR A: Tugann na próisis agus na córais um chosaint leanaí atá ag Tusla freagra tráthúil ar leanaí atá i mbaol.						
	Réimsí Seirbhíse	Tosaíochtaí	Gníomhartha	Spríocanna Feidhmíochta / Méadracht	Dlíte	Nuashonrú Ráithiúil
Oibríochtaí A1	Cosaint agus Leas Leanaí	A chinntiú go bhfuil cur chuige comhsheasmhach, éifeachtúil, éifeachtach agus comhréireach ann maidir le freagra a thabhairt ar atreoruithe.				
		Laghú spriocdhírithhe náisiúnta 60% a dhéanamh ar chásanna ina bhfuiltear ag feitheamh go ndéanfar leithdháileadh ina leith.				
Oibríochtaí A3	Seirbhísí Cúraim Altramaí	Líon na gcúramóirí altrama reachtúla ceadaithe a mhéadú.				
Oibríochtaí A4		Feabhas a chur ar an gcéatadán de chúramóirí altrama ginearálta a bhfuil nasc-oibrí leithdháilte chucu agus socruithe tacaíochta eile acu.				
Oibríochtaí A5		A chinntiú go mbeidh oibrí sóisialta leithdháilte do na leanaí go léir atá faoi chúram.				





An Ghníomhaireacht um
Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency